Coimisiún na Meán

# Doiciméad Comhairliúcháin: Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin

Dáta foilsithe: 28 Meán Fómhair 2026
Spriocdáta do fhreagraí: 9 Samhain 2026

Tá eolas sa doiciméad seo maidir le:

1. An Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin agus Bearta Rialála

# Tábla

**CUID 1 – NÓS IMEACHTA COMHAIRLIÚCHÁIN** **4**

1.1 Réamhrá 4

1.2. Cuspóir an Chomhairliúcháin seo 4

1.3 Maidir leis an gComhairliúchán seo 5

1.4 Conas Aighneacht a Dhéanamh 6

1.5 Foilsiú Aighneachtaí 6

1.6 Sonraí Pearsanta 6

1.7 Faisnéis Rúnda 7

1.8 Saoráil Faisnéise 7

1.9 Na Chéad Chéimeanna Eile 7

**CUID 2 – AN CÚLRA LEIS AN gCOMHAIRLIÚCHÁN** **8**

2.1 Foilsiú an SSC 8

2.2 Athbhreithniú ar SSC 9

2.2.1 Stáisiún Raidió Cuasanáisiúnta Gaeilge don Óige – Staidéar Indéantachta 9
2.2.2 Taighde an Ghrúpa Fócais agus an Ógra 9
2.2.3 Taighde ar an Lucht Féachana/Éisteachta 10
2.2.4 Anailís Mhargaidh agus Eacnamaíoch 10
2.2.5 Glao ar Léirithe Spéise 11
2.2.6 Comhairliúcháin Spriocdhírithe 12

**CUID 3 – COMHTHÉACS SSC** **14**

3.1 Comhthéacs Reachtach 14

3.2 An Comhthéacs maidir le Lucht Féachana/Éisteachta agus an Margadh 15

3.2.1 Úsáid na meán ag lucht féachana/éisteachta Éireannach 15
3.2.2 Ionchais an lucht féachana/éisteachta maidir leis na meáin in Éirinn 16
3.2.3 Raidió agus an tírdhreach fuaime amach anseo 17
3.2.4 DAB+ a thuiscint 19
3.2.5 An tábhacht a bhaineann leis na meáin áitiúla 20
3.2.6 Teilifís agus an tírdhreach closamhairc amach anseo 22
3.2.7 Litearthacht sna Meáin 24
3.2.8 Soláthar Il-ardáin & Rialáil bunaithe ar Thorthaí 25

| | | |
|---|---|---|
| 3.2.9 | Inbhuanaitheacht Craoltóirí Neamhspleácha Éireannacha | 26 |
| 3.2.10 | Intleacht Shaorga sa Chraoltóireacht a Thuiscint | 27 |
| 3.2.11 | An Creat Rialála Amach Anseo | 29 |
| **CUID 4 – Tograí maidir le SSC** | | **31** |
| 4.1 | Prionsabail Ghinearálta | 31 |
| 4.2. | Cuspóirí SSC | 32 |
| 4.3 | Ceadúnú Raidió amach anseo (FM agus DAB+) | 33 |
| 4.3.1 | Ceadúnú Raidió Tráchtála (FM) | 34 |
| 4.3.2 | Ceadúnú Raidió Sealadach (FM) | 34 |
| 4.3.3 | Ceadúnú Raidió Pobail (FM) | 34 |
| 4.3.4 | Conarthaí Raidió Dhigitigh | 35 |
| 4.3.5 | Craoladh Digiteach Fuaime (DAB+) | 35 |
| 4.3.6 | Infheictheacht agus Cur Cun Cinn Raidió | 36 |
| 4.3.7 Ábhair Machnaimh | | 36 |
| 4.4 | Áitiúlachas, Réigiúnachas agus Luach Pobail | 38 |
| 4.5 | Ceadúnú Teilifíse Amach Anseo | 39 |
| 4.6 | Rialáil bunaithe ar Thorthaí agus Seachadadh Ilardáin | 40 |
| 4.7 | Intleacht Shaorga agus Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn | 42 |
| 4.8 | An Creat Rialála Amach Anseo | 43 |
| **Aguisín a hAon** | | **44** |
| Achoimre ar na Tograí | | 44 |
| **Aguisín a Dó** | | **47** |
| Liosta na gCeisteanna Comhairliúcháin | | 47 |
| **Aguisín a Trí** | | **50** |
| Liosta na seirbhísí ceadúnaithe | | 50 |
| **Aguisín a Ceathair** | | **52** |
| Liosta doiciméadachta gaolmhaire | | 52 |
| **Aguisín a Cúig** | | **53** |
| Liosta téarmaíochta | | 53 |

# CUID 1 – NÓS IMEACHTA COMHAIRLIÚCHÁIN

## 1.1 Réamhrá

Is é Coimisiún na Meán ("an Coimisiún") ghníomhaireacht neamhspleách na hÉireann a fhorbraíonn agus a rialaíonn tírdhreach meán atá rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa. Tá freagracht reachtúil air as craoltóireacht, sábháilteacht ar líne, iolracht na meán, forbairt na meán agus seirbhísí meán fuaime agus closamhairc.

Áirítear leis an gcreat reachtach faoina bhfeidhmíonn an Coimisiún chun na meáin agus seirbhísí ar líne a rialáil agus chun tacú leo:

- an tAcht Craolacháin 2009 ("Acht 2009"), lena ndéantar foráil maidir leis an gCoimisiún a bhunú agus lena dtugtar raon feidhmeanna agus cumhachtaí dó,
- an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc ("AVMSD"), lena leagtar amach creat chun seirbhísí meán closamhairc a rialáil,
- an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha ("GSD"), chun timpeallacht ar líne atá sábháilte, intuartha, agus ar féidir brath air a chinntiú, agus
- an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán ("EMFA"), chun iolrachas na meán agus neamhspleáchas eagarthóireachta a choimirciú.

Faoi Acht 2009, tá an Coimisiún freagrach as seirbhísí craolacháin neamhspleácha a cheadúnú agus a rialáil (sa bhreis ar na cinn a chuireann na meáin seirbhíse poiblí RTÉ & TG4 ar fáil) in Éirinn.

Sainaithnítear tírdhreach meán inbhuanaithe, iolraíoch agus rannpháirteach a fhorbairt mar thoradh straitéiseach tábhachtach i Ráiteas Straitéise 2025-2027 an Choimisiúin. Ceann de na príomhbhealaí a dtacaíonn an Coimisiún le hiolracht na meán agus a gcuireann se iolrachas na meán chun cinn is ea craoltóirí a cheadúnú, chun a thorthaí straitéiseacha a bhaint amach maidir le daonlathas, cultúr agus meáin na hÉireann, agus éagsúlacht agus ionchuimsitheacht.

## 1.2. Cuspóir an Chomhairliúcháin seo

Tá an Coimisiún ag tabhairt faoi athbhreithniú ar a Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin ('SSC') faoi láthair. Tá sé de phríomhchuspóir ag SSC treoir shoiléir a leagan amach maidir le cur chuige an Choimisiúin i leith seirbhísí craolacháin (raidió agus teilifíse) a cheadúnú agus eolas a dhéanamh dá chuid pleananna ceadúnaithe don tréimhse ilbhliantúil amach romhainn.

Tugtar breac-chuntas sa dhoiciméad comhairliúcháin seo ar thorthaí an phróisis athbhreithnithe go dtí seo agus cuirtear réamhthuairimí an Choimisiúin i láthair ar raon tograí maidir le beartas ceadúnaithe le haghaidh comhairliúcháin.

Foilsíodh an SSC reatha in 2018. Tá athrú mór tagtha ar thírdhreach na meán ó shin i leith. Tá athrú tagtha ar iompraíochtaí an lucht féachana/éisteachta, tá teicneolaíochtaí agus modhanna dáileacháin nua tagtha chun cinn, tá craoltóirí ag feidhmiú níos mó agus níos mó mar sholáthraithe meán ilardáin; agus tá an iomaíocht ó sheirbhísí digiteacha domhanda tar éis géarú.

Is é cuspóir an chomhairliúcháin seo ná tuairimí a lorg maidir le treo an cheadúnaithe agus an chreata rialála a bhaineann leis in Éirinn amach anseo. Cuireann sé leis an taighde fairsing ar an lucht

féachana/éisteachta, anailís mhargaidh, rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus measúnuithe teicniúla a rinne an Coimisiún le linn 2025 agus 2026.

Tá tuairimí á lorg sa chomhairliúchán ar na tograí SSC seo a leanas:

- Prionsabail ghinearálta an SSC;
- Cuspóirí an SSC;
- Ceadúnú raidió amach anseo (FM agus DAB+);
- Áitiúlachas, réigiúnachas agus luach pobail;
- Ceadúnú teilifíse amach anseo (analóg, DTT agus IPTV);
- Rialáil bunaithe ar thorthaí agus ábhar ilardáin;
- Intleacht shaorga ("IS") agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn; agus
- An creat rialála amach anseo.

Beidh na freagraí a gheofar mar bhonn eolais don SSC athbhreithnithe, a bhfuil coinne leis a fhoilseofar faoi dheireadh 2026.

## 1.3 Maidir leis an gComhairliúchán seo

Tá an Coimisiún ag lorg aighneachtaí ó dhaoine den phobal, craoltóirí, páirtithe leasmhara sa tionscal, eagraíochtaí meán pobail, grúpaí sochaí sibhialta agus comhlachtaí poiblí.

Tá an doiciméad comhairliúcháin seo roinnte ina ceithre chuid:

- ➢ Mínítear an nós imeachta comhairliúcháin i gCuid 1;
- ➢ Mínítear an cúlra leis an gcomhairliúchán i gCuid 2;
- ➢ Leagtar amach an comhthéacs don SSC i gCuid 3; agus
- ➢ Leagtar amach tograí an SSC agus na ceisteanna sa chomhairliúchán i gCuid 4.

Ar mhaithe le héascaíocht tagartha, tá Cuid 4 den doiciméad seo eagraithe faoi na ceannteidil chomhairliúcháin sa liosta thuas. Leagtar amach na tograí ábhartha SSC i ngach cuid agus tá ceisteanna ann faoi na tograí sin agus nithe gaolmhara.

Tar éis breithniú a dhéanamh ar na haighneachtaí a gheofar, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil faoin gcomhairliúchán agus úsáidfidh sé na torthaí chun an SSC athbhreithnithe a fhorbairt.

## 1.4 Conas Aighneacht a Dhéanamh

Iarrann an Coimisiún ort do chuid freagraí ar na ceisteanna comhairliúcháin a chur isteach faoi **12 meán lae Luain, an 9 Samhain 2026.**

***Ní gá do fhreagróirí gach ceist chomhairliúcháin a fhreagairt.***
***Iarrtar ort freagra a thabhairt ar na ceisteanna a***
***bhaineann le do thaithí, saineolas nó ábhair spéise, agus na ceisteanna sin amháin.***

Is féidir leat do fhreagraí a sheoladh ar ríomhphost chuig bss@cnam.ie, nó is féidir freagraí poist a chur isteach chuig:

Comhairliúchán SSC,
Coimisiún na Meán,
1 Foirgnimh Shíol Bhroin,
Bóthar Shíol Bhroin,
Baile Átha Cliath 4,
D04 NP20.

Má tá aon cheist agat maidir leis an gcomhairliúchán seo, seol ríomhphost chuig bss@cnam.ie nó cuir glaoch ar (+353) 01 644 1200.

## 1.5 Foilsiú Aighneachtaí

Foilseoidh an Coimisiún Tuarascál Freagraí don Chomhairlúcháin: Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin in éineacht leis an doiciméad SSC deiridh. Féadfaidh an Coimisiún aighneachtaí aonair a fuarthas mar fhreagra ar an gcomhairliúchán seo a fhoilsiú freisin.

## 1.6 Sonraí Pearsanta

Comhlíonfaidh an Coimisiún a oibleagáidí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (“RGCS”), faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus faoi aon dlíthe agus rialacháin eile is infheidhme maidir le príobháideachas sonraí.

Tá oibleagáid ar an gCoimisiún agus tá sé tiomanta do na sonraí pearsanta uile a chuirtear isteach a chosaint. Cheap an Coimisiún Oifigeach Cosanta Sonraí atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil ar an gcaoi a bpróiseálann an Coimisiún faisnéis phearsanta i mbeartas foilsithe an Choimisiúin ag: Cosaint agus príobháideachas sonraí.

Don phróiseas comhairliúcháin seo, baileoidh an Coimisiún an t-ainm, an seoladh ríomhphoist agus aon fhaisnéis phearsanta eile a chuimsítear i do fhreagra. Ní chuirfidh an Coimisiún do shonraí teagmhála ar fáil go poiblí, amhail do sheoladh, d’uimhir theileafóin nó do ríomhphost.

Ní bhainfear úsáid as an bhfaisnéis a bhaileofar ach chun críocha an chomhairliúcháin seo agus ní chun críche ar bith eile. Ní choinneofar sonraí pearsanta tar éis an SSC athbhreithnithe a fhoilsiú.

## 1.7 Faisnéis Rúnda

Caithfidh freagróirí aon fhaisnéis rúnda in iarscríbhinn a ghabhann le haighneacht i scríbhinn nó mar cheangaltán a shainaithint go soiléir má chuireann siad aighneacht isteach ar líne nó trí ríomhphost. Déileálfaidh an Coimisiún le faisnéis rúnda i gcomhréir lena Threoirlínte Comhairliúcháin.

## 1.8 Saoráil Faisnéise

Tá faisnéis atá i seilbh an Choimisiúin faoi réir a oibleagáidí faoin dlí, lena n-áirítear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leat faoi fhaisnéis a mharcálann tú mar fhaisnéis rúnda sula ndéanfaidh sé cinneadh faoi aon iarratas ar Shaoráil Faisnéise a fhaightear.

## 1.9 Na Chéad Chéimeanna Eile

Beidh an comhairliúchán seo oscailte ar feadh **sé (6) seachtaine**. Tugann an Coimisiún cuireadh do pháirtithe leasmhara freagra a thabhairt sula ndúnann an comhairliúchán agus aon cheann nó gach ceann de na ceisteanna i gCuid 4 den doiciméad seo a fhreagairt.

Nuair a dhúnfar an comhairliúchán, déanfaimid machnamh ar na freagraí a bheidh faighte agus foilseoimid Tuarascál Freagraí don Chomhairlúcháin, ina dtabharfar achoimre ar na freagraí agus ina leagfar amach Tograí SSC deiridh an Choimisiúin.

Míneofar sa tuarascáil sin cé acu ar chuir aon cheann de na freagraí athrú ar na tograí a leagtar amach i gCuid 4 den doiciméad seo.

Tá sé mar aidhm againn an SSC deiridh, mar a bheidh formheasta ag an gCoimisiún, a fhoilsiú faoi dheireadh 2026. Tá sé i gceist ag an gCoimisiún doiciméad eile a fhoilsiú in 2027 freisin, *Bearta Rialála* athbhreithnithe, chun treoir a thabhairt faoi raon beart rialála atá i bhfeidhm maidir le craoltóirí ceadúnaithe agus a gcuid seirbhísí.

# CUID 2 – AN CÚLRA LEIS AN gCOMHAIRLIÚCHÁN

## 2.1 Foilsiú an SSC

Foilsíodh an SSC reatha in 2018 tar éis taighde, comhairliúchán spriocdhírithe agus comhairliúchán poiblí a dhéanamh. Ceann de phríomhaidhmeanna SSC is ea forbairt earnála craolacháin neamhspleách atá freagrach, bríomhar, freagrúil agus inbhuanaithe a éascú, earnáil a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, agus éagsúlacht chultúrtha mhéadaitheach a lucht féachana nó éisteachta á cur san áireamh. D'fhoilsigh an Coimisiún an doiciméad *Bearta Rialála* freisin inar tugadh mionsonraí faoi na cleachtais rialála atá le cur chun feidhme le linn gníomhaíochtaí ceadúnaithe nó mar bhonn eolais d'éagsúlachtaí conartha tar éis ceadúnú, chun cleachtais agus nósanna imeachta ceadúnaithe níos freagrúla a chumasú.[1]

Éagsúlacht san ábhar, sa chlársceidealú, san fhaisnéis, san oideachas agus sa tsiamsaíocht don lucht féachana agus don lucht éisteachta, chomh maith le hábhar ardchaighdeáin, nuálach agus ábhartha a chur ar fáil do lucht féachana na hÉireann, tá siad sin uile lárnach don sprioc cuspóra poiblí seo. Meastar freisin go bhfuil sé ríthábhachtach iolracht úinéireachta, ábhair agus dearcaidh a choinneáil ar bun i seirbhísí craolacháin.

Ó foilsíodh an SSC reatha, tá athrú ollmhór tagtha ar éiceachóras na meán, dinimic an mhargaidh, ról agus luach na meán neamhspleách, agus roghanna, ábhair spéise agus riachtanais an lucht féachana/éisteachta. Ní mór fás agus acmhainneacht na hearnála amach anseo a chur san áireamh sa chomhthéacs seo. Tabharfaidh an SSC athbhreithnithe léiriú ar na hathruithe sin, caithfidh sí súil chun cinn, agus déanfaidh sí fís an Choimisiúin don earnáil agus do phobal na hÉireann a chumasú.

Tá athrú ollmhór tagtha ar a bhfuil i gceist le craoltóireacht le linn na tréimhse seo freisin. Tá craoltóirí ceadúnaithe ag oibriú níos mó agus níos mó mar sholáthraithe meán ilardáin, agus ábhar á sheachadadh acu ar raon cainéal dáileacháin, lena n-áirítear ardáin chraolacháin thraidisiúnta, seirbhísí sruthaithe, suíomhanna gréasáin, podchraoltaí, ardáin meán sóisialta, seirbhísí teilifíse nasctha/cliste, agus Físeán ar Éileamh.

Mar thoradh air sin, tá rannpháirtíocht an lucht féachana/éisteachta le brandaí meán ag éirí níos neodraí ó thaobh an ardáin de, rud a fhágann nach mór don bheartas ceadúnaithe agus rialála breathnú ar an éiceachóras meán níos leithne, seachas ar theicneolaíochtaí nó ardáin dáileacháin ina n-aonar.

Ag an am céanna, tá craoltóirí ceadúnaithe ag oibriú i dtimpeallacht atá cuid mhaith níos iomaíche, agus iad ag dul in iomaíocht go díreach le seirbhísí sruthaithe idirnáisiúnta, ardáin meán sóisialta, soláthraithe seirbhísí digiteacha fuaime, agus seirbhísí comhroinnte físeán le haghaidh aird an lucht féachana/éisteachta, caiteachas fógraíochta agus infheistíocht in ábhar. Tá impleachtaí ag na hathruithe struchtúracha seo d'iompair an lucht féachana/éisteachta, d'inbhuanaitheacht ioncaim, do chumas an mhargaidh, agus d'fhorbairt seirbhísí amach anseo.

Dá bharr sin, tá cuspóirí SSC ábhartha i gcónaí agus ag éirí níos tábhachtaí an t-am ar fad, i bhfianaise ról claochlaitheach na meán neamhspleách in éiceachóras na meán sa lá atá inniu ann atá ag athrú go tapa.

---

[1] Bearta-Rialála-Ceadúnaithe.pdf

## 2.2 Athbhreithniú ar SSC

Chuir an Coimisiún tús le hathbhreithniú ar a SSC reatha in 2025. Bhí roinnt gníomhaíochtaí comhairliúcháin agus taighde i gceist leis an athbhreithniú sin, mar seo a leanas:

### 2.2.1 Stáisiún Raidió Cuasanáisiúnta Gaeilge don Óige – Staidéar Indéantachta

In 2025, choimisiúnaigh an Coimisiún na sainchomhairleoirí Oliver & Ohlbaum Associates Limited ("O&O") le tabhairt faoi staidéar indéantachta chun fiosrú a dhéanamh ar roghanna chun stáisiún raidió Gaeilge a bhunú don óige trí chomhthairiscint FM agus dhigiteach. Tacaíonn an staidéar leis an gcuspóir atá i Straitéis 20 Bliain an Rialtais don Ghaeilge 2010-2030 *'méadú a dhéanamh ar líon na ndaoine a úsáideann seirbhísí Stáit trí mheán na Gaeilge agus atá in ann rochtain a fháil ar an teilifís, ar an raidió agus ar na meáin chlóite tríd an teanga.*'
Coimisiúnaíodh an staidéar chun anailís fianaisebhunaithe agus moltaí faoi indéantacht sheirbhís den sórt sin a thabhairt don Aire Cultúir, Cumarsáide, agus Spóirt. Rinneadh scrúdú ar an éileamh ón lucht éisteachta, samhlacha oibriúcháin féideartha, riachtanais mhaoinithe, tionchar ar an earnáil, agus an luach poiblí a d'fhéadfadh seirbhís nua dírithe ar lucht éisteachta óg a bhfuil Gaeilge acu a sholáthar.

Tháinig an staidéar ar fhianaise go bhfuil éileamh ann i measc daoine níos óige ar ábhar breise Gaeilge sna meáin. D'fhéadfadh seirbhís thiomnaithe raidió luach poiblí a chur ar fáil tríd an nGaeilge a chur chun cinn, cuir le hiolracht sna meáin agus teacht níos fearr a bheith ag daoine óga ar ábhar i nGaeilge.

Ba é tátal an staidéir, áfach, ná nach mbeadh seirbhís den sórt sin inmharthana ó thaobh tráchtála deagus go mbeadh maoiniú poiblí substaintiúil agus leanúnach de dhíth uirthi ag brath ar scála agus scóip na seirbhíse, sa bhreis ar chostais bhunaithe tosaigh shuntasacha. Tugtar faoi deara sa staidéar fgo bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ann ar na seirbhísí meán Gaeilge atá ann cheana féin agus mar sin go mbeadh cothromaíocht le háireamh go cúramach idir luach poiblí agus tionchar earnála agus airgeadais.

Aithnítear sa staidéar freisin an bogadh i dtreo thomhaltas digiteach na meán – i measc grúpaí níos óige go háirithe, ach i ngach aoisghrúpa. Tá an t-athrú seo idir ghlúnta agus an bhéim atá ar ábhar agus ar ábharthacht do dhaoine óga ina théama coitianta i dtuarascálacha taighde uile an Choimisiúin (a dtugtar sonraí ina dtaobh thíos). Tarraingítear aird freisin i *dTuarascáil an Athbhreithnithe Chuimsithigh ar na Meáin Ghaeilge,* a choimisiúnaigh an Coimisiún, ar an ríthábhacht a bhaineann le tairiscint láidir dhigiteach d'ábhar meán Gaeilge. Luaitear san Athbhreithniú seo "go rachadh mol ábhair ilmheán ar líne go mór chun leas an aoisghrúpa 15–34 ". Tá an Coimisiún tiomanta, i réimse iomlán a chuid feidhmeanna agus gníomhaíochtaí do rogha níor fairsinge agus fáil níos fearr ar ábhar meán Gaeilge a chur ar fáil do dhaoine óga agus do ghrúpaí eile araon. Tacóidh an tiomantas seo leis na gníomhartha ina Phlean Gníomhaíochta don Gaeilge a fhoilseofar níos déanaí in 2026.

Dá réir sin, cé nach bhfuil bunú seirbhíse Gaeilge FM san áireamh sna moltaí atá sa chomhairliúchán seo, tá torthaí an staidéir mar chuid den bhonn fianaise níos leithne a thugann bonn eolais don bhreithniú atá ag an gCoimisiún ar riachtanais an lucht féachana agus éisteachta.

### 2.2.2 Taighde an Ghrúpa Fócais agus an Ógra

Coimisiúnaíodh an ghníomhaireacht um léargas cultúrtha, Bricolage, chun grúpaí fócais a reáchtáil le daoine idir 18-34 bliana d'aois ar fud na hÉireann faoina nósanna i leith úsáid na meán agus faoina dtuairimí ar thírdhreach na meán in Éirinn. Dhírigh an snáithe taighde seo ar an méid a fhreastalaíonn an meascán reatha de raidió, teilifís agus físeán ar éileamh ilardáin ar riachtanais an lucht féachana/éisteachta óg. Phléigh na rannpháirtithe an chaoi a bhfaigheann siad amach faoi ábhar, a ndéanann siad rochtain air agus a mbíonn siad ag plé leis, thar raon seirbhísí agus ardán, lena n-áirítear seirbhísí craolacháin traidisiúnta, seirbhísí sruthaithe, ardáin chomhroinnte físeán agus na

meáin shóisialta. Rinne an taighde fiosrú ar dhearcthaí daoine ar luach agus ábharthacht ábhar a léirítear in Éirinn agus a bhaineann leis an gcultúr, an ról atá ag foinsí nuachta agus faisnéise Éireannacha, agus na tosca a imríonn tionchar ar a roghanna ábhair agus ar a gcuid iompair féachana agus éisteachta.

Ina theannta sin, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le comhaltaí a Choiste Chomhairligh don Ógra i leith úsáid na meán agus roghanna ábhair. Thug comhaltaí an Choiste léargais faoin gcaoi a bpléann an lucht féachana/éisteachta óg le timpeallachtaí meán atá ag éirí níos casta an t-am ar fad, agus a thábhachtaí a mheasann siad atá inrochtaineacht, barántúlacht agus ionadaíocht in ábhar na meán. Pléadh an ról atá ag ábhar leasa phoiblí, nuacht agus cúrsaí reatha freisin, chomh maith leis an méid a léiríonn na seirbhíse meán reatha ábhair spéise agus an taithí ar an saol atá ag daoine óga in Éirinn.

### 2.2.3 Taighde ar an Lucht Féachana/Éisteachta

Chomh maith leis an taighde deisce ar an lucht éisteachta raidió, figiúirí féachana teilifíse, agus treochtaí, rinne Red C Research staidéar a bhí ionadaíoch go náisiúnta ar úsáid na meán agus dearcthaí an lucht féachana/éisteachta. Dhírigh na freagairtí cáilíochtúla ar na Meáin Seirbhíse Poiblí (“MSP”) agus ar chraoltóirí neamhspleácha araon. Bhí sé mar aidhm ag an taighde tuiscint a fháil ar an gcaoi a mbíonn an lucht féachana/éisteachta ag idirghníomhú le formáidí éagsúla meán, do na meáin seirbhíse poiblí agus do sholáthraithe ábhair seirbhíse poiblí, agus ar na cúinsí atá taobh thiar den aistriú ón gcraoltóireacht thraidisiúnta go dtí seirbhísí digiteacha agus seirbhísí ar éileamh.

Rinneadh scrúdú leis an staidéar ar phatrúin úsáide na meán, ina measc teilifís, raidió, seirbhísí sruthaithe, na meáin shóisialta agus ardáin ar líne, agus tugadh léargais ar an gcaoi a ndéanann an lucht féachana/éisteachta rochtain ar ábhar in éiceachóras meán atá ag éirí níos éagsúla an t-am ar fad. Léiríodh leis an taighde go bhfuil úsáid tras-ardáin na meán ag éirí níos tábhachtaí an t-am ar fad, agus an lucht féachana/éisteachta ag gluaiseacht idir seirbhísí craolacháin, ar éileamh agus ar líne i rith an lae, agus ag idirghníomhú le hábhar beag beann ar an gcaoi a gcuirtear ar fáil é.

Scrúdaigh an taighde dearcthaí an lucht féachana/éisteachta ar na róil faoi leith atá ag MSP agus craoltóirí neamhspleácha mar sholáthraithe ábhair seirbhíse poiblí, lena n-áirítear an méid a chuireann siad le nuacht agus faisnéis iontaofa, ábhar áitiúil agus réigiúnach, siamsaíocht, ionadaíocht chultúrtha, agus féiniúlacht na hÉireann. Mheas sé ionchais an lucht féachana/éisteachta freisin, maidir le hinrochtaineacht, infhaighteacht agus infhionntacht ábhair Éireannaigh i dtimpeallacht na meán a bhfuil ardáin iolracha agus iomaíochas ag éirí níos coitianta an t-am ar fad, chomh maith le dearcthaí ar fhorbairt agus inbhuanaitheacht na craoltóireachta agus seirbhísí meán in Éirinn amach anseo.

Ina theannta sin, shainaithin an taighde difríochtaí móra in iompair ghrúpaí déimeagrafacha éagsúla ar na meáin. Bhí níos mó seans ann go n-úsáidfeadh lucht féachana/éisteachta níos óige ábhar fuaime agus closamhairc ar sheirbhísí sruthaithe, ar na meáin shóisialta agus ar sheirbhísí ar éileamh. I gcomparáid leis sin, rinne lucht féachana/éisteachta níos sine níos mó idirghníomhaithe le teilifís agus raidió traidisiúnta líneach. Mar sin féin, thug na torthaí le tuiscint freisin go bhfuil seirbhísí craolacháin agus seirbhísí ar líne ag comhlánú a chéile níos mó agus níos mó, agus an lucht féachana/éisteachta ag úsáid meascán d’ardáin agus seirbhísí chun riachtanais dhifriúla faisnéis, siamsaíochta agus cultúrtha a chomhlíonadh.

### 2.2.4 Anailís Mhargaidh agus Eacnamaíoch

D’fhostaigh an Coimisiún Indecon International Economic and Strategic Consultants (“Indecon”) chun anailís mhargaidh a dhéanamh ar an earnáil craoltóireachta neamhspleách chun tacú leis an SSC athbhreithnithe. Áiríodh leis sin athbhreithniú ar dhinimic an mhargaidh, feidhmíocht na hearnála, acmhainn fáis agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach. Tá torthaí ó shuirbhé spriocdhírithe ar an earnáil san áireamh sa tuarascáil freisin.

Rinne an taighde scrúdú ar an timpeallacht athraitheach eacnamaíoch agus iomaíoch ina n-oibríonn craoltóirí neamhspleácha, lena n-áirítear athruithe ar phatrúin úsáide an lucht féachana/éisteachta, margaí fógraíochta, forbairtí teicneolaíochta, agus suntasacht ardán digiteach domhanda atá ag dul i méid. Scrúdaíodh go háirithe na brúnna a eascraíonn as bloghadh an lucht féachana/éisteacha, an fás ar sheirbhísí sruthaithe agus ar sheirbhísí ar éileamh, agus caiteachas fógraíochta a bheith ag aistriú chuig ardáin ar líne. Rinne an anailís measúnú ar impleachtaí na bhforbairtí sin i leith ioncam craoltóirí, samhlacha gnó agus cumas infheistíochta amach anseo.

D’fhiosraigh anailís Indecon rannchuidiú craoltóirí neamhspleácha le hiolracht na meán, leis an soláthar nuachta agus cúrsaí reatha, le hábhar áitiúil a chruthú agus leis an ngeilleagar cruthaitheach níos leithne. Rinneadh measúnú leis an taighde ar dhifríochtaí idir seirbhísí craolacháin, agus aithníodh go n-oibríonn craoltóirí ag scálaí éagsúla agus go bhfreastalaíonn siad ar lucht féachana/éisteachta náisiúnta, réigiúnach, áitiúil agus pobail faoi leith, a mbíonn dúshláin uathúla tráchtála agus oibriúcháin ag baint le gach ceann díobh.

Le torthaí ó shuirbhé earnála a rinneadh freisin, tugadh breis léargais ar dhearcthaí craoltóirí maidir le ceanglais rialála, deiseanna fáis amach anseo, athrú tapa ar chúrsaí teicneolaíochta, agus na bacainní a bhfuil tionchar acu ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach.

Ina theannta sin, scrúdaigh an taighde cumas na hearnála dul in oiriúint d’athruithe leanúnacha ar ionchais an lucht féachana/éisteachta agus ar iompair ó thaobh úsáid na meán.

### 2.2.5 Glao ar Léirithe Spéise

Chuir an Coimisiún fáilte roimh léirithe spéise i bhfógra poiblí an 19 Meán Fómhair 2025 ó pháirtithe a bhí ag féachaint le seirbhísí craolacháin raidió tráchtála nó pobail nua a chur ar fáil.[2] Fuarthas fiche (20) aighneacht, agus tacaíonn an fhaisnéis a cuireadh ar fáil iontu le hanailís mhargaidh agus eacnamaíoch an Choimisiúin ar an earnáil agus leis an acmhainneacht do sheirbhísí breise.

Thug na haighneachtaí léargais luachmhara ar an leibhéal agus ar an éagsúlacht spéise i seirbhísí craolacháin nua agus tharraing siad aird ar raon deiseanna féideartha i leith seirbhísí a fhorbairt amach anseo. Áiríodh leis na freagairtí tograí le haghaidh seirbhísí raidió áitiúla agus réigiúnacha nua agus seirbhísí nua a mbeadh cumhdach níos leithne acu; seirbhísí speisialaithe agus dírithe ar sheánraí; seirbhísí a dhíreodh ar ghrúpaí áirithe de lucht éisteachta; agus tionscnaimh chraolacháin phobalbhunaithe.

Sainaithníodh deiseanna chun freastal ar lucht éisteachta trí mheascán d’ardáin chraolacháin thraidisiúnta agus cainéil dáileacháin dhigiteacha i roinnt aighneachtaí, rud a léiríonn an fás ar úsáid ilardáin na meán ag an lucht éisteachta agus ag craoltóirí.

Mar aon le tograí le haghaidh seirbhísí nua, tharraing freagróirí aird ar raon saincheisteanna a bhaineann le struchtúr agus forbairt na hearnála amach anseo. Áiríodh leo sin tuairimí faoi infhaighteacht agus úsáid an speictrim chraolacháin, an ról a d’fhéadfadh a bheith ag teicneolaíochtaí tarchurtha atá ag teacht chun cinn, deiseanna don chraoladh digiteach fuaime, an éabhlóid a thiocfaidh ar chreataí ceadúnaithe amach anseo, agus inmharthanacht iontrálaithe nua sa mhargadh agus seirbhísí speisialaithe. Tugadh aghaidh i roinnt aighneachtaí ar na dúshláin agus deiseanna a eascraíonn as an athrú atá ag teacht ar iompair an lucht féachana/éisteachta, méadú ar an iomaíocht le haird a mhealladh, agus an gá lena chinntiú go bhfanfaidh seirbhísí craolacháin inbhuanaithe amach anseo agus go mbeidh siad in ann freastal ar riachtanais an lucht féachana/éisteachta a bhíonn ag athrú.

---

[2] Aighneachtaí spéise i seirbhísí craolacháin fuaime tráchtála nua  - Coimisiún na Meán

Bhí na haighneachtaí ina mbonn eolais do mheasúnú an Choimisiúin ar dhálaí an mhargaidh faoi láthair, ar na leibhéil éileamh nach bhfuil comhlíonta, ar dheiseanna do sheirbhísí amach anseo, agus ar na bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann i dtaobh fhorbairt an mhargaidh. Tugann siad fianaise ar an spéis leanúnach atá ag an tionscal agus an pobal i nuálaíocht agus fás, i roghanna an lucht féachana/éisteachta, in éagsúlacht ábhair, agus i seirbhísí craolacháin a bhunú a chomhlánaíonn tírdhreach meán athraitheach na hÉireann.

### 2.2.6 Comhairliúcháin Spriocdhírithe

Rinne an Coimisiún comhairliúcháin spriocdhírithe le páirtithe leasmhara in earnálacha na meán tráchtála agus pobail chun scrúdú níos doimhne a dhéanamh ar shaincheisteanna rialála a ardaíodh i rith chéim an athbhreithnithe, chun bonn eolais a chur faoi mhionsonraí oibríochtúla an SSC athbhreithnithe, lena n-áirítear pleananna ceadúnaithe agus socruithe rialála.

Thug an t-idirghníomhú sin deis do pháirtithe leasmhara a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na dúshláin agus na deiseanna atá roimh an earnáil craolacháin i dtimpeallacht meán atá ag athrú go tapa. Fiosraíodh raon topaicí sna cainteanna, lena n-áirítear forbairtí ar an lucht féachana/éisteachta agus sa mhargadh, patrúin um úsáid na meán atá ag athrú, an ról a bheidh ardáin chraolacháin thraidisiúnta amach anseo, na deiseanna a chuireann teicneolaíochtaí digiteacha ar fáil, agus na creataí rialála a theastaíonn chun tacú le seirbhísí craolacháin inbhuanaithe.

Rinneadh scrúdú sna comhairliúcháin ar shaincheisteanna a bhaineann le soláthar seirbhísí, iontráil sa mhargadh, cuir chuige ar cheadúnú, úsáid speictrim, iomaíocht, úinéireacht, soláthar ábhair, agus cuspóirí luacha phoiblí a bhaint amach. Tharraing páirtithe leasmhara aird ar an ngá le cothromaíocht a bhaint amach idir nuálaíocht agus rogha an lucht féachana/éisteachta agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach na seirbhísí atá ann cheana féin, agus a chinntiú go bhfanann na creataí rialála comhréireacht, solúbtha agus freagrúil d'athruithe teicneolaíochta agus margaidh.

Tugadh aird ar leith ar fhorbairt seirbhísí raidió agus closamhairc amach anseo i dtimpeallacht ina bhfuil fás ag teacht ar sheirbhísí ilardáin, lena n-áirítear an gaol idir an craoltóireacht thraidisiúnta, seirbhísí ar éileamh agus ardáin ar líne. Thug na comhairliúcháin léargais ar na himthosca agus riachtanais éagsúla atá ag seirbhísí náisiúnta, réigiúnacha, áitiúla agus pobail, chomh maith leis na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag beartais agus cinntí rialála amach anseo ar fud na hearnála.

Áirítear leis an mbonn fianaise don SSC torthaí ón Tuarascáil ar Nuacht Dhigiteach na hÉireann 2026, a d'fhoilsigh an Coimisiún i gcomhpháirtíocht le hInstitiúid Reuters um Staidéar ar an Iriseoireacht.[3] Tarraingítear aird sa Tuarascáil ar na hathruithe atá ag teacht ar thomhaltas na nuachta, níos mó daoine a bheith ag seachaint na nuachta, laghdú ar an muinín atá ag daoine as an nuacht go ginearálta, agus níos mó imní ar dhaoine faoi mhífhaisnéis agus ról na n-ardán digiteach. Ag an am céanna, léirítear ardleibhéal muiníne i gcónaí as brandaí nuachta seanbhunaithe, lena n-áirítear na meáin seirbhíse poiblí agus nuacht ar an raidió áitiúil. Tugann na torthaí sin comhthéacs tábhachtach maidir le breithniú a dhéanamh ar litearthacht sna meáin, soláthar iontaofa nuachta agus inbhuanaitheacht sheirbhísí meán na hÉireann amach anseo.

Thug torthaí na ngníomhaíochtaí sin comhthéacs cothrom le dáta don SSC, mar a leagtar amach i gCuid 3 thíos, agus chuidigh siad le cruth a chur ar na tograí SSC i gCuid 4, atá mar ábhar an chomhairliúcháin seo. I dteannta a chéile, chuir rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus an taighde a rinneadh mar chuid den athbhreithniú le tuiscint níos leithne ar riachtanais an lucht féachana/éisteachta, ar dhálaí an mhargaidh, ar fhorbairtí teicneolaíochta, agus ar ról athraitheach na seirbhísí craolacháin i dtírdhreach meán na hÉireann.

---

[3] Tuarascáil ar Nuacht Dhigiteach na hÉireann_2026.pdf

Tá na tuarascálacha seo a leanas á bhfoilsiú in éineacht leis an doiciméad comhairliúcháin seo:

1. *Value of Independent Media*, Bricolage, Meán Fómhair 2025
2. *Media Nation: Screens, Streams, and Airwaves*, Taighde RED C, Samhain 2025
3. *Market Analysis of the Independent Broadcasting Sector*, Indecon International Economic and Strategic Consultants, Márta 2026.:

# CUID 3 – COMHTHÉACS SSC

## 3.1 Comhthéacs Reachtach

Le hAlt 7 d'Acht 2009, cuirtear d'oibleagáid ar an gCoimisiún a chinntiú:

- Go dtacófar leis na luachanna daonlathacha atá cumhdaithe sa Bhunreacht;
- Go ndéanfar leasanna an phobail a chosaint;
- Go mbeidh na seirbhísí craolacháin agus na seirbhísí meán closamhairc ar éileamh atá ar fáil in Éirinn oscailte, ionchuimsitheach agus iolraíoch;
- Go gcuirfear athrú teicneolaíoch agus sochaíoch san áireamh sna socruithe rialála;
- Go gcuirfear cláir ardcháilíochta, éagsúla agus nuálacha ar fáil;
- Go mbeidh éagsúlacht agus trédhearcacht i rialú na meán cumarsáide atá ag feidhmiú in Éirinn;
- Go gcuirfear litearthacht sna meáin chun cinn trí thaighde agus oideachas; agus
- Go gcothóidh an timpeallacht rialála iriseoireacht neamhspleách neamhchlaonta.

Le hAcht 2009, samhlaítear trí phríomhearnáil craolacháin a chuireann cruth ar thimpeallacht craolacháin na hÉireann: na hearnálacha poiblí, tráchtála agus pobail. Tá saintréithe uathúla ag gach earnáil faoi Acht 2009, amhail an chaoi a bhfuil sí faoi úinéireacht agus á rialú; an bealach a mbíonn sí cuntasach agus na daoine dá mbíonn sí cuntasach; na sásraí trína maoinítear í; agus an cineál ábhair a sholáthraíonn sí.

Leagtar amach cuspóirí sonracha in Acht 2009 do gach craoltóir seirbhíse poiblí agus sainmhínítear saintréithe craoltóirí pobail. Forordaítear na cineálacha craolacháin agus na conarthaí soláthair lánais a fhéadfaidh an Coimisiún a bhronnadh.

Ceann de róil an Choimisiúin is ea soláthar leanúnach raon seirbhísí teilifíse agus raidió ar fud na n-earnálacha poiblí, tráchtála agus pobail a éascú agus tacú leo, chun fís an reachta a bhaint amach agus chun beocht an mheascáin agus raon seirbhísí atá ar fáil do lucht féachana/éisteachta na hÉireann a chinntiú.

Forordaítear in Acht 2009 freisin na próisis cheadúnúcháin agus na socruithe rialála a bhfuil feidhm acu maidir le seirbhísí craolacháin, lena n-áirítear ceanglais a bhaineann le próisis cheadúnúcháin iomaíocha, gealltanais, úinéireacht agus rialú clár, soláthar nuachta agus cúrsaí reatha, comhlíonadh conarthaí, agus rialáil seirbhísí áitiúla, pobail agus tráchtála.

Cé gur chuir na socruithe sin creat láidir ar fáil don rialáil craoltóireachta, forbraíodh iad do thimpeallacht chraoltóireacht líneach, go príomha. Ó shin i leith, leathnaíodh an creat reachtach chun raon níos leithne meán agus seirbhísí ar líne a chuimsiú faoin Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022 agus faoi reachtaíocht Eorpach ghaolmhar. Tá tírdhreach rialála níos éagsúla ann dá thoradh sin agus ardaíonn sé ceisteanna faoi cé acu atá nó nach bhfuil gnéithe den chreat ceadúnúcháin agus rialála craoltóireachta reatha fós comhréireach, solúbtha agus freagrúil go cuí d'iompair an lucht féachana/éisteachta, do theicneolaíochtaí agus do shamhlacha gnó atá ag athrú.

Áirítear orthu sin, mar shampla, teorainneacha ar úinéireacht agus rialú seirbhísí craolacháin; cur i bhfeidhm maoluithe ar an gceanglas reachtúil maidir le 20% ábhar nuachta agus cúrsaí reatha; an méid ama fógraíochta atá ar fáil do chraoltóirí áirithe; ceanglais agus srianta i gcóid chlársceidealúcháin agus fógraíochta; ceanglais a fhorchuirtear ar iarratasóirí i rith phróisis cheadúnúcháin agus idirbheartaíochtaí conartha; agus an bealach a ndéantar seirbhísí a rialú ina dhiaidh sin ó thaobh an chomhlíonta de.

An 8 Aibreán 2025, d'fhaomh an Rialtas Scéim Ghinearálta athbhreithnithe an Bhille Craolacháin (Leasú) ("an Scéim"). Féachann an Scéim, i measc nithe eile, le creat reachtúil nua a bhunú chun tacú le hábhar seirbhíse poiblí a sholáthar ar fud na hearnála craoltóireachta agus meán níos leithne, agus cosaint do thomhaltóirí meán na hÉireann a fheabhsú ag an am céanna. Tugann sí éifeacht sa tír seo d'Airteagal 5 den GESM, ina leagtar amach bearta chun neamhspleáchas soláthraithe meán seirbhíse poiblí a chosaint.[4]

Ina theannta sin, tugann an Scéim creat nuachóirithe isteach maidir le hábhar seirbhíse poiblí a léiriú, a dháileadh agus a chartlannú, lena chinntiú gur féidir ábhar den sórt sin a sheachadadh agus a dhéanamh inrochtana trí sholáthraithe ábhar seirbhíse poiblí ainmnithe.

Trí ábhar seirbhíse poiblí agus soláthraithe ábhar seirbhíse poiblí a shainmhíniú, síníonn an Scéim na sainmhínithe sin do chraoltóirí neamhspleácha freisin. De réir na Scéime, chuirfí de chúram ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar seirbhíse poiblí a bheadh ar fáil do lucht féachana/éisteachta na hÉireann agus aon bhearnaí sa soláthar sin a shainaithint. Cheanglófaí ábhar seirbhíse poiblí maoinithe a chur ar fáil don phobal saor in aisce, agus é a bheith inrochtana, a mhéid ab fhéidir, do mhuintir oileán na hÉireann agus do lucht féachana/éisteachta nach ndéantar freastal ceart orthu.

Agus fís an Choimisiúin don earnáil á leagan amach aici, aithníonn an SSC na forbairtí reachtacha sin, chomh maith le ról na hearnála craoltóireachta atá ag éirí níos claochlaithí an t-am ar fad agus a bhfuil luach ard aici don tsochaí.

## 3.2 An Comhthéacs maidir le Lucht Féachana/Éisteachta agus an Margadh

Léirigh an fhianaise a bailíodh le linn an athbhreithnithe cúig phríomhthreocht a bhfuil tionchar acu ar thodhchaí na craoltóireachta in Éirinn:

- tá an lucht féachana/éisteachta ag úsáid ábhar ar ardáin iomadúla níos mó agus níos mó;
- infhaighteacht ábhar fuaime na hÉireann a chosaint;
- tá an iomaíocht ó sheirbhísí digiteacha idirnáisiúnta ag dul i méid an t-am ar fad;
- tá ardmheas i gcónaí ar ábhar iontaofa áitiúil agus Éireannach;
- tá deiseanna ann do dháileadh raidió digiteach;
- tá nasc níos mó idir inbhuanaitheacht agus nuálaíocht agus claochlú digiteach anois; agus
- tá idir dhúshláin agus dheiseanna ag baint le forbairtí teicneolaíochta, lena n-áirítear IS.

Tá na treochtaí thuas le feiceáil i roinnt réimsí beartais idirnasctha. Déantar scrúdú níos mionsonraithe ar na saincheisteanna sin sna codanna seo a leanas, lena n-áirítear inbhuanaitheacht craoltóirí, dáileadh digiteach, na meáin áitiúla agus pobail, seirbhísí teilifíse, soláthar ilardáin, agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn. Le chéile, chuir na torthaí sin bonn eolais ar fáil do na tograí i gCuid 4.

### 3.2.1 Úsáid na meán ag lucht féachana/éisteachta Éireannach

- Ní féidir talamh slán a dhéanamh d'infheictheacht agus infhionntacht ábhair Éireannaigh i dtimpeallachtaí digiteacha.
- Bíonn níos mó agus níos mó tionchair ag gléasanna nasctha, moltaí ó chuardaigh agus comhéadain ardáin ar úsáid na meán in Éirinn.
- Tá an lucht féachana/éisteachta óg ag gluaiseacht go tapa i dtreo seirbhísí digiteacha agus seirbhísí ar éileamh, agus tá seirbhísí raidió agus teilifíse traidisiúnta fós tábhachtach do roinnt mhaith den lucht féachana/éisteachta.

[4] An Coimisiún Eorpach - An Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán

- Tá an lucht féachana/éisteachta ag idirghníomhú níos mó agus níos mó le hábhar thar ardáin seachas ag déanamh idirdhealú traidisiúnta idir raidió, teilifís, sruthú, podchraoltaí nó na meáin shóisialta.

Tá deighilt ag teacht ar nósanna úsáid na meán i measc grúpaí sa lucht féachana/éisteachta. Cé go bhfuil roinnt mhaith den lucht féachana/éisteachta fós ag idirghníomhú leis na seirbhísí traidisiúnta raidió agus teilifíse, go háirithe le haghaidh nuachta, spóirt, imeachtaí beo agus ábhar áitiúil, tá an lucht féachana/éisteachta óg ag aimsiú ábhair agus á úsáid níos mó agus níos mó trí sheirbhísí digiteacha agus seirbhísí ar éileamh.

Tarraingíodh aird san athbhreithniú freisin ar an méid a idirghníomhaíonn an lucht féachana/éisteachta le hábhar seachas le hardáin. Tá níos lú brí ag baint le hidirdhealú idir ardáin agus meáin, e.g. raidió, teilifís, seirbhísí sruthaithe, podchraoltaí, na meáin shóisialta agus ardáin comhroinnte físeán, do roinnt mhaith den lucht féachana/éisteachta, go háirithe do dhaoine óga. Lorgaíonn an lucht féachana/éisteachta ábhar atá ábhartha dóibh agus aimsíonn siad é, níos mó agus níos mó, trí mholtaí, algartaim, comhroinnt shóisialta agus comhroinnt ag piaraí, agus cur chun cinn tras-ardáin, seachas trí sceidil chraoltóireachta thraidisiúnta nó dílseacht do chainéil. Tá craoltóirí ag feidhmiú i dtimpeallacht meán idirnasctha ina n-úsáidtear ábhar ar ardáin agus gléasanna iomadúla i rith an lae.

### 3.2.2 Ionchais an lucht féachana/éisteachta maidir leis na meáin in Éirinn

- Tá an lucht féachana/éisteachta fós ag súil le faisnéis, oideachas agus siamsaíocht a fháil ó na meáin, agus go nascfaidh na meáin iad lena bpobal agus lena gcultúr.
- Déanann an lucht féachana/éisteachta in Éirinn comparáid idir seirbhísí sa tír seo agus na meáin idirnáisiúnta atá ar fáil ar na gléasanna agus ardáin chéanna.
- Tá cáilíocht, eispéireas an úsáideora, éagsúlacht agus infhaighteacht tras-ardáin ag éirí níos tábhachtaí mar ionchais.
- Tá meas fós ag an lucht féachana/éisteachta, go háirithe daoine óga, ar ábhar Éireannach atá iontaofa, barántúil agus a bhaineann leis an gcultúr.

Tugtar le tuiscint ó thaighde a rinneadh mar chuid den athbhreithniú ar an SSC, cé go bhfuil athrú mór tagtha ar nósanna úsáide na meán, tá na cúiseanna atá ag daoine le hidirghníomhú leis na meáin comhsheasmhach i gcónaí.[5] Tá an lucht féachana/éisteachta fós ag lorg ábhair a thugann faisnéis, oideachas agus siamsaíocht dóibh, a nascann iad lena bpobail agus lena gcultúr, a léiríonn a saolta agus a n-eispéiris, agus a thugann faisnéis agus dearcthaí iontaofa dóibh faoin domhan timpeall orthu.

Ní bhíonn an lucht féachana/éisteachta in Éirinn ag úsáid na meán i gcomhthéacs na hÉireann agus sin amháin. Ciallaíonn cúrsaí teanga go bhfuil seirbhísí idirnáisiúnta taobh le taobh le craoltóirí Éireannacha ar na gléasanna agus fothaí céanna. Téann siad go réidh le chéile do roinnt mhaith den lucht féachana/éisteachta, agus tá na línte idir na meáin Éireannacha agus idirnáisiúnta ag éirí níos doiléire.

Mar gheall ar an nochtadh domhanda seo, bíonn daoine ag súil le níos mó maidir le cáilíocht, eispéiris an úsáideora agus éagsúlacht ábhair, rud a ghéaraíonn an iomaíocht don MSP agus do chraoltóirí neamhspleácha Éireannacha. Caithfidh ábhar a bheith in ann oibriú go réidh ar na hardáin uile, ionas go bhféadfaidh an lucht féachana/éisteachta éisteacht, féachaint nó sruthú pé áit ina bhfuil siad agus pé am is mian leo.

Bíonn meas ag lucht féachana/éisteachta de gach aois ar eispéiris féachana chomhroinnte, mar shampla imeachtaí beo agus ócáidí atá tábhachtach ó thaobh an chultúir de agus ar bhonn náisiúnta, chun muintearas agus comhrá a chothú. Is féidir iad sin a úsáid mar ghnéithe uathúla díolacháin le

[5] Taighde Ghrúpa Fócais Bricolage, Meitheamh 2025

fanacht ábhartha i dtírdhreach meán bloghta. Sa chomhthéacs seo, tá infhaighteacht agus infheictheacht ábhar a dhéantar in Éirinn agus a bhaineann leis an gcultúr ag éirí níos tábhachtaí, ábhar a chabhraíonn leis an lucht féachana/éisteachta a saolta, a bpobail, a gcultúr agus a bhféiniúlacht a fheiceáil i dtimpeallacht níos leithne na meán.

Fuarthas san athbhreithniú go raibh éileamh faoi leith ann i measc lucht féachana/éisteachta óg ar ábhar a mhothaíonn barántúil, a bhfuil dáimh acu leis, a dhéanann ionadaíocht ar eispéiris chomhaimseartha Éireannacha, agus a léiríonn cultúr agus féiniúlacht na hÉireann agus an chéim den saol ag a bhfuil siad. Inár bpléití le grúpaí fócais, bhí an-dáimh ag daoine le cláir ardcháilíochta a léiríodh in Éirinn, amhail *Normal People*, *The Traitors Ireland*, agus *Love/Hate*.

Tá daoine óga ag idirghníomhú le hábhar fuaime, lena n-áirítear raidió beo, ar bhealaí éagsúla - lena bhfóin chliste agus callairí cliste, le podchraoltaí, le gearrthóga ar na meáin shóisialta, agus trí bheith ag 'éisteacht siar' le cláir ar raidió FM. Beidh sé fós ina dhúshlán ceangal a dhéanamh le daoine óga agus iad breá óg. Tá siad an-oscailte ó thaobh seirbhísí agus brandaí nua a fhiosrú agus cloífidh siad leo má thairgeann siad ábhar ábhartha agus eispéireas maith don úsáideoir.

Ní dhéanann formhór na mbreathnóirí agus na n-éisteoirí idirdhealú soiléir idir ábhar MSP agus ábhar nach MSP é agus iad ag úsáid na meán. Díríonn siad ar an gclár, ar na láithreoirí agus ar cé acu a mhothaíonn an t-ábhar ábhartha, seachas cé a mhaoiníonn nó a rialaíonn an tseirbhís. Mar thoradh air sin, tá tionchar láidir ag craoltóirí neamhspleácha ar an taithí a fhaigheann an pobal ar na meáin Éireannacha, tríd is tríd. Bíonn a lucht féachana/éisteachta ag lorg an nuacht iontaofa, an éagsúlacht ábhair agus an fhairsinge dearcthaí chéanna agus a lorgaíonn lucht féachana/éisteachta MSP, agus baineann eagraíochtaí neamhspleácha rátálacha inchomparáide amach maidir le cáilíocht, inchreidteacht agus sástacht, de ghnáth. Le chéile, cruthaíonn an meascán guthanna timpeallacht meán níos leithne agus níos éagsúla, agus cabhraíonn sé lena chinntiú go léiríonn díospóireachtaí náisiúnta raon dearcthaí seachas ceann amháin.

Comhlíonann na meáin neamhspleácha ionchais an lucht féachana/éisteachta agus bíonn siad ag feidhmiú ar bhonn iomaíoch. Tugann sé sin le tuiscint go soiléir nach bhfuil na meáin neamhspleácha ar an imeall, ach gur pháirtithe leasmhara riachtanacha iad, maidir leis an bpobal a chur ar an eolas, lucht féachana/éisteachta nach bhfuil ceangal láidir acu le MSP a mhealladh, agus an t-ábhar iontaofa agus ardcháilíochta a sholáthar a mbíonn daoine ag súil leis ó chraoltóireacht na hÉireann.

### 3.2.3 Raidió agus an tírdhreach fuaime amach anseo

- Tá muinín ag daoine as an raidió in Éirinn fós, tá sé in úsáid go forleathan, agus bíonn lucht éisteachta mór aige i rith na seachtaine agus ar bhonn seachtainiúil.
- Bíonn an lucht éisteachta óg ag roinnt a gcuid éisteachta, ar bhonn níos mó, idir raidió beo, sruthú, podchraoltaí agus fuaim ar éileamh.
- Léiríonn an fás ar ioncam ó fhuaim dhigiteach a thábhachtaí atá samhlacha gnó éagsúlaithe agus dáileadh digiteach.
- Maidir le beartas raidió amach anseo, caithfear aitheantas a thabhairt d'fhuaim ilardáin agus carachtar áitiúil agus luach poiblí a chosaint ag an am céanna.

Baintear úsáid leathan as an raidió in Éirinn fós, tá muinín ag daoine as agus is meán láidir é fós. Cuireann sé nuacht, faisnéis, siamsaíocht, spórt agus ábhar a bhaineann leis an gcultúr ar fáil don lucht éisteachta. Ag an am céanna, tacaíonn a infhaighteacht saorchraolta le rochtain uilíoch agus le faisnéis riachtanach a chur in iúl don phobal le linn éigeandálaí, imeachtaí drochaimsire nó teagmhais ollmhóra. Tá liosta iomlán craoltóirí ar fáil in Aguisín a Trí.

Ar an leibhéal náisiúnta, tá seacht seirbhís raidió trastíre in earnáil raidió na hÉireann faoi láthair: cuireann RTÉ ceithre cinn ar fáil agus tá trí sheirbhís neamhspleácha ceadúnaithe ag an gCoimisiún.

Cuireann siad meascán de sheirbhísí cainte (lena n-áirítear nuacht agus ábhair sainspéise) agus ceoil ar fáil, chomh maith le seirbhísí Gaeilge agus ceoil chlasaicigh.

Díríonn seirbhísí raidió réigiúnacha ar lucht éisteachta óg, go príomha, agus ar an leibhéal áitiúil, tá an earnáil raidió comhdhéanta de mheascán de sheirbhísí dírithe ar cheol agus seirbhís i bhformáid leathan de cheol agus caint. Tá 33 sheirbhís raidió tráchtála ar fáil ar an mbanda FM faoi láthair, lena n-áirítear na cinn seo a leanas:

- 18 x seirbhís áitiúil i bhformáid leathan,
- 8 x seirbhís áitiúil atá dírithe ar cheol,
- 3 x seirbhís réigiúnach atá dírithe ar cheol don déimeagrafach 15-34,
- 1 x seirbhís ilchathrach atá dírithe ar cheol,
- 1 x seirbhís chuasanáisiúnta nuachta agus cainte,
- 1 x seirbhís chuasanáisiúnta Chríostaí agus reiligiúnach i bhformáid leathan,
- 1 x seirbhís náisiúnta i bhformáid leathan.

Tá seirbhísí raidió pobail ar fáil ar fud na tíre freisin, agus iad ag díriú ar phobail gheografacha bheaga agus ar phobail chomhleasa, go príomha. An ghné is tábhachtaí de na seirbhísí raidió pobail ná rannpháirtíocht an phobail áitiúil i ngach cuid den tseirbhís, agus na sochair shóisialta a chuireann siad ar fáil. Tá 16 sheirbhís raidió pobail a dhíríonn ar phobail gheografacha ar fud na hÉireann faoi láthair, agus ceithre sheirbhís raidió pobail chomhleasa.

Bronnann an Coimisiún suas le 30 conradh craolacháin fuaime sealadach nó d'ócáidí speisialta gach bliain, agus iad ag freastal ar, mar shampla, coláistí/ollscoileanna, féilte, oiliúint do mhic léinn, imeachtaí bliantúla, agus seirbhísí pobail píolótacha. Tá conarthaí craolacháin fuaime institiúideacha ag líon beag ospidéal agus saoráidí sláinte ar fud na tíre freisin.

Cé go bhfuil athrú ag teacht ar nósanna éisteachta, léirigh an Comhthaighde Náisiúnta ar Lucht Éisteachta a rinne Ipsos B&A go n-éisteann 77.9% de dhaoine fásta leis an raidió ar ghnáthlá i rith na seachtaine, agus go n-éisteann 89.4% ar a laghad uair sa tseachtain.[6] Is ag an raidió atá an sciar is airde d'am éisteachta i gcónaí, i margadh fuaime atá ag éirí níos éagsúla an t-am ar fad.

Mar sin féin, sainaithníodh dúshláin mhóra struchtúracha san athbhreithniú. Tá an lucht éisteachta óg ag roinnt a gcuid éisteachta idir raidió beo, sruthú ceoil, podchraoltaí agus seirbhísí eile ar éileamh, agus tá an caiteachas ar fhógraíocht ag éirí níos bloghta sna formáidí sin.

Taifeadadh laghdú beag ar fhógraíocht thraidisiúnta in 2025, ach tháinig ardú 11.5% ar an ioncam ó fhuaim dhigiteach a ghin oibreoirí raidió in Éirinn.[7] Léiríonn sé sin go bhfuil fuaim dhigiteach agus sruthanna ioncaim éagsúlaithe ag éirí níos tábhachtaí maidir le hinbhuanaitheacht seirbhísí raidió ceadúnaithe amach anseo.

Le taighde a rinneadh ar an lucht éisteachta, léiríodh an t-éileamh ar rogha níos fearr, lena n-áirítear seirbhísí nideoige agus speisialaithe a phléann le hábhair sainspéise nó lucht éisteachta nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh air. Mar sin féin, cruthaíonn an costas a bhaineann le seirbhís FM a bhunú agus a oibriú, chomh maith le hinfhaighteacht speictrim theoranta agus torthaí tráchtála éiginnte, bacainní móra roimh dhul isteach sa mhargadh.

Níor léirigh ach an sealbhóir seirbhíse spéis i ngníomhaíocht cheadúnaithe FM a tharla le déanaí. I gcodarsnacht leis sin, ag an nglao poiblí ar léirithe spéise in 2025, chonacthas níos mó tacaíochta le

[6] Preaseisiúint JNLR 2026 – 2 Thoradh Achoimre - Ipsos B&A
[7] Figiúirí ó Radiocentre Ireland: Fás tagtha ar Ioncam ó Raidió in Éirinn in 2025 agus Borradh ar Fhuaim Dhigiteach

haghaidh craoladh digiteach fuaime ("DAB+"), athruithe ar na limistéir saincheadúnais a bhí ann cheana, agus samhlacha seirbhíse eile seachas le haghaidh seirbhísí FM i bhformáid leathan a bhí go hiomlán nua. Tugann sé sin le tuiscint go bhféadfadh sé bheith níos éasca nuálaíocht agus breisíocht sa todhchaí a bhaint amach trí sheirbhísí digiteacha, sainseirbhísí nó seirbhísí ilardáin seachas trí cheadúnú FM traidisiúnta.

Tá athrú ag teacht ar an láthair agus ar an teicneolaíocht trína mbíonn an lucht éisteachta ag éisteacht freisin. Is sa bhaile is mó a bhíonn daoine ag éisteacht fós, agus is é an carr an dara suíomh is tábhachtaí, áit a mbíonn 49% de dhaoine fásta ag éisteacht ar ghnáthlá. Is é raidió beo an fhormáid fuaime is mó a úsáidtear sa charr fós. Leis an gCód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach ("EECC"), ceanglaítear ar raidiónna atá feistithe i gcarranna nua a dhíoltar san Aontas Eorpach ó mhí na Nollag 2020 a bheith in ann raidió trastíre digiteach, ar a dtugtar DAB+, a fháil.[8]

Tá an líon méadaitheach feithiclí atá in ann glacadh le DAB+ ábhartha, mar sin, nuair a smaoinítear ar an mbealach a bhféadfaidh raidió saorchraolta fanacht tábhachtach, éasca le rochtain a fháil air agus athléimneach sa réimse carranna nasctha.

Ag an am céanna, le dáileadh atá bunaithe ar an idirlíon ("IP"), tá seirbhísí raidió in ann lucht éisteachta a aimsiú níos faide i gcéin ná a dteorainneacha tarchurtha traidisiúnta. A bhuí le sruthú ar líne, feidhmchláir mhóibíleacha, callairí cliste, podchraoltaí agus comhéadain charranna nasctha, is féidir rochtain a fháil ar sheirbhísí raidió agus a gcuid ábhair lasmuigh dá limistéir chumhdaigh FM cheadúnaithe, lena n-áirítear ar bhonn uile-oileánda agus níos faide, agus is féidir le diaspóra na hÉireann nascadh leo.

Tá craoltóirí raidió ag feidhmiú níos mó mar sholáthraithe fuaime ilardáin: tá an tseirbhís cheadúnaithe fós lárnach dá bhféiniúlacht agus dá ngealltanais maidir le luach poiblí, ach tá a n-aimsiú lucht éisteachta agus idirghníomhú ag síneadh thar ardáin agus críocha iomadúla anois. Dá bharr sin, beidh ar an mbeartas ceadúnaithe amach anseo aitheantas a thabhairt don éiceachóras fuaime níos leithne seo agus carachtar áitiúil, cuntasacht eagarthóireachta agus luach ar leith don phobal na seirbhísí ceadúnaithe a chaomhnú ag an am céanna.

Fuarthas san athbhreithniú freisin go bhféadfaidh fás ar an daonra, athrú ar phatrúin chomaitéireachta agus athrú ar iompar an lucht éisteachta ceisteanna a ardú faoi cé acu atá nó nach bhfuil na limistéir cheadúnais FM atá ann cheana féin fós ag léiriú na pobail agus an lucht éisteachta ar ceapadh iad le freastal orthu. Cé gur thug an creat ceadúnaithe reatha tacaíocht don chraoltóireacht áitiúil agus réigiúnach le blianta fada anuas, tá aird tarraingthe ag páirtithe leasmhara ar an ngá le machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaidh socruithe ceadúnúcháin amach anseo leanúint orthu ag freagairt d'athrú déimeagrafach agus sochaíoch.

### 3.2.4 DAB+ a thuiscint

- Is teicneolaíocht craolacháin dhigiteach shaorchraolta é DAB+ atá in ann líon níos airde seirbhísí raidió a iompar ná mar atá FM analógach, agus úsáid níos éifeachtúla a bhaint as an speictream ag an am céanna.
- Tá sé d'acmhainn aige tacú le níos mó roghanna don lucht éisteachta, agus freastal ar éagsúlacht, nuálaíocht agus éifeachtúlacht an speictrim.
- Tá an Coimisiún ag breithniú an ról a d'fhéadfadh a bheith ag DAB+ mar ardán atá comhlántach le FM, seachas teacht in ionad na seirbhísí raidió analógacha atá ann cheana féin.
- Tá fianaise luachmhar curtha ar fáil ag an triail reatha DAB+ maidir le héileamh an lucht éisteachta, rannpháirtíocht craoltóirí, cumhdach, seachadadh teicniúil agus cúrsaí ceadúnaithe amach anseo.

[8] An Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (EECC)

- D'éileodh aon chreat DAB+ amach anseo cur chuige céimnithe agus fianaisebhunaithe, a mbeadh rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, dálaí margaidh agus éileamh an lucht éisteachta mar bhonn eolais dó.

Is teicneolaíocht raidió dhigiteach é DAB+ a fhágann gur féidir seirbhísí iomadúla a tharchur laistigh d'ilphléacs amháin, rud a chuireann ardú ar an líon agus ar an éagsúlacht seirbhísí atá ar fáil don lucht éisteachta agus úsáid níos éifeachtúlaí á baint aige as an speictream craolacháin ag an am céanna.

Mar a luadh i gCuid 3.2.3, tá ról tábhachtach ag an raidió i dtírdhreach na meán in Éirinn trí nuacht agus faisnéis iontaofa, siamsaíocht, ábhar cultúrtha agus teachtaireachtaí éigeandála a chur ar fáil. Is féidir le DAB+ tacú leis na cuspóirí beartais phoiblí sin trí roghanna an lucht éisteachta a mhéadú, nuálaíocht seirbhíse a éascú, agus tabhairt isteach seirbhísí nua nó sainseirbhísí a chumasú.

Léiríonn taithí idirnáisiúnta go bhféadfaidh DAB+ tacú le raon níos leithne seirbhísí ná mar atá indéanta ar FM, lena n-áirítear ábhar Gaeilge, ábhar pobail, ábhar atá dírithe ar dhaoine óga agus ábhar speisialaithe a dhíríonn ar lucht éisteachta nach ndéantar freastal ceart air. Féadfaidh an teicneolaíocht seo deis a thabhairt do chraoltóirí a n-aimsiú a mhéadú, seirbhísí breise a fhorbairt agus samhlacha gnó nua a fhiosrú.

Ó mhí Aibreáin 2025 i leith, tá triail DAB+ ar bun faoi Scéim Tástála agus Trialach ComReg, agus tá fianaise phraiticiúil faighte aici maidir le spéis craoltóirí ann, rannpháirtíocht an lucht éisteachta, feidhmíocht theicniúil agus éagsúlacht seirbhíse. D'éascaigh an triail seoladh raon seirbhísí digiteacha nua agus tá spéise léirithe ann ag craoltóirí atá ann cheana féin agus iontrálaithe ionchasacha sa mhargadh.

Leis an anailís mhargaidh a rinneadh mar chuid den athbhreithniú ar an SSC, fuarthas go bhfuil fás ag teacht ar an iomaíocht le haghaidh lucht éisteachta agus ioncam fógraíochta ó sheirbhísí sruthaithe agus ó sheirbhísí fuaime ar líne. Sa chomhthéacs seo, d'fhéadfadh DAB+ deiseanna a chur ar fáil chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach agus iomaíochas an raidió thrastíre a neartú, agus na sochair a bhaineann le craoltóireacht shaorchraolta a choinneáil ag an am céanna.

Ag an am céanna, chun DAB+ a thabhairt isteach go rathúil, b'éigean smaoineamh go cúramach ar éileamh an lucht éisteachta, inbhuanaitheacht an mhargaidh, riachtanais maidir le cumhdach, costais tarchurtha agus socruithe rialála. Tugann taithí idirnáisiúnta le tuiscint go mbíonn an cur chun feidhme is éifeachtaí ann nuair a fhaigheann sé tacaíocht ó phleanáil straitéiseach, comhoibriú páirtithe leasmhara agus forbairt chéimnithe.

Dá réir sin, tá an Coimisiún ag fiosrú an ról a d'fhéadfadh a bheith ag DAB+ amach anseo laistigh d'éiceachóras fuaime níos leithne na hÉireann. Níl sé á mheas mar rud le teacht in ionad craoltóireacht FM, ach mar ardán comhlántach a d'fhéadfadh tacú le hiolracht na meán, nuálaíocht, rogha don lucht éisteachta agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach seirbhísí raidió.

### 3.2.5 An tábhacht a bhaineann leis na meáin áitiúla

- Is foinsí tábhachtacha iad na meáin áitiúla, réigiúnacha agus pobail le haghaidh nuacht iontaofa, faisnéis agus nasc sibhialta.
- Soláthraíonn craoltóirí neamhspleácha ábhar a léiríonn féiniúlachtaí, ábhair spéise agus ábhair imní na bpobal a ndéanann siad freastal orthu.
- Cuireann na meáin áitiúla le hiolracht na meán, rannpháirtíocht dhaonlathach, léiriú cultúrtha, ionchuimsitheacht shóisialta agus athléimneacht phobail.

- De réir mar a bhíonn an lucht féachana/éisteachta ag déanamh rochtain ar ábhar ar ardáin dhigiteacha agus ar líne, tá ról faoi leith fós ag ábhar a léirítear go háitiúil nach féidir le seirbhísí náisiúnta nó domhanda aithris a dhéanamh air.
- Tacaíonn scéimeanna maoinithe an Choimisiúin le faisnéis áitiúil a sholáthar agus le hiriseoireacht chun leas an phobail. Mar shampla, tacaíonn an Scéim Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil ("LDRS") leis an iriseoireacht chun leas an phobail agus le hiolracht na meán áitiúil ar fud na hÉireann.

Cé go bhfuil rochtain ag lucht féachana/éisteachta an lae inniu ar raon seirbhísí meán náisiúnta agus idirnáisiúnta nach bhfacthas riamh cheana, tá craoltóirí neamhspleácha áitiúla, réigiúnacha agus pobail in áit uathúil chun ábhar a sholáthar a léiríonn ábhair spéise, féiniúlachtaí, ábhair imní agus eispéiris na bpobal ar a mbíonn siad ag freastal.

Tarraingíodh aird san athbhreithniú ar an tábhacht a bhaineann fós le seirbhísí meán áitiúla, réigiúnacha agus pobail i dtírdhreach na meán in Éirinn. Cé go bhfuil rochtain ag an lucht féachana/éisteachta ar raon méadaitheach ábhar domhanda agus seirbhísí digiteacha anois, bíonn luach poiblí suntasach fós á sholáthar ag na seirbhísí a sholáthraíonn nuacht, faisnéis agus ionadaíocht áitiúil, agus nasc leis an bpobal. Ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta, bíonn stáisiúin raidió fós ag feidhmiú mar fhoinsí iontaofa agus aitheanta faisnéise agus comhluadair, agus iad ag cur ábhar a léiríonn saintréithe cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíocha a bpobal ar fáil don lucht éisteachta.

Thug an taighde a rinneadh mar chuid den athbhreithniú ar an SSC le tuiscint go bhfuil meas ag lucht féachana/éisteachta fós ar nuacht áitiúil, faisnéis áitiúil, agus ábhar a léiríonn pobail Éireannach agus taithí daoine ar an saol. Clúdaíonn craoltóirí áitiúla saincheisteanna, imeachtaí agus dearcthaí a d'fhéadfadh aird theoranta a fháil ó sholáthraithe meán náisiúnta nó idirnáisiúnta. Agus é sin á dhéanamh acu, cinntíonn siad go mbíonn rochtain ag an lucht féachana/éisteachta ar fhaisnéis atá ábhartha go díreach dá saol laethúil agus dá bpobail.

Dá bhrí sin, is ábhar tábhachtach machnaimh é an soláthar nuachta agus faisnéise áitiúla nuair a bheidh cinntí ceadúnaithe agus socruithe rialála á ndéanamh amach anseo. Agus machnamh á dhéanamh aige ar dheiseanna ceadúnaithe agus ar chuir chuige rialála amach anseo, tabharfaidh an Coimisiún aird ar an méid a chuireann seirbhísí le soláthar nuachta áitiúla, nascacht phobail, rannpháirtíocht dhaonlathach, agus iolracht na meán.

I dtimpeallacht meán ilardáin atá ag éirí níos bloghta, tá ról tábhachtach i gcónaí ag craoltóirí áitiúla maidir le muinín agus cuntasacht a chothú. Trí chlársceidealúcháin nuachta agus cúrsaí reatha áitiúla arna léiriú go gairmiúil a sholáthar, cuireann siad le díospóireacht phoiblí eolasach agus cuireann siad foinsí iontaofa faisnéise ar fáil don lucht féachana/éisteachta tráth a mbíonn imní faoi mhífhaisnéis agus iontaofacht an ábhair ar líne sách coitianta. Tacaíonn seirbhísí nuachta áitiúla le tuiscint an phobail ar an rialtas áitiúil, ar sheirbhísí poiblí agus ar ábhair um leas an phobail, agus cabhraíonn siad le rannpháirtíocht dhaonlathach agus saoránacht ghníomhach a neartú.

Cuireann na meáin áitiúla le comhtháthú sóisialta, léiriú cultúrtha agus ionchuimsitheacht. Trí ionadaíocht a dhéanamh ar phobail, ábhair spéise agus féiniúlachtaí áitiúla, cuireann craoltóirí ardán ar fáil do ghuthanna agus dearcthaí éagsúla nach ndéanfaí mórán ionadaíochta orthu seachas sin. Tá ról tábhachtach ag craoltóirí pobail, go háirithe, chun tacú le rannpháirtíocht, cruthaitheacht áitiúil, ábhair spéise mionlaigh agus ionchuimsitheacht shóisialta, agus chun naisc idir daoine, eagraíochtaí agus pobail a neartú.

Tarraingíodh aird san athbhreithniú freisin ar a thábhachtaí atá craoltóirí áitiúla le linn éigeandálaí, imeachtaí drochaimsire agus cásanna eile ina gcaitear faisnéis a scaipeadh go tapa. Ciallaíonn inrochtaineacht agus athléimneacht na seirbhísí raidió saorchraolta, agus an aithne a bhíonn orthu, go

gcuireann siad seirbhís phoiblí thábhachtach ar fáil, go háirithe nuair a bhíonn faisnéis áitiúil atá tráthúil agus iontaofa ag teastáil ón lucht féachana/éisteachta.

### 3.2.6 Teilifís agus an tírdhreach closamhairc amach anseo

- Tá teilifís tábhachtach i gcónaí, ach tá an lucht féachana ag meascadh seirbhísí líneacha, ar éileamh, sruthú agus na meáin shóisialta, níos mó agus níos mó.
- Tá seirbhísí closamhairc na hÉireann in iomaíocht le hardáin idirnáisiúnta anois i margadh atá thar a bheith bloghta.
- Cruthaíonn seirbhísí sruthaithe agus iad sin a sholáthraítear ar an idirlíon deiseanna d'ábhar nideoige, speisialaithe a bhfuil luach poiblí ag baint leis.
- Tá DTT (*Saorview*) fós ag tacú le hinrochtaineacht shaorchraolta, uilíocht agus athléimneacht d'ainneoin an athrú ar nósanna féachana daoine.

Áirítear le seirbhísí teilifíse in Éirinn stáisiúin seirbhísí poiblí, tráchtála agus pobail, arna gcur ar fáil ar leibhéal náisiúnta, go príomha, thar raon ardán, lena n-áirítear trastíre, satailíte, cábla agus IPTV.

Cuireann RTÉ agus TG4 cainéil teilifíse ar fáil don chraoltóireacht seirbhíse poiblí. Tá RTÉ 1 agus RTÉ 2 i measc na seirbhísí RTÉ is mó a bhfuil tóir orthu. Cuireann TG4 seirbhís teilifíse náisiúnta Ghaeilge ar fáil ar fud oileán na hÉireann.

Is é Virgin Media Television Limited an t-aon stáisiún trastíre faoi úinéireacht phríobháideach mar rogha malartach ar na craoltóirí teilifíse seirbhíse poiblí. Oibríonn sé na seirbhísí saorchraolta Virgin Media One, Virgin Media One +1 agus Virgin Media Two, agus na seirbhísí síntiúis Virgin Media Three agus Virgin Media Four. Tá sciar mhór den mhargadh ag RTÉ 1, RTÉ 2 agus Virgin Media One i measc lucht féachana na hÉireann. Tá tithe in Éirinn in ann Teilifís an Oireachtais a fháil freisin, agus meascán de chainéil ón Ríocht Aontaithe agus cainéil idirnáisiúnta (lena n-áirítear BBC, Channel 4, Sky One agus Sky News, U&Dave, Challenge TV, etc.), ag brath ar an ardán teilifíse nó seirbhís a úsáideann siad.

Éascaíonn an Coimisiún próiseas oscailte do chonarthaí soláthair lánais le haghaidh seirbhísí teilifíse digiteacha ar chórais chábla, leathanbhanda/IP agus satailíte. Tá 37 seirbhís den sórt sin ann faoi láthair, ina measc seirbhísí teilifíse fíorasacha, stíl mhaireachtála agus siamsaíochta, lena n-áirítear na cainéil Discovery, Animal Planet, Quest, TLC, agus Food Network, chomh maith le seirbhísí spórt amhail Setanta Sports, SiS World Racing, Premier Sports, agus W Sport.

Bainistíonn an Coimisiún an próiseas ceadúnaithe do sheirbhísí teilifíse a bhfuil ábhar pobail i gceist leo. Faoi láthair, tá dhá sheirbhís ar an aer: DCTV (Dublin Community Television) agus CCTv (Cork Community Television). Mar is amhlaidh le raidió pobail, caithfidh seirbhísí teilifíse pobail freastal ar leasa an phobail lena mbaineann, agus sochar sóisialta a chur ar fáil dóibh, agus caithfidh siad a bheith faoi úinéireacht agus á n-oibriú ag daoine den phobal sin.

Mar a luadh thuas, tá athrú tapa ag teacht ar nósanna an lucht féachana, agus tá breathnóirí ag déanamh rochtain ar ábhar trí mheascán de sheirbhísí teilifíse líní, seirbhísí craolacháin físeán ar éileamh ("BVoD"), seirbhísí físeán ar éileamh ar síntiús ("SVoD"), ardáin meán sóisialta, agus gléasanna teilifíse nasctha/cliste.

Tá rochtain ag an lucht féachana in Éirinn ar raon leathan seirbhísí sruthaithe agus seirbhísí ar éileamh ó sholáthraithe baile agus idirnáisiúnta. Bíonn na seirbhísí sin in iomaíocht le chéile chun lucht féachana a mhealladh trí chatalóga éagsúla scannán, sraitheanna agus ábhar closamhairc eile. Dá bharr sin, tá tábhacht ag baint le hábhar atá Éireannach go sainiúil a bheith ar fáil. Cé go bhfuil méadú mór curtha ag seirbhísí sruthaithe idirnáisiúnta ar na roghanna atá ag breathnóirí anois, tá lucht féachana na hÉireann fós ag léiriú meas ar ábhar a léiríonn cultúr, féiniúlacht, pobail, teanga, spóirt agus dioscúrsa daonlathach na hÉireann. Is cuspóir beartais poiblí tábhachtach é, mar sin, a chinntiú go bhfanfaidh

ábhar den sórt sin ar fáil, agus go mbeidh sé infhionnta agus inbhuanaithe i dtimpeallacht meán atá ag éirí níos iomaíche agus níos domhandaithe an t-am ar fad. Cuireann soláthraithe na meán físeán ar éileamh ("VoD") atá seanbhunaithe in Éirinn raon ábhair ar fáil a léiríonn cuid mhaith de ghnéithe an tsaoil in Éirinn, lena n-áirítear spórt, cluichí Gaelacha, rugbaí, sacar, scannáin faisnéise, agus cartlanna scannán. Cuireann soláthraithe teilifíse líní na hÉireann seirbhísí VoD ar fáil, rud a thugann deis do bhreathnóirí rochtain a fháil ar chláir a craoladh cheana féin, chomh maith le hábhar a chuirtear ar fáil ar éileamh go heisiach. Coimeádann an Coimisiún clár de na seirbhísí VoD, agus tá sé ar fáil anseo.

Tá scéimeanna maoinithe ag an gCoimisiún, amhail Fuaim agus Fís, Claochlú Digiteach, Oileán Comhroinnte agus Iriseoireacht, a thacaíonn le soláthraithe ábhar seirbhíse poiblí ábhar a sheachadadh a chuireann leis an gcumhdach ar chultúr, oidhreacht agus eispéireas na hÉireann.[9]

Tá forbairtí teicneolaíochta agus athruithe ar shainroghanna tomhaltóirí tar éis dlús a chur leis an aistriú leanúnach ó sheirbhísí teilifíse líní traidisiúnta go dtí ábhar closamhairc a úsáid ar éileamh agus ar bhonn sruthaithe. Mar gheall ar an bhfás ar sheirbhísí um Theilifís Sruthaithe Saor in Aisce le Tacaíocht Fógraí ("FAST") agus ar sheirbhísí closamhairc eile a chuirtear ar fáil ar an idirlíon, tá deiseanna ag craoltóirí agus soláthraithe ábhair na hÉireann lucht féachana a aimsiú ar bhealaí nua, go háirithe trí sheirbhísí nideoige, cainéil théamacha agus ábhar lena mbaineann luach poiblí.

Mar thoradh air sin, tá cuideachtaí meán ag dul in iomaíocht le chéile thar chainéil dáileacháin iomadúla, lena n-áirítear craoltóireacht teilifíse líní agus seirbhísí sruthaithe, i dtimpeallacht meán dhinimiciúil a bhfuil mar shaintréithe aici dian-iomaíocht, forbairt teicneolaíochta agus raon leathan soláthraithe ábhair atá ag freastal ar lucht féachana/éisteachta in Éirinn agus ar fud an AE. Ar bhonn tráchtála, féachann soláthraithe seirbhíse meán ar an margadh sruthaithe mar phríomhthiománaí fáis sa todhchaí.

Léiríonn taighde a rinneadh mar chuid den athbhreithniú ar an SSC go bhfuil meas ag lucht féachana/éisteachta na hÉireann ar ábhar a chothaíonn muintearas agus comhrá, agus dúirt 44% go bhfuil imeachtaí a thugann an tír le chéile tábhachtach don chraoltóireacht. Fiú agus fás ag teacht ar an úsáid a bhaintear as ábhar ar éileamh, tá an teilifís bheo fós tábhachtach don nuacht, do chúrsaí reatha, don spórt agus do mhórimeachtaí náisiúnta.[10]

Bunaíodh ardán DTT na hÉireann, *Saorview*, mar chuid den aistriú náisiúnta ó chraoltóireacht teilifíse analóg go digiteach. Seoladh é ar bhonn céimnithe ón mbliain 2010 agus ba é an t-aon ardán teilifíse trastíre saorchraolta in Éirinn tar éis gur múchadh analóg i mí Dheireadh Fómhair 2012.

An t-am céanna a forbraíodh *Saorview,* d'fhéach Údarás Craolacháin na hÉireann ("BAI") le bunú seirbhísí DTT tráchtála a éascú trí phróiseas ceadúnaithe ilphléacs a rinneadh sa bhliain 2008. Níor seoladh aon seirbhísí ilphléacs DTT tráchtála mar thoradh ar an bpróiseas sin, áfach, tar éis do na hiarratasóirí ar éirigh leo tarraingt siar ó idirbheartaíocht.

Ó bunaíodh DTT in Éirinn, tá athrú mór tagtha ar na hearnálacha closamhairc agus cumarsáide. Tá an lucht féachana/éisteachta ag teacht ar ábhar trí theilifíseáin nasctha, ardáin físeán ar éileamh agus seirbhísí eile atá cumasaithe don Idirlíon níos mó agus níos mó, agus tá craoltóirí ag oibriú i dtimpeallacht meán atá ag éirí níos iomaíche agus níos comhtháite an t-am ar fad.

D'ainneoin na bhforbairtí sin, aithníonn an Coimisiún a thábhachtaí atá sé i gcónaí a chinntiú go bhfuil rochtain uilíoch ar sheirbhísí teilifíse. Soláthraíonn DTT rochtain shaorchraolta ar ábhar teilifíse gan síntiús ná nasc leathanbhanda agus tá ról tábhachtach aige i gcónaí i mbonneagar craoltóireachta na hÉireann.

[9] Ciste Meán an Oileáin Chomhroinnte - Coimisiún na Meán
[10] Taighde RED C *"Media Nation: Screens, Streams, and Airwaves"*, Samhain 2025

Cuireann DTT sraith thábhachtach athléimneachta ar fáil laistigh d'éiceachóras meán na hÉireann chomh maith. Murab ionann agus seirbhísí arna soláthar ar an idirlíon, is féidir le DTT rochtain ar sheirbhísí teilifíse a chur ar fáil gan bheith ag brath ar nascacht leathanbhanda agus d'fhéadfadh sé ról tábhachtach a imirt maidir lena chinntiú go mbeidh fáil ar fhaisnéis phoiblí i rith éigeandálaí, mórtheagmhas agus nithe lena mbaineann tábhacht náisiúnta.

### 3.2.7 Litearthacht sna Meáin

- Tá litearthacht sna meáin ag éirí níos tábhachtaí agus an lucht féachana/éisteachta ag fáil rochtain ar ábhar thar raon méadaitheach ardán, seirbhísí agus gléasanna.
- Cabhraíonn litearthacht sna meáin le daoine tuiscint a fháil ar ábhar, seirbhísí agus teicneolaíochtaí meán, agus le meastóireacht a dhéanamh orthu agus idirghníomhú leo.
- Tá scileanna láidre i litearthacht sna meáin in ann cabhrú leis an lucht féachana/éisteachta plé le timpeallachtaí casta faisnéise, mífhaisnéis agus bréagaisnéis a shainaithint, agus roghanna eolasacha a dhéanamh faoi na meáin.
- Tá ról reachtúil ag an gCoimisiún chun litearthacht sna meáin a chur chun cinn agus tacaíonn sé le raon tionscnamh atá deartha chun scileanna litearthachta sna meáin a neartú i sochaí na hÉireann.

Agus an lucht féachana/éisteachta ag úsáid na meán ar ardáin chraolacháin, ar ardáin éileamh, ar na meáin shóisialta agus ar ardáin ar líne, tá litearthacht sna meáin tar éis éirí ina cuid thábhachtach de thimpeallacht meán atá sláintiúil agus athléimneach. Tá an cumas rochtain a fháil ar ábhar meán, é a thuiscint, meastóireacht chriticiúil a dhéanamh air agus idirghníomhú leis thar a bheith ábhartha i dtírdhreach ina bhfuil méid faisnéise atá ag fás i gcónaí, teicneolaíochtaí a bhfuil éabhlóid ag teacht orthu agus foinsí ábhair éagsúla.

Léirigh an taighde a rinneadh mar chuid den athbhreithniú ar an SSC an tábhacht a bhaineann le foinsí iontaofa nuachta agus faisnéise, mar aon leis an ról méadaitheach atá ag ardáin dhigiteacha, córais mholtaí, agus seirbhísí ar líne, maidir le húsáid ábhair. Sa chomhthéacs seo, tá litearthacht sna meáin in ann cabhrú leis an lucht féachana/éisteachta plé le timpeallachtaí casta faisnéise, an chaoi a léirítear agus a ndáiltear ábhar meán a thuiscint, mífhaisnéis agus bréagaisnéis a shainaithint, agus roghanna eolasacha a dhéanamh faoin ábhar agus faoi na seirbhísí a roghnaíonn siad rochtain a dhéanamh orthu.

Tugann an méid a luadh sa Tuarascáil ar Nuacht Dhigiteach na hÉireann 2026 le déanaí léiriú ar a thábhachtaí atá litearthacht sna meáin i dtimpeallacht meán atá ag athrú.[11] Cé go bhfuil laghdú tagtha ar an muinín atá ag daoine as an nuacht go ginearálta, tá muinín ag lucht féachana/éisteachta na hÉireann as soláthraithe nuachta seanbhunaithe i gcónaí, go háirithe RTÉ News agus nuacht ar raidió áitiúil. Ag an am céanna, luadh sa tuarascáil go bhfuil líon níos airde daoine ag seachaint na nuachta, go bhfuil an lucht féachana/éisteachta óg ag brath níos mó ar ardáin dhigiteacha agus ardáin meán sóisialta chun an nuacht a aimsiú, agus go bhfuil níos mó imní ar dhaoine faoi mhífhaisnéis agus faoi ábhar arna ghiniúint ag IS. Treisíonn na torthaí sin a thábhachtaí atá sé tacú le scileanna litearthachta sna meáin a chuireann ar cumas an lucht féachana/éisteachta measúnú criticiúil a dhéanamh ar fhaisnéis agus idirghníomhú go muiníneach le foinsí iontaofa nuachta agus cúrsaí reatha.

Faoina shainchúram reachtúil, déanann an Coimisiún taighde, tionscnaimh agus gníomhaíochtaí a chuireann litearthacht sna meáin chun cinn, spreagann sé iad agus tacaíonn sé leo. Trína Bheartas um Litearthacht sna Meáin agus tríd an tacaíocht a thugann sé do Litearthacht sna Meáin, Éire, oibríonn an Coimisiún le raon leathan páirtithe leasmhara chun forbairt ar litearthacht sna meáin a chur chun cinn, chun comhoibriú a spreagadh agus chun tacú le tionscnaimh a chabhraíonn le daoine na scileanna agus inniúlachtaí a chothú a bhfuil gá leo chun páirt éifeachtach a ghlacadh i dtimpeallachtaí

[11] Tuarascáil_ar Nuacht_Dhigiteach na hÉireann_2026.pdf

meán sa lá atá inniu ann.[12] Meastar gur phróiseas foghlama ar feadh an tsaoil í litearthacht sna meáin, nach mór oiriúnú leanúnach a dhéanamh ina leith de réir mar a thagann éabhlóid ar theicneolaíochtaí meán, seirbhísí meán agus iompair an lucht féachana/éisteachta.

Agus seirbhísí craolacháin ag feidhmiú in éiceachóras digiteach níos leithne, níos mó agus níos mó, beidh ról tábhachtach ag litearthacht sna meáin i gcónaí chun tacú le muinín an lucht féachana/éisteachta, rannpháirtíocht dhaonlathach, saoránacht eolasach agus idirghníomhú leis na meáin agus ábhar seirbhíse poiblí in Éirinn.

### 3.2.8 Soláthar Il-ardáin & Rialáil bunaithe ar Thorthaí

- Tá an lucht féachana/éisteachta ag fáil rochtain ar ábhar ar ardáin, seirbhísí agus gléasanna iomadúla níos minicí anois, seachas ar aon ardán craolacháin amháin.
- Tá craoltóirí ag athrú le bheith ina seirbhísí meán ilardáin, agus ábhar á sholáthar acu ar ardáin chraolacháin, ar éileamh, ar líne, ar na meáin shóisialta, agus ar ardáin fuaime.
- Ba cheart do chreataí rialála díriú i gcónaí ar na torthaí luacha phoiblí a sholáthraítear don lucht féachana/éisteachta, agus solúbthacht a cheadú sa chaoi a mbaintear na torthaí sin amach.
- Is féidir le cur chuige bunaithe ar thorthaí tacú le nuálaíocht, inbhuanaitheacht agus idirghníomhú an lucht féachana/éisteachta, agus leanúint air ag cosaint iolrachta, éagsúlachta, nuachta iontaofa agus ábhair áitiúil ag an am céanna.

Foráiltear le hAcht 2009 go príomha do seirbhísí craolacháin arna soláthar trí ardáin shonraithe a cheadúnú agus a rialáil. Go stairiúil, baineadh cuspóirí rialála amach trí ghealltanais mhionsonraithe maidir le clársceidealúcháin, soláthar foirne, léiriúchán, oibríochtaí, nuacht, cúrsaí reatha, cláir áitiúla, beartas ceoil, ábhar Gaeilge, sainchláir, agus spriocluchtféachana/éisteachta. Tá na gealltanais sin lárnach fós maidir le hiolracht, éagsúlacht, ionadaíocht áitiúil agus luach poiblí a chinntiú.

Tá craoltóirí ag feidhmiú níos mó agus níos mó mar sholáthraithe meán ilardáin. Féadfaidh seirbhís raidió aschur FM a mheascadh le sruthú ar líne, éisteacht siar, callairí cliste, podchraoltaí, na meáin shóisialta, físeán, suíomhanna gréasáin, agus feidhmchláir mhóibíleacha sa lá atá inniu ann. Ar an gcaoi chéanna, tá craoltóirí teilifíse ag comhlánú seirbhísí líneacha le seinnteoirí ar éileamh, físeáin agus gearrthóga ar líne, agus ábhar ar na meáin shóisialta ar bhonn níos mó freisin. I roinnt mhaith cásanna, téann idirghníomhú an lucht féachana/éisteachta níos faide ná an t-ardán craolacháin ceadúnaithe féin.

Léiríonn an taighde a rinneadh mar chuid den athbhreithniú ar an SSC go bhfuil an lucht féachana/éisteachta ag idirghníomhú níos mó ar bhealach atá neodrach ó thaobh an ardáin de. Seachas idirdhealú a dhéanamh idir seirbhísí craolacháin, ar éileamh nó ar líne, tá an lucht féachana/éisteachta ag díriú níos mó ar rochtain a fháil ar ábhar atá ábhartha, áisiúil agus ar fáil san áit agus san am a roghnaíonn siad é a úsáid. Bíonn an lucht féachana/éisteachta óg, go háirithe, ag gluaiseacht idir craoladh beo, seirbhísí sruthaithe, na meáin shóisialta, podchraoltaí, ardáin comhroinnte físeán agus seirbhísí ar éileamh i rith an lae. Mar thoradh air sin, tá an luach poiblí a bhaineann le craoltóireacht go traidisiúnta á sholáthar níos mó agus níos mó ar ardáin iomadúla seachas trí sheirbhís craolacháin cheadúnaithe agus sin amháin.

Tá idir dhúshláin agus dheiseanna do chraoltóirí ag baint leis an éabhlóid seo. Cuireann soláthar ilardáin ar chumas craoltóirí lucht féachana/éisteachta a aimsiú taobh amuigh den sceideal craolacháin traidisiúnta, idirghníomhú le déimeagrafaic a bhfuil sé níos deacra teacht orthu, agus nuacht, faisnéis agus ábhar cultúrtha a dháileadh trí na hardáin a úsáideann an lucht féachana/éisteachta go traidisiúnta. Ag an am céanna, bíonn craoltóirí in iomaíocht le soláthraithe meán domhanda chun aird an lucht féachana/éisteachta a mhealladh, agus mar sin teastaíonn níos mó solúbthachta agus nuálaíochta

[12] Litearthacht sna Meáin - Coimisiún na Meán

uathu sa chaoi a soláthraíonn siad ábhar agus sa chaoi a gcomhlíonann siad cuspóirí seirbhíse poiblí agus rialála.

I dtírdhreach na meán sa lá atá inniu ann, bíonn seirbhísí nuachta craoltóirí ag soláthar feasachán nuachta ag amanna sceidealta agus tuairisciú ar an láthair ag gabháil leo. Ag an am céanna, ní mór dóibh ábhar a sholáthar ar ardáin dhigiteacha agus ar na meáin shóisialta freisin, freastal ar ionchais an lucht féachana/éisteachta maidir le freagairt thapa ar nuacht úr, agus idirghníomhú le mínitheoirí físeáin agus le hábhar fadfhoirme, amhail podchraoltaí. Mar fhreagairt ar an timpeallacht seo, tá iarrtha ag roinnt craoltóirí ar an gCoimisiún le bliain anuas an chaoi a n-ullmhaítear agus a seachadtar seirbhísí nuachta a athrú.

Sa chomhthéacs sin, measann an Coimisiún gur cheart do chuir chuige rialála amach anseo béim níos mó a leagan ar na torthaí a sholáthraítear don lucht féachana/éisteachta, lena n-áirítear nuacht agus faisnéis iontaofa, ionadaíocht áitiúil agus réigiúnach, léiriú cultúrtha, agus iolracht agus éagsúlacht, seachas díriú go heisiach ar an ardán sonrach óna ndéantar an t-ábhar a dháileadh, agus gan cur isteach ar neamhspleáchas eagarthóireachta seirbhísí. Aithnítear leis an gcur chuige seo cineál athraitheach craoltóirí agus úsáid na meán, agus coimeádtar na cuspóirí um leas an phobail atá mar bhonn taca le rialáil na craoltóireachta.

### 3.2.9 Inbhuanaitheacht Craoltóirí Neamhspleácha Éireannacha

- Tá inbhuanaitheacht craoltóirí neamhspleácha lárnach chun iolracht, éagsúlacht agus luach poiblí a sholáthar.
- Braitheann nuacht iontaofa, faisnéis áitiúil, ábhar cultúrtha agus clársceidealúcháin seirbhíse poiblí ar shamhlacha gnó inmharthana.
- Ní mór cothromaíocht a bhaint amach idir nuálaíocht trí DAB+, DTT, sruthú agus seirbhísí IP agus éileamh ón lucht féachana/éisteachta agus réaltachtaí an mhargaidh.
- Déantar breithniú sa chomhairliúchán ar an gcaoi a bhféadfaidh seirbhísí reatha agus nua rannchuidiú le héagsúlacht, nuálaíocht agus luach poiblí i rith thréimhse an SSC.
- Tacaíonn an Coimisiún le hinbhuanaitheacht, nuálaíocht agus forbairt na hearnála trí raon scéimeanna maoinithe a thacaíonn le hiriseoireacht, claochlú digiteach agus ábhar seirbhíse poiblí.

Sainaithníodh san athbhreithniú, cé go bhfuil iolracht, éagsúlacht agus luach poiblí ina gcuspóirí beartais lárnacha i gcónaí, go bhfuil sé an-tábhachtach breithniú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach sheirbhísí meán neamhspleácha. Tá cumas na hearnála leanúint de nuacht iontaofa, cúrsaí reatha, faisnéis áitiúil, ábhar cultúrtha agus clársceidealúcháin seirbhíse poiblí a sholáthar ag brath ar shamhlacha gnó inbhuanaithe atá in ann dul in oiriúint d'athrú mór teicneolaíochta agus iomaíoch.

Téama eile a tháinig as an taighde a rinneadh ar an lucht féachana/éisteachta agus anailís eacnamaíoch is ea an gá le cothromaíocht a bhaint amach idir nuálaíocht agus deiseanna fáis agus réaltachtaí an mhargaidh. Cé go bhfuil forbairtí teicneolaíochta, lena n-áirítear DAB+, DTT, sruthú agus seirbhísí IP-bhunaithe eile in ann deiseanna a chruthú chun feabhas a chur ar roghanna don lucht féachana/éisteachta, éagsúlacht agus nuálaíocht, ní mór an fhorbairt a dhéanfar orthu amach anseo a chur san áireamh, in éineacht le fianaise ar éileamh ón lucht féachana/éisteachta, inbhuanaitheacht an mhargaidh, infhaighteacht speictrim agus leas an phobail ar bhonn níos leithne.

Dá bharr sin, breithnítear sa chomhairliúchán, ní hamháin an ról a bheidh ag na seirbhísí craolacháin atá ann cheana féin sa todhchaí, ach an chaoi a bhféadfaidh teicneolaíochtaí nua agus ardáin dáileacháin rannchuidiú le hiolracht na meán, éagsúlacht, nuálaíocht agus cuspóirí luacha phoiblí a bhaint amach thar shaolré an SSC athbhreithnithe freisin.

Tacaíonn an Coimisiún le hinbhuanaitheacht agus forbairt ar earnáil níos leithne na meán trí raon scéimeanna maoinithe agus scéimeanna tacaíochta atá ceaptha ábhar seirbhíse poiblí, iriseoireacht agus nuálaíocht dhigiteach a neartú. Áirítear leo sin scéimeanna Fuaime agus Físe, chomh maith leis na Scéimeanna Iriseoireachta, lena gcuimsítear An Scéim Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil, Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna agus An Scéim Tuairiscithe Nuachta, a thacaíonn le hiriseoireacht ar ardchaighdeán ar mhaithe le leas an phobail, cumhdach na n-údarás áitiúil, tuairisciú cúirte, agus ábhar nuachta a sholáthar nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh air seachas sin.[13] Tá sé mar aidhm ag na scéimeanna iolracht na meán a chur chun cinn, tacú le hiriseoireacht iontaofa agus inrochtana, agus cumas eagraíochtaí meán a neartú, maidir le hábhar luacha phoiblí a sholáthar. Tá siad ar fáil ar bhonn neodrach ó thaobh ardáin de d'eagraíochtaí meán incháilithe agus cabhraíonn siad leo hábhar áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta leasa phoiblí a sholáthar.

Ina theannta sin, tacaíonn An Scéim um Chlaochlú Digiteach le heagraíochtaí meán dul in oiriúint don timpeallacht meán digiteach atá ag athrú trí infheistiú i dteicneolaíocht, nuálaíocht, táirgí digiteacha, forbairt scileanna agus claochlú eagraíochtúil.[14] Tá an scéim beartaithe cabhrú le soláthraithe ábhar seirbhíse poiblí samhlacha gnó inbhuanaithe a fhorbairt agus a gcumas lucht féachana/éisteachta a aimsiú a neartú trí sheirbhísí digiteacha agus ilardáin. Le chéile, aithníonn na tionscnaimh sin, maidir le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach mheáin na hÉireann, go dteastaíonn ní hamháin ábhar láidir agus idirghníomhú an lucht féachana/éisteachta, ach infheistíocht leanúnach i nuálaíocht, cumas digiteach agus ullmhacht don todhchaí freisin.

Tá inbhuanaitheacht na hearnála á breithniú i gcomhthéacs an athchóirithe reachtaigh níos leithne chomh maith. Mar a dtugtar breac-chuntas air i gCuid 3.1, moltar creat ábhar seirbhíse poiblí nua sa Bille Craolacháin (Leasú), 2026 agus go mbunófar Ciste na Meán, rud a thacóidh le hábhar seirbhíse poiblí a léiriú agus a dháileadh thar raon níos leithne eagraíochtaí meán. Rachadh an creat molta níos faide ná cur chuige craoltóir-láraithe agus chuirfeadh sé béim níos mó ar infhaighteacht ábhar seirbhíse poiblí don lucht féachana/éisteachta, beag beann ar an ardán. Cheanglódh sé ar an gCoimisiún athbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh ar infhaighteacht ábhar seirbhíse poiblí freisin, agus aon bhearnaí sa soláthar a shainaithint. D'fhéadfadh na forbairtí sin tionchar a imirt ar an gcaoi a ndéanfaí ábhar seirbhíse poiblí a mhaoiniú, a choimisiúnú, a dháileadh agus a mheas thar shaolré an SSC. Beidh siad mar chuid thábhachtach den chomhthéacs beartais agus reachtach níos leithne ina bhfeidhmíonn an Straitéis.

### 3.2.10 Intleacht Shaorga sa Chraoltóireacht a Thuiscint

- Tá níos mó agus níos mó úsáide á baint as IS agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn i léiriúchán, eagarthóireacht, aistriúchán, anailísíocht, moltaí agus riarachán.
- D'fhéadfadh IS deiseanna a chruthú do chraoltóirí chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht, inrochtaineacht, inbhuanaitheacht agus idirghníomhú leis an lucht féachana/éisteachta.
- Ardaíonn IS ceisteanna faoi thrédhearcacht, cuntasacht eagarthóireachta, barántúlacht, maoin intleachtúil agus iontaoibh an lucht féachana/éisteachta.
- Is ceisteanna tábhachtacha iad formhaoirseacht dhaonna agus freagracht eagarthóireachta i gcónaí maidir le IS a úsáid i seirbhísí craolacháin ceadúnaithe.
- D'fhéadfadh sé go mbeadh treoir agus idirghníomhú leanúnach de dhíth ó chraoltóirí maidir le IS a úsáid ar bhealach freagrach, eiticiúil agus iontaofa.

Tá tionchair níos mó á imirt ag intleacht shaorga ("IS") agus ag teicneolaíochtaí eile atá ag teacht chun cinn ar thírdhreach na meán. Tá craoltóirí agus eagraíochtaí meán ag fiosrú an chaoi a bhféadfaidh IS tacú le ábhar a chruthú agus a dháileadh, idirghníomhú leis an lucht féachana/éisteachta, inrochtaineacht agus éifeachtúlacht oibriúcháin. Cé go bhfuil éagsúlachtaí ann idir na leibhéil a

[13] Tacaíocht & Maoiniú - Coimisiún na Meán
[14] An Scéim nua um Chlaochlú Digiteach - Coimisiún na Meán

bhfuiltear ag glacadh le IS san earnáil, tá coinne leis go mbeidh sí ina gné thábhachtach den timpeallacht meán fuaime agus closamhairc thar shaolré an SSC seo.

Tá teicneolaíochtaí IS in ann tacú le raon leathan gníomhaíochtaí san earnáil craoltóireachta, lena n-áirítear córais chun cláir a mholadh, fionnachtain ábhair, anailísíocht ar an lucht féachana/éisteachta, seirbhísí fógraíochta, tras-scríobh uathoibrithe, aistriúchán agus fotheidealú, giniúint meiteashonraí, cartlannú ábhair, seirbhísí inrochtaineachta agus sreafaí oibre riaracháin. D'fhéadfadh teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn cabhrú le craoltóirí eispéiris níos pearsantaithe a fhorbairt don lucht féachana/éisteachta, inrochtaineacht a fheabhsú, tacú le hábhar Gaeilge a fhorbairt, agus na próisis léiriúcháin agus dáileacháin ábhair a chuíchóiriú.

Tá craoltóirí ag feidhmiú i dtimpeallacht ina bhfuil an iomaíocht ag géarú i dtaobh aird a mhealladh, athrú ag teacht ar ionchais an lucht féachana/éisteachta, agus níos mó brú ar acmhainní airgeadais agus oibriúcháin. Sa chomhthéacs seo, tá IS agus teicneolaíochtaí gaolmhara in ann deiseanna a chruthú do chraoltóirí de gach méid táirgiúlacht a fheabhsú, idirghníomhú an lucht féachana/éisteachta a fheabhsú agus tacú le nuálaíocht. D'fhéadfadh na deiseanna sin a bheith ábhartha go háirithe do chraoltóirí beaga atá ag lorg bealaí cost-éifeachtúla chun seirbhísí digiteacha agus ilardáin a fhorbairt agus aschur luacha phoiblí a choinneáil ar bun ag an am céanna.

D'fhéadfadh IS tionchar a imirt ar an gcaoi a ndéantar seirbhísí craolacháin a fhoirniú, a léiriú, a chur i láthair agus a dháileadh freisin. Agus na teicneolaíochtaí sin ag teacht chun cinn, d'fhéadfadh ceisteanna a bheith ann faoin méid formhaoirseachta daonna a bheidh de dhíth le haghaidh seirbhísí ceadúnaithe, faoin ról a bheidh ag ábhar agus láithreoirí arna nginiúint ag IS, agus faoin gcaoi ar cheart na coincheapa rialála atá ann cheana féin, amhail rialú eagarthóireachta, cuntasacht agus comhlíonadh, a chur i bhfeidhm i dtimpeallachtaí atá ag éirí níos mó agus níos mó uathoibrithe. Tá na saincheisteanna sin ábhartha go háirithe maidir le cúrsaí craoltóireachta, áit a bhfuil iontaoibh, freagracht eagarthóireachta agus comhlíonadh oibleagáidí reachtúla agus conarthacha ina saintréithe bunúsacha de sheirbhísí ceadúnaithe.

Tarraingíodh aird san athbhreithniú freisin ar thábhacht mhéadaithe fionnachtain ábhair agus córais moltaí faoi stiúir IS. Tá an lucht féachana/éisteachta ag fáil rochtain ar ábhar trí chomhéadain dhigiteacha, innill moltaí, feidhmeanna cuardaigh agus timpeallachtaí faoi rialú ardáin ar bhonn níos mó anois. Agus IS ag éirí níos comhtháite sna córais sin, d'fhéadfadh sí tionchar a imirt ar an gcaoi a ndéanfar ábhar raidió, teilifíse agus closamhairc a aimsiú agus a úsáid, agus ar an méid a bheidh ábhar a léirítear in Éirinn, ábhar áitiúil agus ábhar luacha phoiblí infheicthe agus inrochtana i dtimpeallacht meán dhomhanda a bheidh an-iomaíoch.

Tháinig Gníomh an Aontais Eorpaigh um an Intleacht Shaorga i bhfeidhm i mí Lúnasa 2024 agus bunaítear creat dlíthiúil comhchuibhithe leis a rialaíonn forbairt, soláthar agus úsáid chórais IS ar fud an Aontais Eorpaigh. Leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, déantar forbairt ar IS atá duinelárnach agus iontaofa chun cinn, agus cosnaítear cearta bunúsacha, luachanna daonlathacha agus iontaoibh an phobail. Agus uirlisí IS á gcorprú níos mó agus níos mó ag craoltóirí i léiriú ábhair, idirghníomhú leis an lucht féachana/éisteachta, córais moltaí, modhnóireacht, fógraíocht agus oibríochtaí gnó, caithfidh eintitis rialaithe a gcuid oibleagáidí faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga, agus aon chreataí dlíthiúla eile is infheidhme, a thuiscint agus a chomhlíonadh.

Maidir le craoltóirí agus lucht féachana/éisteachta, ardaíonn IS ceisteanna tábhachtacha faoi thrédhearcacht, iontaoibh, barántúlacht agus freagracht eagarthóireachta. Mar sholáthraithe meán iontaofa, tá freagracht faoi leith ar chraoltóirí a chinntiú go mbeidh an lucht féachana/éisteachta in ann idirdhealú a dhéanamh idir ábhar barántúil agus ábhar arna ghiniúint le IS, nuair is cuí, agus go mbeidh cinntí eagarthóireachta faoi réir ag formhaoirseacht dhaonna bhríoch i gcónaí. Leis an méadú atá ag teacht ar úsáid na meán sintéiseach, guthanna arna nginiúint ag an intleacht shaorga, láithreoirí fíorúla agus uirlisí cruthaithe ábhair uathoibrithe, cuirtear i dtábhacht a thuilleadh an gá atá le cuntasacht shoiléir a choinneáil ar bun maidir le hábhar a chuirtear ar fáil do phobail.

Le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a rinneadh mar chuid den athbhreithniú sin, cuireadh i dtábhacht na deiseanna agus na dúshláin a eascraíonn as an intleacht shaorga agus as teicneolaíochtaí eile atá ag teacht chun cinn. Cé go bhféadfadh na teicneolaíochtaí sin tacú le héifeachtúlacht, nuálaíocht, inrochtaineacht agus rannpháirtíocht níos fearr i measc an phobail, shainaithin páirtithe leasmhara freisin ábhair imní maidir le barántúlacht ábhair, mífhaisnéis, maoin intleachtúil, scileanna lucht saothair, iolracht na meán, agus muinín an phobail. De réir mar a leanann teicneolaíochtaí ag forbairt, beidh gá le rannpháirtíocht leanúnach leis an earnáil chun tacú leis an nuálaíocht agus na croíluachanna atá mar bhonn agus mar thaca ag an rialáil chraolacháin á gcoinneáil ag an am céanna.

Leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, tugtar isteach oibleagáidí trédhearcachta in imthosca áirithe ina gcuirtear ábhar a ghintear leis an intleacht shaorga ar fáil don phobal. Mar sin féin, féadfaidh craoltóirí ceadúnaithe leanúint de fhreagracht eagarthóireachta a choinneáil as ábhar a ndearnadh athbhreithniú daonna nó rialú eagarthóireachta air. Dá bhrí sin, is ábhar tábhachtach machnaimh é an gaol idir comhlíonadh an dlí, cuntasacht eagarthóireachta agus ionchais an phobail maidir le trédhearcacht d'fhorbairt seirbhísí craolacháin amach anseo.

Sa chomhthéacs sin, measann an Coimisiún gur cheart machnamh a dhéanamh ar na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann leis an intleacht shaorga agus le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn i gcomhthéacs chuspóirí níos leithne SSC. Seachas teicneolaíochtaí sonracha a rialáil, ba cheart díriú i gcónaí ar a chinntiú go leanfaidh seirbhísí craolacháin amach anseo de nuacht agus faisnéis iontaofa a sholáthar, pobail agus cultúr na hÉireann a léiriú, tacú leis an iolracht agus leis an éagsúlacht, agus freastal ar an bpobal ar bhealaí atá trédhearcach, cuntasach agus ar féidir brath air. De réir mar a leanann an teicneolaíocht ag forbairt, leanfaidh an Coimisiún de mhonatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí agus de mheasúnú a dhéanamh ar a n-impleachtaí maidir le ceadúnú agus rialáil seirbhísí craolacháin in Éirinn amach anseo.

### 3.2.11 An Creat Rialála Amach Anseo

- Is é Acht 2009 an bonn reachtúil i gcónaí do cheadúnú craolacháin, ach tá dálaí margaidh agus teicneolaíochta níos sine á léiriú i gcodanna den acht sin.
- Sainaithnítear san athbhreithniú raon feidhme chun rialáil a nuachóiriú laistigh de na cumhachtaí atá ann cheana agus trí athchóiriú reachtach amach anseo.
- Léirigh taighde gur mian le páirtithe leasmhara go léireodh an rialáil seachadadh ábhair ilardáin níos fearr, agus cosaintí á gcaomhnú ag an am céanna do nuacht iontaofa, do ghealltanais áitiúla agus d'iolracht.
- Is é is aidhm do SSC athbhreithnithe tacú le rialáil chomhréireach inoiriúnaithe lena gcumasaítear nuálaíocht agus inbhuanaitheacht.

Soláthraíonn Acht 2009 an bonn reachtúil chun seirbhísí craolacháin a cheadúnú agus a rialáil, le go leor forálacha a léiríonn dálaí an margaidh agus na teicneolaíochta a bhí ann nuair a achtaíodh an reachtaíocht ar dtús.

Go dtí seo, tá deiseanna sainaitheanta san athbhreithniú seo ar SSC chun gnéithe áirithe den chreat rialála a nuachóiriú laistigh de na cumhachtaí atá ar fáil faoi láthair don Choimisiún. Áirítear orthu sin scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar gealltanais chonarthacha a shainiú agus a mheasúnú, athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe comhlíontachta agus tuairiscithe chun a áirithiú go leanfaidh siad de bheith comhréireach, agus breithniú a dhéanamh i dtaobh an dtacaíonn na cleachtais cheadúnúcháin atá ann cheana go leordhóthanach leis an nuálaíocht, le rannpháirtíocht an phobail meáin agus le modhanna nua chun ábhar a sheachadadh.

Chuir craoltóirí i dtábhacht go n-oibríonn siad níos mó agus níos mó mar sholáthraithe meán ilardán agus nach léiríonn na socruithe rialála atá ann cheana i gcónaí an chaoi a ndéantar ábhar a choimisiúnú, a dháileadh, a chur chun cinn agus a thomhailt. Chuir go leor páirtithe leasmhara in iúl gur cheart creataí ceadúnúcháin agus comhlíontachta a fhorbairt chun aitheantas a thabhairt don tábhacht mhéadaitheach a bhaineann le dáileadh digiteach, breathnú agus éisteacht ar éileamh, podchraoltaí, rannpháirtíocht sna meáin shóisialta, agus cineálacha neamhlíneacha eile soláthair ábhair. Ag an am céanna, leag páirtithe leasmhara béim ar a thábhachtaí atá sé coimircí iomchuí a choinneáil ar bun maidir le caighdeáin eagarthóireachta, soláthar iontaofa nuachta, gealltanais maidir le clársceidealú áitiúil, agus iolracht na meán.

Dá bhrí sin, cé nach bhfuil aon athrú ar na príomhchuspóirí atá mar bhonn leis an rialáil chraolacháin, is iad sin iolracht, éagsúlacht, luach poiblí, faisnéis iontaofa, ionadaíocht áitiúil agus léiriú cultúrtha, beidh gá le hathchóiriú reachtach chun a áirithiú go leanfaidh an rialáil de bheith comhréireach, inoiriúnaithe agus freagrúil d'athruithe ar iompraíocht an phobail, ar fhorbairtí teicneolaíochta agus ar dhálaí an mhargaidh.

Leagadh béim san athbhreithniú freisin ar a thábhachtaí atá sé a chinntiú go dtacófar le haon athruithe rialála amach anseo, seachas bac, nuálaíocht agus inbhuanaitheacht laistigh d'earnáil na meán neamhspleách. Tá an pobal ag súil níos mó agus níos mó go mbeidh ábhar ar fáil ar fud iliomad ardán agus go seachadfar é trí sheirbhísí nua-aimseartha so-úsáidte. Dá bhrí sin, le cineálacha cur chuige rialála amach anseo, ba cheart cothromaíocht a bhaint amach idir cuspóirí beartais phoiblí agus an gá atá le cur ar chumas craoltóirí dul san iomaíocht go héifeachtach, an pobal a aimsiú cibé áit a n-úsáideann siad ábhar, agus seirbhísí nua a fhorbairt a fhreagraíonn d'ionchais an phobail atá ag teacht chun cinn.

Beidh sé mar aidhm ag an SSC athbhreithnithe na forbairtí margaidh seo agus riachtanais an phobail atá ag teacht chun cinn a léiriú, breathnú chun cinn, agus fís an Choimisiúin don earnáil agus do phobal na hÉireann a chumasú.

Tugann an fhianaise a bailíodh tríd an athbhreithniú le fios, cé go bhfuil iompraíochtaí, teicneolaíochtaí agus margaí an phobail ag forbairt i gcónaí, nach bhfuil aon athrú ar na bunchuspóirí maidir le leas an phobail a bhaineann leis an gcraoltóireacht. Is mór ag an bpobal i gcónaí faisnéis iontaofa, ábhar Éireannach, ionadaíocht áitiúil, iolracht agus inrochtaineacht. Leis na tograí a leagtar amach i gCuid 4 féachtar lena áirithiú gur féidir leanúint de na cuspóirí sin a bhaint amach laistigh de thírdhreach na meáin atá ag éirí níos digití, níos ilardáin agus níos iomaíche.

# CUID 4 – Tograí maidir le SSC

*Leis na Tograí SSC a leagtar amach thíos le haghaidh comhairliúcháin, cuirtear san áireamh cúlra an chomhairliúcháin i gCuid 2 agus tugtar freagra ar an gcomhthéacs reachtach, margaidh, pobail agus rialála a leagtar amach i gCuid 3.*

## 4.1 Prionsabail Ghinearálta

Ráiteas ardleibhéil intinne a bheidh dírithe ar an todhchaí a bheidh sa SSC a thabharfaidh ordú soiléir maidir le gníomhaíochtaí chun creat ceadúnaithe agus rialála cuíchóirithe, nua-aimseartha agus oiriúnaitheach a bhaint amach.

Beidh sé bunaithe ar fhianaise, bunaithe ar thorthaí na ngníomhaíochtaí taighde agus comhairliúcháin a rinneadh in 2025 agus 2026. Beidh sé suite laistigh de na creataí reachtacha náisiúnta agus Eorpacha, Acht 2009, an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc, agus GESM. Beidh sé dírithe ar thorthaí, ag tacú le torthaí straitéiseacha an Choimisiúin a bhaint amach, go háirithe faoi na ceannteidil seo a leanas - daonlathas, cultúr agus meáin na hÉireann, agus éagsúlacht agus ionchuimsitheacht.

Beidh sé nasctha le cuspóirí bheartais ghaolmhara an Choimisiúin (Úinéireacht agus Rialú, Iolrachas na Meán, agus Meáin an Phobail) agus gníomhaíochtaí gaolmhara (e.g. ábhar seirbhíse poiblí, forbairt na meán, agus taighde) agus tacóidh sé leo.

Tá an doiciméad *Bearta Rialála* foilsithe ag an gCoimisiún freisin ina leagtar amach na bearta atá mar bhonn taca leis na gníomhaíochtaí ceadúnaithe agus conarthacha a bhaineann le comhlíonadh. Tá na bearta rialála sin bunaithe go príomha ar Acht 2009 agus ar chuspóirí na Straitéise um Sheirbhísí Craolacháin freisin.

Áirítear ar na gníomhaíochtaí a mholtar faoi Thograí SSC athbhreithniú agus leasú a dhéanamh ar na beartais agus na nósanna imeachta gaolmhara sin. Mar gheall ar luas na n-athruithe teicneolaíocha, nósanna athraitheacha an phobail, forbairtí sa mhargadh, agus athchóiriú féideartha reachtaíochta, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le hathmheasúnú a dhéanamh le linn a ré ar na boinn tuisceana atá mar bhonn faoin Straitéis athbhreithnithe um Sheirbhísí Craolacháin. Cé go bhfuil sé i gceist leis an SSC cinnteacht rialála agus ordú straitéiseach a sholáthar, aithníonn an Coimisiún freisin an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go leanfaidh an SSC de bheith ábhartha agus freagrúil d'fhorbairtí i dtimpeallacht na meán i gcoitinne. Dá bhrí sin, tá suim ag an gCoimisiún i dtuairimí maidir leis na tréimhsí ama is mó a oireann a mholtar thíos.

**4.1 Tograí – Prionsabail Ghinearálta**
Ag aithint di go mbeidh SSC ag feidhmiú thar thréimhse ina mbeidh athrú struchtúrach leanúnach ar thomhaltas fuaime agus closamhairc; dlús faoin dul chun cinn teicneolaíoch agus faoi dhigitiú na meán; brú airgeadais agus comhdhlúthú laistigh de na meáin neamhspleácha; tábhacht mhéadaithe na nuachta iontaofa agus na faisnéise áitiúla, agus an ceanglas maidir leo; agus athchóiriú reachtach ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon, beidh SSC oiriúnaitheach agus glacfaidh sí le cur chuige céimnithe, ina ndéanfar idirdhealú idir na nithe seo a leanas:

- ⇨ Is iad gníomhartha nó tionscnaimh **ghearrthéarmacha [ST]** na cinn is féidir a chur chun feidhme laistigh de chumhachtaí reachtúla reatha an Choimisiúin agus táthar ag súil go gcuirfear chun cinn iad laistigh de **12 mhí** ó fhoilsiú an SSC.
- ⇨ Is iad gníomhaíochtaí **meántéarmacha [MT]** na gníomhaíochtaí sin a bhféadfadh taighde breise, rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, treoirthionscadail, staidéir indéantachta, forbairt

rialála, nó comhairliúchán breise a bheith ag teastáil ina leith. Táthar ag súil go ndéanfar dul chun cinn orthu laistigh de **1-3 bliana** ó fhoilsiú SSC.

⇨ D'fhéadfadh gníomhaíochtaí **fadtéarmacha [LT]** a bheith ag brath ar fhorbairtí margaidh níos leithne, ar athrú teicneolaíoch, ar chinntí beartais Rialtais, ar athchóiriú reachtach, nó ar infheistíocht shuntasach earnála agus meastar go ndéanfar dul chun cinn orthu laistigh de **3-5 bliana** ó fhoilsiú SSC.

**CEISTEANNA – Prionsabail Ghinearálta**

4.1a An aontaíonn tú leis na prionsabail ghinearálta mar a thugtar breac-chuntas orthu thuas?

4.1b An aontaíonn tú gur cheart don SSC a bheith ar ardleibhéal, leis na sonraí oibríochtúla atá i bpleananna ceadúnúcháin bliantúla agus sa doiciméad *Bearta Rialála* de chuid an Choimisiúin?

4.1c An aontaíonn tú gur cheart do SSC straitéis ceadúnúcháin an Choimisiúin a leagan amach don chéad tréimhse 5 bliana eile, nó ar cheart di a bheith níos giorra/níos faide? Mínigh do fhreagra.

4.1d An aontaíonn tú gur cheart don SSC gealltanas a thabhairt maidir le gníomhaíochtaí agus tionscnaimh ghearrthéarmacha, mheántéarmacha agus fhadtéarmacha mar a thugtar breac-chuntas orthu thuas?

## 4.2. Cuspóirí SSC

Ní hamháin gurb é an dúshlán do na blianta amach romhainn an tírdhreach craolacháin atá ann cheana a chaomhnú, ach na dálaí a chruthú d'earnáil meán inbhuanaithe agus éagsúil chun leanúint de bheith ag forbairt, nuálaíocht a dhéanamh agus freastal ar riachtanais phobal na hÉireann.

Aithneoidh an SSC ról na gcraoltóirí neamhspleácha mar sholáthraithe nuachta, faisnéise áitiúla, léirithe cultúrtha agus ábhar seirbhíse poiblí, ag tacú le hiolracht na meán, agus ag cur iontaoibh i meáin na hÉireann chun cinn.

Aithneoidh SSC freisin go mbíonn baint amach na gcuspóirí iolrachta, éagsúlachta agus luacha phoiblí ag brath níos mó agus níos mó ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach earnáil na meán neamhspleách. Le gníomhaíocht cheadúnúcháin, féachfar le hearnáil craolacháin nuálach a chothú ar féidir léi dul in oiriúint d'iompraíocht an phobail atá ag athrú agus do dhálaí an mhargaidh.

Níor cheart breathnú ar an inbhuanaitheacht i dtéarmaí tráchtála amháin ach ba cheart go gcuimseofaí inti freisin cumas seirbhísí meán leanúint de luach poiblí a sholáthar, tacú le rannpháirtíocht dhaonlathach, ionadaíocht a dhéanamh ar phobail, cultúr agus teanga na hÉireann a chur chun cinn, litearthacht sna meáin a fheabhsú agus muinín an phobail a chothabháil. Dá bhrí sin, le cinntí ceadúnúcháin agus rialála amach anseo, féachfar le cothromaíocht a bhaint amach idir an cuspóir maidir le rogha agus éagsúlacht an phobail a mhéadú agus an gá atá le tacú le hearnáil craolacháin inmharthana athléimneach, agus aird chuí á tabhairt ar raon leathan ghníomhaíochtaí an Choimisiúin, lena n-áirítear a thionscnaimh forbartha agus maoinithe meán.

**4.2 Tograí – Cuspóirí SSC**

Dá bhrí sin, beidh roinnt cuspóirí sonracha ag SSC mar seo a leanas:

a) Éagsúlacht agus iolracht i seirbhísí craolacháin a fheabhsú, lena n-áirítear iolracht úinéireachta agus ábhair;

b) Éascú a dhéanamh ar réimse éagsúil seirbhísí craolacháin agus ábhar ilmheán ó chraoltóirí is fearr a fhreastalaíonn ar riachtanais siamsaíochta, faisnéise agus oideachais phobal na hÉireann agus a fhreagraíonn dóibh, agus aird ar leith á tabhairt ar phobail nach ndéantar freastal ceart orthu;

c) Meascán guthanna, dearcthaí, tuairimí agus foinsí nuachta agus cúrsaí reatha sna meáin chlosamhairc a éascú, rud a chuireann leis an díospóireacht dhaonlathach agus leis an tsaoránacht ghníomhach in Éirinn;
d) Tacú le hinbhuanaitheacht níos fadtéarmaí seirbhísí ceadúnaithe;
e) Soláthar fíor-ama, ábhar beo fuaime agus closamhairc a áirithiú ar leibhéal an phobail, ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta;
f) Tírdhreach meán a chothú atá ionadaíoch ar éagsúlacht shochaí na hÉireann agus atá inrochtana di;
g) Cláir ardchaighdeáin a chothú agus a chur chun cinn a chuireann cultúr na hÉireann chun cinn, lena n-áirítear i nGaeilge;
h) Creat rialála a sholáthar lena n-aithnítear soláthar meán ilardáin craoltóirí mar fhreagairt ar riachtanais an phobail atá ag teacht chun cinn;
i) Cruthaitheacht agus nuálaíocht a spreagadh maidir le hábhar, seachadadh agus dáileadh mar ghnéithe sainiúla d'earnáil chlosamhairc na hÉireann;
j) Úsáid éifeachtúil speictrim a áirithiú;
k) Neamhspleáchas eagarthóireachta agus saoirse cainte a chosaint;
l) Tacú le soláthar agus infhionntacht leanúnach ábhair iontaofa nuachta agus cúrsaí reatha;
m) A chinntiú go mbreathnaítear ar sheirbhísí ceadúnaithe mar fhoinsí iontaofa ábhair;
n) Tacú le hinfhionntacht, inrochtaineacht agus suntasacht ábhar Éireannach agus seirbhísí meán iontaofa ar fud timpeallachtaí digiteacha.

**CEISTEANNA – Cuspóirí SSC**

4.2a An aontaíonn tú le gach ceann de na cuspóirí SSC thuas? Mínigh do fhreagra.
4.2b Ar cheart tosaíocht a thabhairt do chuspóirí áirithe thar chuspóirí eile? Mínigh do fhreagra.
4.2c An gceapann tú gur cheart cuspóirí eile a chur leis? Mínigh do fhreagra.
4.2d An aontaíonn tú leis an gcuspóir ceadúnúcháin chun freastal ar riachtanais an phobail nach ndéantar freastal ceart orthu agus measúnú á dhéanamh ar dheiseanna ceadúnúcháin amach anseo? Má tá, cad iad na pobail sprice nó na réimsí ábhair ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh?
4.2e Cén chaoi ar chóir don Choimisiún cothromaíocht a bhaint amach idir an cuspóir tacú le nuálaíocht agus le seirbhísí nua agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach na n-earnálacha a choinneáil?

## 4.3 Ceadúnú Raidió amach anseo (FM agus DAB+)

Déantar foráil i gCuid 6 d'Acht 2009 maidir le conarthaí craolacháin fuaime (raidió) a dhámhachtain. Feidhmíonn an Coimisiún próisis cheadúnúcháin réamhghníomhacha agus fhrithghníomhacha (oscailte) araon. Cuirimid tús le gníomhaíochtaí ceadúnaithe le haghaidh seirbhísí raidió analógacha tráchtála agus pobail agus socraímid spriocdhátaí iarratais. Chun é seo a dhéanamh, déanaimid ár bpleananna ceadúnaithe a cheapadh agus a fhoilsiú ina sonraítear na cineálacha seirbhísí a d'fhéadfadh a bheith ceadúnaithe agus a limistéir/pobail saincheadúnais. Leagtar amach sna pleananna seo bunú seirbhísí nua agus leanúint ar aghaidh le seirbhísí reatha araon, faoi réir infhaighteacht an speictrim.

Ciallaíonn próiseas oscailte nó frithghníomhach gur féidir iarratais a dhéanamh tráth ar bith agus nach gá don Choimisiún iad a thionscnamh trí ghlao poiblí ar léiriú spéise nó trí iarratas ar chonradh agus seirbhís shonraithe. Is féidir linn conarthaí craolacháin a dhámhachtain le haghaidh raidió sealadach (30 lá), raidió pobail píolótach 100 lá, raidió institiúideach agus seirbhísí raidió (digiteacha) maidir le conarthaí soláthair lánais.

### 4.3.1 Ceadúnú Raidió Tráchtála (FM)

Soláthraíonn Ailt 65 – 67 d'Acht 2009 an creat chun iarratais ar chonarthaí raidió tráchtála a lorg agus a mheasúnú laistigh de limistéir shonraithe agus/nó chun díriú ar dhéimeagrafaic shonracha nó ar phobail chomhleasa shonracha laistigh de limistéir. Bronntar na conarthaí sin ar feadh suas le 10 mbliana.

Leanann craoltóireacht FM de rochtain nach mór uilíoch a sholáthar ar sheirbhísí raidió agus is í an príomh-ardán dáilte trastíre do phobal na hÉireann.

I gcomhréir lena dhualgais agus lena chumhachtaí reachtúla, forbraíonn an Coimisiún pleananna ceadúnúcháin le haghaidh seirbhísí craolacháin fuaime tráchtála agus cuireann sé tús leis an bpróiseas trí ghlao poiblí ar léirithe spéise. Tugann an Coimisiún faoi phróisis cheadúnúcháin iomaíocha do gach conradh nua a d'fhéadfaí a fhógairt. Éascaíonn Acht 2009 nós imeachta ceadúnaithe mear in imthosca ina bhfuil an t-aon léiriú spéise a fhaightear le haghaidh seirbhíse atá ann cheana ón sealbhóir reatha ar leis an conradh atá á fhógairt.[15]

I gcás ina mbeartaíonn an Coimisiún conradh craolacháin fuaime nua a fhógairt, féadfaidh sé:

(a) staidéar a dhéanamh i limistéar nó i measc pobail leasa chun leasanna an limistéir nó an phobail sin a fhionnadh i leith na seirbhíse atá beartaithe; nó
(b) staidéar ar an tionchar a bheadh ag seirbhís craolacháin fuaime bhreise ar an earnáil sa limistéar sin.

Le linn an SSC seo, forbrófar pleananna ceadúnaithe bunaithe ar fhaisnéis mhargaidh atá cothrom le dáta, sonraí eacnamaíocha agus comhshaoil, agus riachtanais agus roghanna leanúnacha an phobail.

### 4.3.2 Ceadúnú Raidió Sealadach (FM)

Cuireann Alt 68 d'Acht 2009 ar chumas an Choimisiúin freisin na conarthaí sealadacha craolacháin fuaime seo a leanas a dhámhachtain:

(a) seirbhís raidió shealadach ar feadh suas le 30 lá i dtréimhse 12 mhí: bronntar na conarthaí seo de ghnáth ar ghrúpaí pobail a chuireann tús lena gcéad seirbhís pobail, ar ghrúpaí oideachais, institiúideacha agus/nó mac léinn, agus ar ghrúpaí eile le haghaidh imeachtaí speisialta.
(b) seirbhís raidió pobail shealadach suas le 100 lá laistigh de 12 mhí: bronntar na conarthaí seo ar bhonn píolótach ar ghrúpaí pobail i limistéar saincheadúnais ar leith a bhféadfadh suim a bheith acu seirbhís raidió pobail lánaimseartha a bhunú amach anseo.
(c) conradh craolacháin fuaime institiúideach, a bhronntar de ghnáth ar feadh suas le 5 bliana.

Éascaíonn an Coimisiún próiseas iarratais oscailte do chonarthaí craolacháin fuaime sealadacha agus institiúideacha.

Ní mheasann an Coimisiún gurb iomchuí go ndéanfadh seirbhísí a chuirtear ar fáil faoi na conarthaí gearrthéarmacha seo (30 lá nó 100 lá) fógraíocht thráchtála a chraoladh; ba cheart iad a mhaoiniú trí urraíocht agus trí fhoinsí eile.

### 4.3.3 Ceadúnú Raidió Pobail (FM)

Déantar foráil in Alt 64 maidir le conarthaí a dhámhachtain le haghaidh seirbhísí raidió seachbhrabúsacha arna reáchtáil ag pobal nó pobal leasa i limistéar sonraithe a sholáthraíonn sochair shóisialta don phobal nó don phobal leasa. Is iondúil go ndámhtar na conarthaí sin ar feadh tréimhsí 5 bliana nó 10 mbliana.

[15] Alt 67 d'Acht 2009.

Éascaíonn an Coimisiún cur chuige oscailte maidir le ceadúnú le haghaidh seirbhísí raidió an phobail. Tá *Guidelines for Aspirant Community Groups* foilsithe ag an gCoimisiún do grúpaí atá ag feidhmiú mar sheirbhísí pobail píolótacha. Míníonn siad sin na garspriocanna atá le baint amach agus na riachtanais atá le comhlíonadh sula dtéann siad i mbun plé leis an gCoimisiún maidir le conradh craolacháin fuaime pobail a fhógairt do phobal i limistéar sonraithe, nó do phobal spéise faoi alt 64 d'Acht 2009.

Leanann seirbhísí craolacháin pobail de bheith ag cur go mór le hiolracht na meán, le rannpháirtíocht an phobail, le hionchuimsitheacht shóisialta agus le táirgeadh ábhair áitiúil. Geallann an Coimisiún go dtacóidh sé le forbairt leanúnach na hearnála raidió pobail agus oibreoidh sé leis an earnáil chun samhlacha maoinithe inbhuanaithe agus ceadúnú na seirbhísí sin amach anseo a fhorbairt.

### 4.3.4 Conarthaí Raidió Dhigitigh

Ceadaíonn Alt 71 d'Acht 2009 iarratais ar chonarthaí soláthair lánais. Is iondúil go ndámhtar conarthaí den sórt sin ar feadh 5 nó 10 mbliana, agus éascaíonn an Coimisiún próiseas ceadúnaithe oscailte.

Cuireann conradh soláthair lánais ar chumas conraitheora ábhar cláir a sholáthar lena tharchur mar sheirbhís craolacháin trí líonra cumarsáide leictreonaí. D'fhéadfaí a áireamh leis sin tarchur trí ilphléacs craolta dhigitigh fuaime (DAB+), líonra satailíte, líonra trastíre fosaithe nó móibíleach, líonra teilifíse cábla, líonra teilifíse prótacail idirlín, nó líonraí cumarsáide leictreonaí eile. Dá bhrí sin, soláthraíonn conarthaí soláthair lánais sásra solúbtha atá neodrach ó thaobh ardáin de trína bhféadfar raon seirbhísí fuaime agus closamhairc a cheadúnú agus a rialáil.

I gcomhthéacs an chraolta dhigitigh fuaime (DAB+), chuir conarthaí soláthair lánais ar chumas seirbhísí nua raidió dhigitigh oibriú ar ilphléacsanna trialach. Ní mór do sholáthraithe seirbhíse ar mian leo páirt a ghlacadh in ilphléacs DAB+ conradh soláthair lánais faoi alt 71 a shealbhú nó conradh craolacháin fuaime atá ann cheana a cheadaíonn tarchur comhchraolta ar ilphléacs. Ní thugann conradh soláthair lánais ann féin aon cheart rochtana ar ardán ilphléacs nó tarchurtha, agus ní mór do sholáthraithe seirbhíse socruithe iompair a dhéanamh ar leithligh leis an oibreoir ilphléacs ábhartha.

Agus measúnú á dhéanamh ar iarratais ar chonarthaí soláthair lánais, breithníonn an Coimisiún réimse tosca, lena n-áirítear comhlíonadh na gceanglas reachtaíochta, clársceidealú beartaithe agus luach poiblí na seirbhíse, taithí agus acmhainní an iarratasóra, agus a mhéid a thacaíonn an togra le cuspóirí an SSC, lena n-áirítear iolracht, éagsúlacht, nuálaíocht, inbhuanaitheacht agus cur chun cinn ábhar Gaeilge.

### 4.3.5 Craoladh Digiteach Fuaime (DAB+)

Tugann Alt 133 d'Acht 2009 cumhacht don Choimisiún conarthaí a dhéanamh chun ilphléacsanna craolta dhigitigh fuaime a bhunú, a oibriú agus a chothabháil. Go dtí seo, tá seirbhísí DAB+ in Éirinn ag feidhmiú trí thrialacha atá údaraithe ag ComReg, agus níl aon chreat ceadúnaithe buan bunaithe go fóill.

Mar atá leagtha amach in Alt 3.2.4, tá fianaise luachmhar curtha ar fáil ag an triail DAB+ reatha maidir le héileamh an phobail, rannpháirtíocht craoltóirí, éagsúlacht seirbhíse, tuairisciú, agus seachadadh teicniúil. Tá sé léirithe ag an triail freisin go bhfuil sé d'acmhainn ag DAB+ tacú le raon níos leithne seirbhísí agus le rogha an phobail níos fearr laistigh de mhargadh raidió na hÉireann.

Measann an Coimisiún go bhféadfadh DAB+ deiseanna a chur ar fáil chun iolracht, nuálaíocht, éifeachtúlacht speictrim agus inbhuanaitheacht seirbhísí raidió trastíre a fheabhsú. Mar sin féin, bheadh ar aon chreat ceadúnúcháin amach anseo éileamh an phobail, inmharthanacht an mhargaidh, riachtanais theicniúla, agus leasanna craoltóirí atá ann cheana agus craoltóirí ionchasacha a chur san áireamh.

Cuirfidh torthaí na trialach reatha, mar aon le freagraí ar an gcomhairliúchán seo, bonn eolais faoi bhreithniú an Choimisiúin ar cheart creat ceadúnaithe buan DAB+ a fhorbairt agus conas ba cheart é sin a dhéanamh.

### 4.3.6 Infheictheacht agus Cur Cun Cinn Raidió

Cé go bhfuil rannpháirtíocht láidir lucht éisteachta ag an raidió craolta i gcónaí, go háirithe ó thaobh le nuacht iontaofa, faisnéis áitiúil, siamsaíocht agus comhluadar, cruthaíonn treocht tomhaltais na meán atá ag athrú, dúshláin nua maidir le hinfheictheacht agus infhaighteacht seirbhísí raidió na hÉireann. Tá lucht éisteachta ag súil go mbeidh ábhar ar fáil gan uaim ar fud gléasanna agus ardáin éagsúla, agus is mó seans go bhfaighidh an t-aos óg go háirithe ábhar fuaime trí chuardach, moltaí agus comhroinnt shóisialta ná trí nascleanúint craolta traidisiúnta.

Léiríonn taighde lucht féachana a rinneadh mar chuid den athbhreithniú seo, mar aon le torthaí ó Thuarascáil Mhargadh Fuaime na hÉireann, go bhfuil cainteoirí cliste ag glacadh níos mó agus rannpháirtíocht mhéadaitheach le seirbhísí fuaime ar éileamh (56%). Sa taighde Red C, tá úinéireacht cainteoirí cliste (55%) níos mó ná gléasanna raidió traidisiúnta (51%) i measc na ndaoine a ndearnadh suirbhé orthu. Tá lucht féachana na hÉireann ag rochtain níos mó ar sheirbhísí raidió trí chomhéadain dhigiteacha in éineacht le fáiltiú craolta traidisiúnta. Tá ról níos tábhachtaí anois ag cainteoirí cliste, feithiclí nasctha, feidhmchláir soghluaiste, comhiomlánaithe sruthú, cúntóirí gutha, feidhmeanna cuardaigh agus córais mholta maidir leis an gcaoi a n-aimsíonn éisteoirí ábhar fuaime agus a rochtain orthu

D'aithin an t-athbhreithniú imní i measc craoltóirí go bhféadfadh infheictheacht agus infhaighteacht seirbhísí raidió na hÉireann a laghdú go mór laistigh de thimpeallachtaí rialaithe ardáin de réir mar a mhéadaíonn an iomaíocht d'aird an lucht féachana agus éisteachta. Tá sé seo ábhartha go háirithe i bhfeithiclí nasctha, cainteoirí cliste, agus comhéadain dhigiteacha eile ina bhféadfadh soláthraithe teicneolaíochta, seachas craoltóirí nó lucht féachana, a chinneadh conas a chuirtear ábhar fuaime i láthair, a rangú agus a mholadh.

Measann an Coimisiún go gcaithfear inrochtaineacht, infhaighteacht agus tábhacht sheirbhísí raidió na hÉireann a chothabháil, go háirithe iad siúd a sholáthraíonn nuacht iontaofa, faisnéis áitiúil, ábhar cultúrtha Éireannach agus cineálacha eile ábhar a bhfuil luach mór poiblí ag baint leis, d'fhorbairt thírdhreach fuaime na hÉireann sa todhchaí.

### 4.3.7 Ábhair Machnaimh

Mar a sainaithníodh le linn an phróisis athbhreithnithe, tá an margadh fuaime níos leithne ag éirí níos éagsúla, agus rochtain a fháil ag an bpobal ar raon méadaitheach ábhair trí ardáin dhigiteacha, podchraoltaí, seirbhísí sruthaithe ceoil, agus timpeallachtaí hibrideacha craolacháin-Prótacal Idirlín. Ardaíonn na forbairtí sin ceisteanna tábhachtacha maidir le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach na socruithe dáilte craolacháin atá ann cheana, ceanglais infheistíochta amach anseo, úsáid speictrim, agus an chothromaíocht iomchuí idir seirbhísí trastíre traidisiúnta agus ardáin seachadta dhigiteacha.

Tá an Coimisiún ag féachaint ar an úsáid is fearr a bhaint as an speictream FM atá fágtha, chomh maith leis an bhféidearthacht creat ceadúnúcháin DAB+ a bhunú mar chonair chomhlántach do sheirbhísí raidió nua áirithe.

Tá suim ag an gCoimisiún tuairimí a fháil ar cibé ar cheart do raidió FM amach anseo tosaíocht a thabhairt do sheirbhísí a chuireann breisíocht shoiléir ar fáil do phobal na hÉireann, ar nós seirbhísí Gaeilge, seirbhísí atá dírithe ar an aos óg, seirbhísí pobail, formáidí nideoige, athsheachadáin líonta i gceantair ina bhfuil drochghlacadh FM, nó síntí geografacha spriocdhírithe i gcás ina bhfuil údar cuí leo ar bhonn inbhuanaithe.

Is mian leis an gCoimisiún tuairimí a bhailiú maidir leis an ról a d'fhéadfadh a bheith ag DAB+ in éiceachóras fuaime na hÉireann amach anseo, an chaoi a bhféadfadh sé seirbhísí FM agus seirbhísí ar líne a chomhlánú, agus na coinníollacha beartais, rialála, teicniúla agus margaidh a bheadh riachtanach chun go mbeifí in ann forbairt níos leithne a údarú. Lorgaíonn na ceisteanna tuairimí freisin ní hamháin ar fhiúntas an chraolta dhigitigh fuaime (DAB+) féin, ach freisin ar a mhéid a d'fhéadfadh sé aghaidh a thabhairt ar chuspóirí SSC a bhaineann le hiolracht, nuálaíocht, rogha an phobail, iontráil sa mhargadh, srianta speictrim, agus inbhuanaitheacht na seirbhísí raidió amach anseo.

**4.3 Tograí – Ceadúnú Raidió Amach Anseo**
Tá sé i gceist leis na tograí seo a leanas tacú le forbairt seirbhísí raidió amach anseo ar feadh shaolré an SSC.

- Togra 1: Déanfaidh an Coimisiún conarthaí atá ann cheana a fhógairt, a bhainistiú agus a athnuachan do gach raidió tráchtála agus raidió pobail náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. [ST]
- Togra 2: Déanfaidh an Coimisiún iniúchadh ar an bhféidearthacht do sheirbhísí nua craolacháin fuaime tráchtála ar chur ar bun ar an mbanda FM a dhíríonn ar phobail spéise agus/nó ar leasanna nideoige. [LT]
- Togra 3: Cuirfidh an Coimisiún fáilte roimh iarratais ar chonarthaí nua raidió an phobail ar an mbanda FM de réir na nósanna imeachta reatha do ghrúpaí pobail uaillmhianacha. [MT]
- Togra 4: Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le páirtithe leasmhara d'fhonn Treochlár DAB+ a fhorbairt ina sainaithneofar gníomhartha réamhcheadúnúcháin agus roghanna ceadúnaithe féideartha. Cinnteoidh an Coimisiún gur féidir aon roghanna ceadúnúcháin a aithnítear a chur i bhfeidhm go hincriminteach, ailínithe le héifeachtúlacht speictrim, inbhuanaitheacht, agus éileamh an mhargaidh agus an lucht féachana. [ST]
- Togra 5: Tabharfaidh an Coimisiún faoi thaighde bliantúil ar thomhaltas na meán a thacóidh le pleananna ceadúnaithe agus a thacóidh le hathruithe ar a shocruithe rialála thar thréimhse an BSS. [MT]
- Togra 6: Breithneoidh an Coimisiún a mhéid is féidir ceanglais rialála a shrathrú/a dhifríocht idir seirbhísí, ag féachaint do nithe amhail saghas, scála, sroicheadh lucht éisteachta, agus ardán dáilte. [MT]
- Togra 7: Leanfaidh an Coimisiún de shruthlíniú a dhéanamh ar an bpróiseas iarratais agus athrú conarthach do gach conradh raidió ar an mbanda FM agus ar na hardáin dhigiteacha (conarthaí soláthair lánais). [MT]
- Togra 8: Scrúdóidh an Coimisiún cé acu a léiríonn nó nach léiríonn na limistéir saincheadúnais atá ann faoi láthair patrúin reatha an daonra, na comaitéireachta agus an pobal, bunaithe ar thorthaí an chomhairliúcháin seo. [LT]
- Togra 9: Leanfaidh an Coimisiún ag déanamh monatóireachta ar fhorbairtí a théann i bhfeidhm ar infhaigheacht, inrochtaineacht agus suntasacht seirbhísí raidió/fuaime na hÉireann ar fud feithiclí nasctha, cainteoirí cliste, ardáin sruthú agus timpeallachtaí fuaime digiteacha eile. [ST]
- Togra 10: Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le craoltóirí, le soláthraithe ardáin agus le páirtithe leasmhara eile chun bearta féideartha a shainaithint a d'fhéadfadh tacú le hinfhaigheacht agus inrochtaineacht seirbhísí raidió na hÉireann agus ábhar fuaime ar luach poiblí i dtimpeallachtaí digiteacha. [MT]

**CEISTEANNA – Ceadúnú Raidió Amach Anseo**

4.3a An aontaíonn tú leis na tograí thuas? Mínigh do fhreagra.

4.3b An aontaíonn tú leis an togra gur cheart speictream FM a chur in áirithe do na roghanna a thugtar breac-chuntas orthu? Mura n-aontaíonn tú leis an tuairim seo, cad iad na cineálacha seirbhísí FM nua, más ann dóibh, ar cheart iad a chur san áireamh agus cén fáth?

4.3c Sainaithin pobail chomhleasa nua/bhreise a chreideann tú gur cheart do sheirbhísí raidió FM freastal orthu?

4.3d An bhfuil formáidí, seánraí nó cineálacha seirbhíse sonracha nach bhfuil ar fáil faoi láthair, nó nach bhfuil ar fáil a ndóthain, do lucht éisteachta na hÉireann ba cheart a chur san áireamh i bpróisis ceadúnaithe amach anseo? Mínigh do fhreagra.

4.3e An gceapann tú gur cheart do stáisiúin raidió FM atá ann cheana a bheith srianta fós do theorainneacha geografacha (contae/réigiúin) atá ann cheana i gcás ina bhfuil na seirbhísí sin inrochtana ar fud na tíre ar theicneolaíochtaí/ardáin eile? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

4.3f An aontaíonn tú nár cheart do sheirbhísí craolacháin fuaime sealadacha, seirbhísí craolacháin fuaime pobail píolótacha san áireamh, fógraíocht a chraoladh?

4.3g Cad iad na riachtanais nó tionchair lucht éisteachta a gceapann tú a bhféadfadh DAB+ aghaidh a thabhairt orthu nach bhfuil á soláthar cheana ag an raon seirbhísí FM, nó nach féidir leo iad a sholáthar? Go háirithe, an bhféadfadh DAB+ tacú le seirbhísí nideoige nó speisialaithe, nó freastal ar lucht éisteachta nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh air ar bhealach níos fearr? I dtaca leis sin, ar cheart do DAB+ tús áite a thabhairt do chlúdach náisiúnta, réigiúnach, áitiúil nó ar mhionscála? Mínigh agus tabhair cúiseanna le do fhreagraí.

4.3h I gcás seirbhísí a oibríonn ar bhonn DAB amháin, ar cheart feidhm a bheith ag gealltanais áitiúla/réigiúnacha, chultúrtha, nuachta agus gealltanais ábhair eile?

4.3i Cad iad na gnéithe, tacaíochtaí, bearta nó dreasachtaí a bheadh riachtanach chun DAB+ a dhéanamh tarraingteach do chraoltóirí atá ann cheana, d'iontrálaithe féideartha nua agus don lucht éisteachta?

4.3j Cad iad na bearta ba chóir do chraoltóirí, do sholáthraithe ardáin, do lucht déanta beartas nó do rialtóirí a dhéanamh, más ann dóibh, chun tacú le hinfhaighteacht agus inrochtaineacht seirbhísí raidió na hÉireann agus ábhar fuaime ar luach poiblí i dtimpeallachtaí digiteacha?

## 4.4 Áitiúlachas, Réigiúnachas agus Luach Pobail

Tá ról sainiúil agus tábhachtach fós ag seirbhísí craolacháin áitiúla, réigiúnacha agus pobail i dtírdhreach na meán in Éirinn. I dteannta ábhair agus meán eile, cuireann seirbhísí raidió áitiúla agus pobail foinse áitiúil nuachta agus faisnéise ar fáil atá ábhartha, tráthúil, cruinn agus iontaofa, agus cuireann siad le hiolracht na meán.

Measann an Coimisiún gur láidreachtaí lárnacha iad féiniúlacht áitiúil, cuspóir, cinnteoireacht áitiúil eagarthóireachta, iriseoireacht áitiúil agus ábhar atá ábhartha go háitiúil d'earnáil raidió na hÉireann agus gur torthaí tábhachtacha luacha phoiblí iad ba cheart a choinneáil mar ghealltanais cheadúnaithe, beag beann ar athruithe ar ardáin dáileacháin nó samhlacha oibriúcháin amach anseo.

**4.4 Tograí – Áitiúlachas, Réigiúnachas agus Luach Pobail**
Measann an Coimisiún gurb é carachtar seirbhíse croífhéiniúlacht agus cuspóir stáisiúin raidió, lena n-áirítear an sprioclucht féachana/an pobal a bhfreastalaíonn sé air, a fhormáid shonrach, agus na gealltanais chláir a chaithfidh sé a choinneáil le linn thréimhse an chonartha.

- Togra 1: Beidh gealltanais 'carachtar áitiúil' ag teastáil ó gach conradh craolacháin do na meáin réigiúnacha, áitiúla agus pobail. Beidh gealltanais ag teastáil ón gCoimisiún maidir le nuacht áitiúil, faisnéis áitiúil, nasc pobail, agus neamhspleáchas eagarthóireachta agus cuntasacht do sholáthraithe raidió réigiúnacha agus áitiúla. [ST]

**CEISTEANNA – Áitiúlachas, Réigiúnachas agus Luach Pobail**

4.4a An aontaíonn tú gur cheart a cheangal ar sheirbhísí raidió a cheadúnaítear mar sheirbhísí áitiúla nuacht, spórt agus croífhaisnéis áitiúil amhail trácht, faisnéis taistil agus aimsir a chur ar fáil? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

4.4b Conas ba cheart don Choimisiún 'áitiúlachas' a shainiú ó thaobh ionchuir (más ann dó) agus aschur de; cad iad na saintréithe a cheapann tú atá is tábhachtaí chun féiniúlacht áitiúil nó réigiúnach seirbhíse craolacháin a chinntiú? Conas is féidir leis an gCoimisiún áitiúlachas a chosaint gan ionchur áitiúil, mar shampla, iriseoirí agus foireann ar an láthair, a bheith ag teastáil?

4.4c Cad iad do bharúlacha faoi stáisiúin raidió áitiúla agus réigiúnacha a bheith ag líonrú/comhchraoladh clár le seirbhísí raidió eile a fhreastalaíonn ar phobail agus ar cheantair eile? An laghdófaí leis sin a mhéid a fhreastalaíonn seirbhísí ar riachtanais lucht éisteachta áitiúil agus réigiúnaigh? An n-athrófaí do bharúil dá gcuirfí srian le cláir líonraithe d'uaireanta seachbhuaice, ar nós tráthnóntaí nó thar oíche?

## 4.5 Ceadúnú Teilifíse Amach Anseo

Rialaítear na seirbhísí, an t-ábhar agus ilphéacsanna a fhéadfaidh an Coimisiún a cheadúnú le Codanna 6 agus 8 d'Acht 2009. Leagtar amach leis raon conarthaí seirbhísí craolacháin, soláthair ábhair agus ilphléacs is féidir leis an gCoimisiún a dhéanamh, mar a leanas:

- Alt 70 (Conradh Seirbhíse Clár Teilifíse náisiúnta) - Déantar foráil maidir le conradh seirbhíse teilifíse saorchraolta náisiúnta a bhronnadh ina bhfuil ceanglais maidir le clársceidealú cultúrtha, daonlathach agus chun leas an phobail.
- Alt 71 (Conarthaí Soláthair Lánais) - Tá feidhm ag conarthaí soláthair lánais alt 71 maidir le seirbhísí líneacha teilifíse agus raidió a sheachadtar trí ardáin tríú páirtí, lena n-áirítear satailít, cábla, teilifís IP (IPTV) agus ilphléacsanna craolacháin (DTT agus DAB+).
- Alt 72 (Conarthaí Soláthair Lánais Pobail) - Ceadaítear do ghrúpaí pobail ábhar cláir a sholáthar lena chraoladh i gcás inarb é tairbhe don pobal is cuspóir dó sin ar bhonn seachbhrabúsach, agus aon íocaíocht as teoranta do chostais réasúnta a fháil ar ais.
- Le halt 131 (Conarthaí Ilphléacs) d'Acht 2009, cumhachtaítear an Coimisiún chun conarthaí a dhéanamh le hoibritheoirí ilphléacs chun ilphléacsanna craolacháin digiteacha, lena n-áirítear ilphléacsanna náisiúnta, a bhunú, a oibriú agus a chothabháil.

Cuireann an Coimisiún tús leis an próiseas ceadúnaithe le haghaidh seirbhísí teilifíse analógacha saorchraolta tráchtála agus pobail agus socraímid sprioc-amanna iarratais.Chun seo a dhéanamh, ceapann sé agus foilsíonn sé agus a fhoilsiú ina sonraítear na cineálacha seirbhísí a d'fhéadfadh a bheith ceadúnaithe agus a limistéir/pobail saincheadúnais.

Tá sé d'oibleagáid reachtúil ar an gCoimisiún féachaint le socrú a dhéanamh chun trí ilphléacs teilifíse náisiúnta a bhunú, a chothabháil agus a oibriú. Chomhlíon an Coimisiún na dualgais reachtúla sin trí phróiseas ceadúnaithe ilphléacs a oibriú in 2008, rud nár éirigh leis toisc gur tharraing na hiarratasóirí amach as an bplé tráchtála. Bhí bacainní móra roimh iontráil agus tá siad fós ann.

Measann an Coimisiún nach dóchúil go dtacóidh na dálaí margaidh le bunú seirbhísí ilphléacs DTT tráchtála le linn SSC.[16] Chun rochtain uilíoch a sholáthar amach anseo, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé gur gá breithniú a dhéanamh ar chuir chuige níos leithne a bheidh neodrach ó thaobh an ardáin de agus atá dírithe ar thorthaí beartais phoiblí, lena n-áirítear inrochtaineacht, feiceálacht, infhionntacht, athléimneacht agus luach poiblí, seachas ar theicneolaíochtaí tarchuir sonracha amháin.

[16] Faoi shocruithe rialála AE atá ann faoi láthair, tá an banda fo-700 Mhz UHF (470-694 MHz) ar a n-oibríonn DTT fós cosanta le haghaidh úsáid craolacháin go dtí 2030 ar a laghad.

Mar a tugadh ar aird i gCuid 3, is dócha go mbeidh samhlacha hibrideacha, lena gcomhcheanglaítear dáileadh craolacháin agus dáileadh atá bunaithe ar an idirlíon, ina gcomhartha sóirt den timpeallacht teilifíse amach anseo. Tagann breathnóirí ar ábhar níos mó agus níos mó trí chomhéadain scáileáin baile, aipmhargaí, feidhmeanna cuardaigh agus córais moltaí, seachas trí nascleanúint thraidisiúnta bunaithe ar chainéil, amhail EPG (eolaire leictreonach clár). Baineann an dúshlán atá roimh chraoltóirí níos mó agus níos mó le hinfhionntacht, difreáil agus rannpháirtíocht lucht féachana, seachas leis an dáileadh amháin.

Trí cheadúnú teilifíse, féachfaidh an Coimisiún le tacú le hearnáil teilifíse éagsúil, inbhuanaithe agus inrochtana a leanfaidh d'ábhar seirbhíse poiblí a sheachadadh do lucht féachana na hÉireann, beag beann ar an ardán trína dtagtar air. San fhadtéarma, dá bhrí sin, ní mór don bheartas teilifíse breithniú a dhéanamh ní hamháin ar an gcaoi a seachadtar seirbhísí, ach freisin ar an gcaoi ar féidir le hábhar, nuacht iontaofa agus cláir luacha phoiblí na hÉireann fanacht infheicthe agus ábhartha do lucht féachana i dtimpeallachtaí féachana atá faoi stiúir ardáin níos mó agus níos mó.

**4.5 Tograí – Ceadúnú Teilifíse Amach Anseo**

- Togra 1: Éascóidh an Coimisiún próiseas oscailte ceadúnaithe teilifíse le haghaidh seirbhísí teilifíse tráchtála agus pobail digiteacha (faoi chonarthaí soláthair lánais). [GT]
- Togra 2: Éascóidh an Coimisiún cur chuige solúbtha i leith tréimhsí conartha, athnuachan conartha, agus éagsúlachtaí conartha le haghaidh conarthaí soláthair lánais. [GT]
- Togra 3: Geallfaidh an Coimisiún athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar DTT. Leis an athbhreithniú sin, breithneofar iompraíocht lucht féachana, forbairtí teicneolaíochta, beartas speictrim, costais dáileacháin, éileamh an mhargaidh, forbairtí i ndlínsí Eorpacha eile agus ról leanúnach DTT i dtacú le huilíocht, inrochtaineacht agus athléimneacht. [MT]
- Togra 4: Leanfaidh an Coimisiún de mhonatóireacht agus taighde a dhéanamh ar fhorbairtí sa réimse seo, lena n-áirítear tionscnaimh beartais ábhartha Eorpacha agus idirnáisiúnta, agus rachaidh sé i gcomhairle maidir leis na himpleachtaí a bheidh ann maidir le rochtain lucht féachana, iolracht, feiceálacht, infhionntacht agus ábhar luacha phoiblí thar shaolré an SSC seo. [FT]

**CEISTEANNA – Ceadúnú Teilifíse Amach Anseo**

4.5a An aontaíonn tú leis na tograí thuas? Mínigh do fhreagra.

4.5b Cad iad na bacainní rialála, teicniúla, tráchtála nó eile, más ann dóibh, a théann i bhfeidhm ar bhunú nó inbhuanaitheacht seirbhísí teilifíse nó físeáin ar éileamh in Éirinn?

4.5c Ar cheart don Choimisiún cur chuige níos réamhghníomhaí a ghlacadh i leith ceadúnú teilifíse, mar shampla, trí chineálacha sonracha seirbhísí a spreagadh? Mínigh do fhreagra.

4.5d Ar cheart do chonarthaí soláthair lánais íoscheanglais maidir le hábhar cultúrtha Éireannach agus ábhar luacha phoiblí a áireamh? Má cheapann tú gur cheart, cad iad na cineálacha ceanglas a bheadh oiriúnach?

4.5e An aontaíonn tú gur cheart an leibhéal soláthair seirbhíse DTT/*Saorview* atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun? Mínigh do fhreagra.

## 4.6 Rialáil bunaithe ar Thorthaí agus Seachadadh Ilardáin

Le téarmaí na gconarthaí craolacháin agus beartais ghaolmhara an Choimisiúin, lena n-áirítear an Beartas maidir le Rialú agus Úinéireacht, an Beartas um Meáin Phobail, agus Bearta Rialála, tugtar solúbthacht chun freastal ar fhorbairt na seirbhísí raidió, ar choinníoll nach n-athraítear an tseirbhís cheadúnaithe go hábhartha le leasuithe.

Mionsonraítear leis an doiciméad *Bearta Rialála* cur chuige an Choimisiúin i leith sé bheart rialála mar a leanas: (i) Ceanglas maidir le Nuacht agus Cúrsaí Reatha, (ii) Clársceidealú Scar-Rogha, (iii) Fógraíocht Scar-Rogha, (iv) Uathoibriú agus Líonrú Cláir, (v) Comhroinnt Feidhmeanna Neamhchláir, agus (vi) Suíomh Stiúideo.

Laistigh de pharaiméadair Acht 2009, tá an Coimisiún ag fiosrú cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí níos mó airde a thabhairt ar thorthaí seachas ar ionchuir mhionsonraithe le gnéithe den chreat ceadúnaithe agus comhlíonta. D'fhéadfadh sé sin gealltanais seirbhíse níos leithne, solúbthacht oibríochtúil níos fearr agus fócas níos láidre ar luach ábhair agus ar thionchar lucht éisteachta a chumasú, agus cuntasacht agus trédhearcacht á gcoinneáil ar bun ag an am céanna. Mar shampla, ceadaítear le hAcht 2009 maoluithe ón gceanglas nach mór do gach stáisiún raidió FM 20% nuacht agus cúrsaí reatha a sholáthar. Faoi láthair, tá stáisiúin ceoil agus óige, ach níl stáisiúin áitiúla a bhfuil formáid leathan acu, in ann iarratas a dhéanamh ar an maolú sin de réir Bhearta Rialála an Choimisiúin. D'fhéadfaí é sin a leathnú chun stáisiúin eile a chlúdach, ar choinníoll go mbíonn an Coimisiún sásta go mbeadh an maolú chun tairbhe d'éisteoirí na seirbhíse.[17]

Leis an gcur chuige sin, ní bhainfí oibleagáidí reachtúla ná ní laghdófaí croícheanglais luacha phoiblí, ná ní bheadh rialáil ábhair ar líne stáisiúin i gceist leis. Ina ionad sin, thabharfaí níos mó solúbthachta do chraoltóirí maidir leis an gcaoi a mbaineann siad torthaí comhaontaithe amach, ag féachaint don chineál seirbhíse, riachtanais lucht éisteachta, forbairtí teicneolaíochta agus patrúin tomhaltais meán atá ag athrú. Ó thaobh na hiolrachta de, bheadh sé d'aidhm ag an gcur chuige aimsiú ábhair seirbhíse poiblí a sholáthraíonn craoltóirí a leathnú.

Is é tuairim an Choimisiúin gur cheart do chroíghealltanais maidir le hábhar a dhéantar le linn ceadúnaithe leanúint de bheith fréamhaithe sa tseirbhís cheadúnaithe craoltóireachta líní agus de bheith inaitheanta go soiléir do lucht éisteachta. Mar sin féin, d'fhéadfaí gealltanais áirithe a fhorlíonadh agus a léiriú freisin trí sheachadadh ilardáin, agus cothromaíocht á haimsiú idir é sin agus cinnteacht rialála, trédhearcacht, comhsheasmhacht agus maoirsiú éifeachtach ar chomhlíonadh.

### 4.6 Tograí – Rialáil bunaithe ar Thorthaí agus Seachadadh Ilardáin

- Togra 1: Bunaithe ar thorthaí athbhreithniú reachtúil an Choimisiúin ar sholáthar ábhar seirbhíse poiblí, laghdóidh an Coimisiún ceanglais ionchuir ordaitheacha chun tacú le gealltanais chonarthacha bunaithe ar thorthaí agus aird á tabhairt aige, nuair is cuí, do sholáthar il-ardán an chraoltóra. [MT]

- Togra 2: Foilseoidh an Coimisiún doiciméad athbhreithnithe maidir le Bearta Rialála chun níos mó solúbthachta a thabhairt do chraoltóirí maidir leis an gcaoi a seachadann siad torthaí comhaontaithe, agus ard a bheith ar chineál seirbhíse, riachtanais lucht féachana, forbairtí teicneolaíochta, agus soláthar seirbhíse ilmheán. [MT]

**CEISTEANNA – Rialáil bunaithe ar Thorthaí agus Seachadadh Ilardáin**

4.6a An aontaíonn tú leis na tograí thuas? Mínigh do fhreagra.

4.6b Ar cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar an acmhainneacht le haghaidh oibleagáidí ilardáin do chraoltóirí? Cad iad na breithnithe ar cheart feidhm a bheith acu (e.g. formáid seirbhíse raidió, spriocluchta éisteachta)?

4.6c Cén chuma a bheadh ar mheasúnú ilardáin cothrom agus comhréireach ar oibleagáidí Ráiteas Beartais Cláir, e.g. cén fhianaise (sonraí ábhair, méadraigh, etc.) a mbeadh sé réalaíoch a iarraidh ar stáisiúin a sholáthar chun cur i bhfeidhm a léiriú?

[17] Alt 46L(6) d'Acht 2009.

4.6d Go sonrach, i ndáil le soláthar nuachta agus cúrsaí reatha: (i) ar cheart feidhm a bheith ag maoluithe maidir le raon níos leithne seirbhísí agus/nó ar cheart do mhaoluithe a bheith nasctha le tograí ábhair nuálacha le haghaidh ardáin eile? (ii) Ar cheart maoluithe iomlána maidir le nuacht agus cúrsaí reatha a bhreithniú i gcás seirbhísí atá dírithe ar cheol nó seirbhísí de chineál nideoige, faoi réir tograí malartacha nuálacha eile?

## 4.7 Intleacht Shaorga agus Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn

Rachaidh IS agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn i bhfeidhm ar chuir chuige ceadúnaithe agus rialála amach anseo. Go háirithe, féadfar a áireamh le breithnithe rialála amach anseo an chaoi a mbaintear cuspóirí luacha phoiblí amach i dtimpeallacht meán atá IS-chumasaithe níos mó agus níos mó, an chaoi a gcoinnítear cuntasacht eagarthóireachta agus iontaoibh lucht éisteachta ar bun, agus an chaoi a n-úsáidtear an teicneolaíocht chun tacú le hinrochtaineacht, iolracht, nuálaíocht agus inbhuanaitheacht san earnáil craolacháin.

Sa chomhthéacs sin, measann an Coimisiún gur cheart machnamh a dhéanamh ar na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann leis an intleacht shaorga agus le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn i gcomhthéacs chuspóirí níos leithne SSC. Seachas teicneolaíochtaí sonracha a rialáil, ba cheart díriú i gcónaí ar a chinntiú go leanann seirbhísí craolacháin amach anseo de nuacht agus faisnéis iontaofa a sholáthar, de phobail agus cultúr na hÉireann a léiriú, de thacú le hiolracht agus le héagsúlacht, agus de fhreastal ar lucht éisteachta na hÉireann ar bhealaí atá trédhearcach, cuntasach agus freagrúil d'ionchais atá ag athrú. De réir mar a leanann teicneolaíocht den fhorbairt, déanfaidh an Coimisiún monatóireacht ar fhorbairtí agus breithniú ar a n-impleachtaí le haghaidh rialáil agus ceadúnú seirbhísí craolacháin amach anseo in Éirinn.

Mar chuid den chomhairliúchán seo, iarrtar ar pháirtithe leasmhara a mheas conas is féidir an nuálaíocht a spreagadh, fad a chaomhnaítear luachanna na hiontaoibhe, trédhearcachta, cuntasachta eagarthóireachta agus luacha phoiblí atá mar bhonn faoi thírdhreach meán na hÉireann.

**4.7 Tograí – Intleacht Shaorga agus Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn**

- Togra 1: Déanfaidh an Coimisiún monatóireacht ar fhorbairtí san intleacht shaorga agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus breithniú ar a n-impleachtaí le haghaidh rialáil craolacháin, iontaoibh lucht éisteachta, iolracht na meán agus ábhar luacha phoiblí. [GT]
- Togra 2: Tacóidh an Coimisiún le heintitis rialáilte chun a n-oibleagáidí faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga agus creataí dlíthiúla eile is infheidhme a thuiscint agus déanfaidh sé trédhearcacht, cuntasacht eagarthóireachta, maoirseacht dhaonna, iontaoibh lucht éisteachta agus úsáid fhreagrach ábhair IS-ghinte agus IS-chuidithe a chur chun cinn i seirbhísí ceadúnaithe. [MT]

**CEISTEANNA – Intleacht Shaorga agus Teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn**

4.7a An aontaíonn tú leis na tograí thuas? Mínigh do fhreagra.

4.7b An gceapann tú gur cheart don Choimisiún teorainneacha a shocrú le haghaidh úsáid láithreoirí, guthanna, iriseoirí nó rannpháirtithe cláir IS-ghinte do sheirbhísí craolacháin ceadúnaithe? Má cheapann, cad iad na teorainneacha a bheadh cuí?

4.7c Ar cheart don Choimisiún a cheangal ar chraoltóirí beartais fhoirmiúla rialachais IS a choinneáil lena rialófar úsáid IS i ngníomhaíochtaí eagarthóireachta, táirgthe, comhlíonta, ar aghaidh lucht éisteachta agus i ngníomhaíochtaí oibríochtúla eile? Má cheapann tú gur cheart, cad ba cheart do na beartais sin aghaidh a thabhairt air?

4.7d Ar cheart a cheadú do sheirbhísí craolacháin ceadúnaithe oibriú go príomha agus teicneolaíochtaí IS á n-úsáid acu, ar choinníoll go gcoinnítear maoirseacht dhaonna, freagracht eagarthóireachta agus cuntasacht rialála chuí ar bun?

4.7e Cad iad na deiseanna a cheapann tú a chuireann IS ar fáil do chraoltóirí ceadúnaithe i réimsí ar nós na hinrochtaineachta, ábhar Gaeilge, rannpháirtíocht lucht éisteachta, éifeachtúlachta nó nuálaíochta?

## 4.8 An Creat Rialála Amach Anseo

Tá an Coimisiún ag breithniú conas is féidir an creat rialála amach anseo a fhorbairt chun a bheith níos dírithe ar thorthaí, neodrach ó thaobh ardáin de agus comhréireach, agus cuspóirí beartais craolacháin á gcosaint fós ag an am céanna.

Ag féachaint don todhchaí agus don acmhainneacht le haghaidh athchóiriú reachtach i gcaitheamh thréimhse SSC, tá an Coimisiún ag lorg tuairimí faoin gcaoi ar cheart gnéithe den chreat rialála a fhorbairt chun an saol mar atá a léiriú ar bhealach níos fearr a mhéid a bhaineann leis na meáin ilardáin, soláthar atá neodrach ó thaobh ardáin de, dáileadh digiteach agus teicneolaíochtaí craolacháin atá ag teacht chun cinn.

**4.8 Tograí – An Creat Rialála Amach Anseo**

- Togra 1: Déanfaidh an Coimisiún bearta sonracha a shainaithint, agus rachaidh sé i gcomhairle maidir leo, lena bhféadfaí an creat rialála craolacháin a athchóiriú nó a chuíchóiriú nó féachaint chuige go seasfaidh sé an aimsir, lena n-áirítear aon bheart a mbeidh gá le hathchóiriú reachtach ina leith. [GT - FT]
- Togra 2: Leanfaidh an Coimisiún ag déanamh monatóireachta ar fhorbairtí a bhaineann le hinfhaighteacht agus suntasacht ábhar Éireannach i dtimpeallachtaí digiteacha agus rialaithe ardáin chun bonn eolais a chur faoi bheartas agus/nó rialacha amach anseo. [MT]

**CEISTEANNA – An Creat Rialála Amach Anseo**

4.8a An aontaíonn tú leis na tograí thuas? Mínigh do fhreagra.

4.8b An bhfuil aon togra, saincheist nó gníomh eile ann ar cheart don Choimisiún a bhreithniú mar chuid den Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin athbhreithnithe?

# Aguisín a hAon

## Achoimre ar na Tograí

**4.1 Tograí – Prionsabail Ghinearálta**
Ag aithint di go mbeidh SSC ag feidhmiú thar thréimhse ina mbeidh athrú struchtúrach leanúnach ar thomhaltas fuaime agus closamhairc; dlús faoin dul chun cinn teicneolaíoch agus faoi dhigitiú na meán; brú airgeadais agus comhdhlúthú laistigh de na meáin neamhspleácha; tábhacht mhéadaithe na nuachta iontaofa agus na faisnéise áitiúla, agus an ceanglas maidir leo; agus athchóiriú reachtach ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon, beidh SSC oiriúnaitheach agus glacfaidh sí le cur chuige céimnithe, ina ndéanfar idirdhealú idir na nithe seo a leanas:

- ⇨ Is iad gníomhartha nó tionscnaimh **ghearrthéarmacha [ST]** na cinn is féidir a chur chun feidhme laistigh de chumhachtaí reachtúla reatha an Choimisiúin agus táthar ag súil go gcuirfear chun cinn iad laistigh de **12 mhí** ó fhoilsiú an SSC.
- ⇨ Is iad gníomhaíochtaí **meántéarmacha [MT]** na gníomhaíochtaí sin a bhféadfadh taighde breise, rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, treoirthionscadail, staidéir indéantachta, forbairt rialála, nó comhairliúchán breise a bheith ag teastáil ina leith. Táthar ag súil go ndéanfar dul chun cinn orthu laistigh de **1-3 bliana** ó fhoilsiú SSC.
- ⇨ D’fhéadfadh gníomhaíochtaí **fadtéarmacha [LT]** a bheith ag brath ar fhorbairtí margaidh níos leithne, ar athrú teicneolaíoch, ar chinntí beartais Rialtais, ar athchóiriú reachtach, nó ar infheistíocht shuntasach earnála agus meastar go ndéanfar dul chun cinn orthu laistigh de **3-5 bliana** ó fhoilsiú SSC.

**4.2 Tograí – Cuspóirí SSC**
Dá bhrí sin, beidh roinnt cuspóirí sonracha ag SSC mar seo a leanas:

a) Éagsúlacht agus iolracht i seirbhísí craolacháin a fheabhsú, lena n-áirítear iolracht úinéireachta agus ábhair;
b) Éascú a dhéanamh ar réimse éagsúil seirbhísí craolacháin agus ábhar ilmheán ó chraoltóirí is fearr a fhreastalaíonn ar riachtanais siamsaíochta, faisnéise agus oideachais phobal na hÉireann agus a fhreagraíonn dóibh, agus aird ar leith á tabhairt ar phobail nach ndéantar freastal ceart orthu;
c) Meascán guthanna, dearcthaí, tuairimí agus foinsí nuachta agus cúrsaí reatha sna meáin chlosamhairc a éascú, rud a chuireann leis an díospóireacht dhaonlathach agus leis an tsaoránacht ghníomhach in Éirinn;
d) Tacú le hinbhuanaitheacht níos fadtéarmaí seirbhísí ceadúnaithe;
e) Soláthar fíor-ama, ábhar beo fuaime agus closamhairc a áirithiú ar leibhéal an phobail, ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta;
f) Tírdhreach meán a chothú atá ionadaíoch ar éagsúlacht shochaí na hÉireann agus atá inrochtana di;
g) Cláir ardchaighdeáin a chothú agus a chur chun cinn a chuireann cultúr na hÉireann chun cinn, lena n-áirítear i nGaeilge;
h) Creat rialála a sholáthar lena n-aithnítear soláthar meán ilardáin craoltóirí mar fhreagairt ar riachtanais an phobail atá ag teacht chun cinn;
i) Cruthaitheacht agus nuálaíocht a spreagadh maidir le hábhar, seachadadh agus dáileadh mar ghnéithe sainiúla d'earnáil chlosamhairc na hÉireann;
j) Úsáid éifeachtúil speictrim a áirithiú;
k) Neamhspleáchas eagarthóireachta agus saoirse cainte a chosaint;
l) Tacú le soláthar agus infhionntacht leanúnach ábhair iontaofa nuachta agus cúrsaí reatha;
m) A chinntiú go mbreathnaítear ar sheirbhísí ceadúnaithe mar fhoinsí iontaofa ábhair;

n) Tacú le hinfhionntacht, inrochtaineacht agus suntasacht ábhar Éireannach agus seirbhísí meán iontaofa ar fud timpeallachtaí digiteacha.

**4.3 Tograí – Ceadúnú Raidió Amach Anseo**

Tá sé i gceist leis na tograí seo a leanas tacú le forbairt seirbhísí raidió amach anseo ar feadh shaolré an SSC.

- Togra 1: Déanfaidh an Coimisiún conarthaí atá ann cheana a fhógairt, a bhainistiú agus a athnuachan do gach raidió tráchtála agus raidió pobail náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. [ST]
- Togra 2: Déanfaidh an Coimisiún iniúchadh ar an bhféidearthacht do sheirbhísí nua craolacháin fuaime tráchtála ar chur ar bun ar an mbanda FM a dhíríonn ar phobail spéise agus/nó ar leasanna nideoige. [LT]
- Togra 3: Cuirfidh an Coimisiún fáilte roimh iarratais ar chonarthaí nua raidió an phobail ar an mbanda FM de réir na nósanna imeachta reatha do ghrúpaí pobail uaillmhianacha. [MT]
- Togra 4: Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le páirtithe leasmhara d'fhonn Treochlár DAB+ a fhorbairt ina sainaithneofar gníomhartha réamhcheadúnúcháin agus roghanna ceadúnaithe féideartha. Cinnteoidh an Coimisiún gur féidir aon roghanna ceadúnúcháin a aithnítear a chur i bhfeidhm go hincriminteach, ailínithe le héifeachtúlacht speictrim, inbhuanaitheacht, agus éileamh an mhargaidh agus an lucht féachana. [ST]
- Togra 5: Tabharfaidh an Coimisiún faoi thaighde bliantúil ar thomhaltas na meán a thacóidh le pleananna ceadúnaithe agus a thacóidh le hathruithe ar a shocruithe rialála thar thréimhse an BSS. [MT]
- Togra 6: Breithneoidh an Coimisiún a mhéid is féidir ceanglais rialála a shrathrú/a dhifríocht idir seirbhísí, ag féachaint do nithe amhail saghas, scála, sroicheadh lucht éisteachta, agus ardán dáilte. [MT]
- Togra 7: Leanfaidh an Coimisiún de shruthlíniú a dhéanamh ar an bpróiseas iarratais agus athrú conarthach do gach conradh raidió ar an mbanda FM agus ar na hardáin dhigiteacha (conarthaí soláthair lánais). [MT]
- Togra 8: Scrúdóidh an Coimisiún cé acu a léiríonn nó nach léiríonn na limistéir saincheadúnais atá ann faoi láthair patrúin reatha an daonra, na comaitéireachta agus an pobal, bunaithe ar thorthaí an chomhairliúcháin seo. [LT]
- Togra 9: Leanfaidh an Coimisiún ag déanamh monatóireachta ar fhorbairtí a théann i bhfeidhm ar infhaighteacht, inrochtaineacht agus suntasacht seirbhísí raidió/fuaime na hÉireann ar fud feithiclí nasctha, cainteoirí cliste, ardáin sruthú agus timpeallachtaí fuaime digiteacha eile. [ST]
- Togra 10: Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le craoltóirí, le soláthraithe ardáin agus le páirtithe leasmhara eile chun bearta féideartha a shainaithint a d'fhéadfadh tacú le hinfhaighteacht agus inrochtaineacht seirbhísí raidió na hÉireann agus ábhar fuaime ar luach poiblí i dtimpeallachtaí digiteacha. [MT]

**4.4 Tograí – Áitiúlachas, Réigiúnachas agus Luach Pobail**

Measann an Coimisiún gurb é carachtar seirbhíse croífhéiniúlacht agus cuspóir stáisiúin raidió, lena n-áirítear an spriocluchT féachana/an pobal a bhfreastalaíonn sé air, a fhormáid shonrach, agus na gealltanais chláir a chaithfidh sé a choinneáil le linn thréimhse an chonartha.

- Togra 1: Beidh gealltanais 'carachtar áitiúil' ag teastáil ó gach conradh craolacháin do na meáin réigiúnacha, áitiúla agus pobail. Beidh gealltanais ag teastáil ón gCoimisiún maidir le nuacht áitiúil, faisnéis áitiúil, nasc pobail, agus neamhspleáchas eagarthóireachta agus cuntasacht do sholáthraithe raidió réigiúnacha agus áitiúla. [ST]

### 4.5 Tograí – Ceadúnú Teilifíse Amach Anseo

- Togra 1: Éascóidh an Coimisiún próiseas oscailte ceadúnaithe teilifíse le haghaidh seirbhísí teilifíse tráchtála agus pobail digiteacha (faoi chonarthaí soláthair lánais). [GT]
- Togra 2: Éascóidh an Coimisiún cur chuige solúbtha i leith tréimhsí conartha, athnuachan conartha, agus éagsúlachtaí conartha le haghaidh conarthaí soláthair lánais. [GT]
- Togra 3: Geallfaidh an Coimisiún athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar DTT. Leis an athbhreithniú sin, breithneofar iompraíocht lucht féachana, forbairtí teicneolaíochta, beartas speictrim, costais dáileacháin, éileamh an mhargaidh, forbairtí i ndlínsí Eorpacha eile agus ról leanúnach DTT i dtacú le huilíocht, inrochtaineacht agus athléimneacht. [MT]
- Togra 4: Leanfaidh an Coimisiún de mhonatóireacht agus taighde a dhéanamh ar fhorbairtí sa réimse seo, lena n-áirítear tionscnaimh beartais ábhartha Eorpacha agus idirnáisiúnta, agus rachaidh sé i gcomhairle maidir leis na himpleachtaí a bheidh ann maidir le rochtain lucht féachana, iolracht, feiceálacht, infhionntacht agus ábhar luacha phoiblí thar shaolré an SSC seo. [FT]

### 4.6 Tograí – Rialáil bunaithe ar Thorthaí agus Seachadadh Ilardáin

- Togra 1: Bunaithe ar thorthaí athbhreithniú reachtúil an Choimisiúin ar sholáthar ábhar seirbhíse poiblí, laghdóidh an Coimisiún ceanglais ionchuir ordaitheacha chun tacú le gealltanais chonarthacha bunaithe ar thorthaí agus aird á tabhairt aige, nuair is cuí, do sholáthar il-ardán an chraoltóra. [MT]

- Togra 2: Foilseoidh an Coimisiún doiciméad athbhreithnithe maidir le Bearta Rialála chun níos mó solúbthachta a thabhairt do chraoltóirí maidir leis an gcaoi a seachadann siad torthaí comhaontaithe, agus ard a bheith ar chineál seirbhíse, riachtanais lucht féachana, forbairtí teicneolaíochta, agus soláthar seirbhíse ilmheán. [MT]

### 4.7 Tograí – Intleacht Shaorga agus Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn

- Togra 1: Déanfaidh an Coimisiún monatóireacht ar fhorbairtí san intleacht shaorga agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus breithniú ar a n-impleachtaí le haghaidh rialáil craolacháin, iontaoibh lucht éisteachta, iolracht na meán agus ábhar luacha phoiblí. [GT]
- Togra 2: Tacóidh an Coimisiún le heintitis rialáilte chun a n-oibleagáidí faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga agus creataí dlíthiúla eile is infheidhme a thuiscint agus déanfaidh sé trédhearcacht, cuntasacht eagarthóireachta, maoirseacht dhaonna, iontaoibh lucht éisteachta agus úsáid fhreagrach ábhair IS-ghinte agus IS-chuidithe a chur chun cinn i seirbhísí ceadúnaithe. [MT]

### 4.8 Tograí – An Creat Rialála Amach Anseo

- Togra 1: Déanfaidh an Coimisiún bearta sonracha a shainaithint, agus rachaidh sé i gcomhairle maidir leo, lena bhféadfaí an creat rialála craolacháin a athchóiriú nó a chuíchóiriú nó féachaint chuige go seasfaidh sé an aimsir, lena n-áirítear aon bheart a mbeidh gá le hathchóiriú reachtach ina leith. [GT - FT]
- Togra 2: Leanfaidh an Coimisiún ag déanamh monatóireachta ar fhorbairtí a bhaineann le hinfhaighteacht agus suntasacht ábhar Éireannach i dtimpeallachtaí digiteacha agus rialaithe ardáin chun bonn eolais a chur faoi bheartas agus/nó rialacha amach anseo. [MT]

# Aguisín a Dó

## Liosta na gCeisteanna Comhairliúcháin

**CEISTEANNA – Prionsabail Ghinearálta**

4.1a An aontaíonn tú leis na prionsabail ghinearálta mar a thugtar breac-chuntas orthu thuas?

4.1b An aontaíonn tú gur cheart don SSC a bheith ar ardleibhéal, leis na sonraí oibríochtúla atá i bpleananna ceadúnúcháin bliantúla agus sa doiciméad *Bearta Rialála* de chuid an Choimisiúin?

4.1c An aontaíonn tú gur cheart do SSC straitéis ceadúnúcháin an Choimisiúin a leagan amach don chéad tréimhse 5 bliana eile, nó ar cheart di a bheith níos giorra/níos faide? Mínigh do fhreagra.

4.1d An aontaíonn tú gur cheart don SSC gealltanas a thabhairt maidir le gníomhaíochtaí agus tionscnaimh ghearrthéarmacha, mheántéarmacha agus fhadtéarmacha mar a thugtar breac-chuntas orthu thuas?

**CEISTEANNA – Cuspóirí SSC**

4.2a An aontaíonn tú le gach ceann de na cuspóirí SSC thuas? Mínigh do fhreagra.

4.2b Ar cheart tosaíocht a thabhairt do chuspóirí áirithe thar chuspóirí eile? Mínigh do fhreagra.

4.2c An gceapann tú gur cheart cuspóirí eile a chur leis? Mínigh do fhreagra.

4.2d An aontaíonn tú leis an gcuspóir ceadúnúcháin chun freastal ar riachtanais an phobail nach ndéantar freastal ceart orthu agus measúnú á dhéanamh ar dheiseanna ceadúnúcháin amach anseo? Má tá, cad iad na pobail sprice nó na réimsí ábhair ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh?

4.2e Cén chaoi ar chóir don Choimisiún cothromaíocht a bhaint amach idir an cuspóir tacú le nuálaíocht agus le seirbhísí nua agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach na n-earnálacha a choinneáil?

**CEISTEANNA – Ceadúnú Raidió Amach Anseo**

4.3a An aontaíonn tú leis na tograí thuas? Mínigh do fhreagra.

4.3b An aontaíonn tú leis an togra gur cheart speictream FM a chur in áirithe do na roghanna a thugtar breac-chuntas orthu? Mura n-aontaíonn tú leis an tuairim seo, cad iad na cineálacha seirbhísí FM nua, más ann dóibh, ar cheart iad a chur san áireamh agus cén fáth?

4.3c Sainaithin pobail chomhleasa nua/bhreise a chreideann tú gur cheart do sheirbhísí raidió FM freastal orthu?

4.3d An bhfuil formáidí, seánraí nó cineálacha seirbhíse sonracha nach bhfuil ar fáil faoi láthair, nó nach bhfuil ar fáil a ndóthain, do lucht éisteachta na hÉireann ba cheart a chur san áireamh i bpróisis ceadúnaithe amach anseo? Mínigh do fhreagra.

4.3e An gceapann tú gur cheart do stáisiúin raidió FM atá ann cheana a bheith srianta fós do theorainneacha geografacha (contae/réigiúin) atá ann cheana i gcás ina bhfuil na seirbhísí sin inrochtana ar fud na tíre ar theicneolaíochtaí/ardáin eile? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

4.3f An aontaíonn tú nár cheart do sheirbhísí craolacháin fuaime sealadacha, seirbhísí craolacháin fuaime pobail píolótacha san áireamh, fógraíocht a chraoladh?

4.3g Cad iad na riachtanais nó tionchair lucht éisteachta a gceapann tú a bhféadfadh DAB+ aghaidh a thabhairt orthu nach bhfuil á soláthar cheana ag an raon seirbhísí FM, nó nach féidir leo iad a sholáthar? Go háirithe, an bhféadfadh DAB+ tacú le seirbhísí nideoige nó speisialaithe, nó freastal ar lucht éisteachta nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh air ar bhealach níos fearr? I dtaca leis sin, ar cheart do DAB+ tús áite a thabhairt do chlúdach náisiúnta, réigiúnach, áitiúil nó ar mhionscála? Mínigh agus tabhair cúiseanna le do fhreagraí.

4.3h I gcás seirbhísí a oibríonn ar bhonn DAB amháin, ar cheart feidhm a bheith ag gealltanais áitiúla/réigiúnacha, chultúrtha, nuachta agus gealltanais ábhair eile?

4.3i Cad iad na gnéithe, tacaíochtaí, bearta nó dreasachtaí a bheadh riachtanach chun DAB+ a dhéanamh tarraingteach do chraoltóirí atá ann cheana, d'iontrálaithe féideartha nua agus don lucht éisteachta?

4.3j Cad iad na bearta ba chóir do chraoltóirí, do sholáthraithe ardáin, do lucht déanta beartas nó do rialtóirí a dhéanamh, más ann dóibh, chun tacú le hinfhaighteacht agus inrochtaineacht seirbhísí raidió na hÉireann agus ábhar fuaime ar luach poiblí i dtimpeallachtaí digiteacha?

**CEISTEANNA – Áitiúlachas, Réigiúnachas agus Luach Pobail**

4.4a An aontaíonn tú gur cheart a cheangal ar sheirbhísí raidió a cheadúnaítear mar sheirbhísí áitiúla nuacht, spórt agus croífhaisnéis áitiúil amhail trácht, faisnéis taistil agus aimsir a chur ar fáil? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

4.4b Conas ba cheart don Choimisiún 'áitiúlachas' a shainiú ó thaobh ionchuir (más ann dó) agus aschur de; cad iad na saintréithe a cheapann tú atá is tábhachtaí chun féiniúlacht áitiúil nó réigiúnach seirbhíse craolacháin a chinntiú? Conas is féidir leis an gCoimisiún áitiúlachas a chosaint gan ionchur áitiúil, mar shampla, iriseoirí agus foireann ar an láthair, a bheith ag teastáil?

4.4c Cad iad do bharúlacha faoi stáisiúin raidió áitiúla agus réigiúnacha a bheith ag líonrú/comhchraoladh clár le seirbhísí raidió eile a fhreastalaíonn ar phobail agus ar cheantair eile? An laghdófaí leis sin a mhéid a fhreastalaíonn seirbhísí ar riachtanais lucht éisteachta áitiúil agus réigiúnaigh? An n-athrófaí do bharúil dá gcuirfí srian le cláir líonraithe d'uaireanta seachbhuaice, ar nós tráthnóntaí nó thar oíche?

**CEISTEANNA – Ceadúnú Teilifíse Amach Anseo**

4.5a An aontaíonn tú leis na tograí thuas? Mínigh do fhreagra.

4.5b Cad iad na bacainní rialála, teicniúla, tráchtála nó eile, más ann dóibh, a théann i bhfeidhm ar bhunú nó inbhuanaitheacht seirbhísí teilifíse nó físeáin ar éileamh in Éirinn?

4.5c Ar cheart don Choimisiún cur chuige níos réamhghníomhaí a ghlacadh i leith ceadúnú teilifíse, mar shampla, trí chineálacha sonracha seirbhísí a spreagadh? Mínigh do fhreagra.

4.5d Ar cheart do chonarthaí soláthair lánais íoscheanglais maidir le hábhar cultúrtha Éireannach agus ábhar luacha phoiblí a áireamh? Má cheapann tú gur cheart, cad iad na cineálacha ceanglas a bheadh oiriúnach?

4.5e An aontaíonn tú gur cheart an leibhéal soláthair seirbhíse DTT/*Saorview* atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun? Mínigh do fhreagra.

**CEISTEANNA – Rialáil bunaithe ar Thorthaí agus Seachadadh Ilardáin**

4.6a An aontaíonn tú leis na tograí thuas? Mínigh do fhreagra.

4.6b Ar cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar an acmhainneacht le haghaidh oibleagáidí ilardáin do chraoltóirí? Cad iad na breithnithe ar cheart feidhm a bheith acu (e.g. formáid seirbhíse raidió, spriocluct éisteachta)?

4.6c Cén chuma a bheadh ar mheasúnú ilardáin cothrom agus comhréireach ar oibleagáidí Ráiteas Beartais Cláir, e.g. cén fhianaise (sonraí ábhair, méadraigh, etc.) a mbeadh sé réalaíoch a iarraidh ar stáisiúin a sholáthar chun cur i bhfeidhm a léiriú?

4.6d Go sonrach, i ndáil le soláthar nuachta agus cúrsaí reatha: (i) ar cheart feidhm a bheith ag maoluithe maidir le raon níos leithne seirbhísí agus/nó ar cheart do mhaoluithe a bheith nasctha le tograí ábhair nuálacha le haghaidh ardáin eile? (ii) Ar cheart maoluithe iomlána maidir le nuacht agus cúrsaí reatha a bhreithniú i gcás seirbhísí atá dírithe ar cheol nó seirbhísí de chineál nideoige, faoi réir tograí malartacha nuálacha eile?

**CEISTEANNA – Intleacht Shaorga agus Teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn**

4.7a An aontaíonn tú leis na tograí thuas? Mínigh do fhreagra.

4.7b An gceapann tú gur cheart don Choimisiún teorainneacha a shocrú le haghaidh úsáid láithreoirí, guthanna, iriseoirí nó rannphháirtithe cláir IS-ghinte do sheirbhísí craolacháin ceadúnaithe? Má cheapann, cad iad na teorainneacha a bheadh cuí?

4.7c Ar cheart don Choimisiún a cheangal ar chraoltóirí beartais fhoirmiúla rialachais IS a choinneáil lena rialófar úsáid IS i ngníomhaíochtaí eagarthóireachta, táirgthe, comhlíonta, ar aghaidh lucht éisteachta agus i ngníomhaíochtaí oibríochtúla eile? Má cheapann tú gur cheart, cad ba cheart do na beartais sin aghaidh a thabhairt air?

4.7d Ar cheart a cheadú do sheirbhísí craolacháin ceadúnaithe oibriú go príomha agus teicneolaíochtaí IS á n-úsáid acu, ar choinníoll go gcoinnítear maoirseacht dhaonna, freagracht eagarthóireachta agus cuntasacht rialála chuí ar bun?

4.7e Cad iad na deiseanna a cheapann tú a chuireann IS ar fáil do chraoltóirí ceadúnaithe i réimsí ar nós na hinrochtaineachta, ábhar Gaeilge, rannpháirtíocht lucht éisteachta, éifeachtúlachta nó nuálaíochta?

**CEISTEANNA – An Creat Rialála Amach Anseo**

4.8a An aontaíonn tú leis na tograí thuas? Mínigh do fhreagra.

4.8b An bhfuil aon togra, saincheist nó gníomh eile ann ar cheart don Choimisiún a bhreithniú mar chuid den Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin athbhreithnithe?

# Aguisín a Trí

## Liosta na seirbhísí ceadúnaithe

**Craoltóirí Raidió Tráchtála**

- Seirbhísí áitiúla i bhformáid leathan:
    1) C103
    2) Clare FM
    3) Galway Bay FM
    4) East Coast FM
    5) Highland Radio
    6) KCLR 96FM
    7) Kfm
    8) Live 95FM
    9) LMFM
    10) Mid West Radio
    11) Midlands 103
    12) Northern Sound
    13) Ocean FM
    14) Radio Kerry
    15) Shannonside
    16) South East Radio
    17) Tipp FM
    18) WLR FM

- Seirbhísí áitiúla atá dírithe ar cheol:
    1) 98FM
    2) Cork's 96FM
    3) Cork's Red FM
    4) FM104
    5) Q102
    6) Radio Nova
    7) Spin 1038
    8) Sunshine 106.8

- Seirbhísí réigiúnacha atá dírithe ar cheol don déimeagrafach 15-34:
    1) Beat
    2) iRadio
    3) SPIN South West

- Seirbhís ilchathrach atá dírithe ar cheol:
    1) Classic Hits Radio

- Seirbhís chuasanáisiúnta nuachta agus cainte:
    1) Newstalk

- Seirbhís chuasnáisiúnta pobail spéise (Críostaí):
    1) Spirit Radio

- Seirbhís náisiúnta i bhformáid leathan:
    1) Today FM

**Craoltóirí Raidió Pobail**

1) Athlone Community Radio
2) Claremorris Community Radio
3) Community Radio Castlebar
4) Community Radio Kilkenny City
5) Community Radio Youghal
6) Connemara Community Radio
7) Dublin City FM
8) Dublin South FM
9) Dundalk FM
10) Liffey Sound 96.4FM
11) Near FM
12) Phoenix FM
13) Raidió Corca Baiscinn
14) Ros FM
15) Scariff Bay Community Radio
16) Tipp Mid West Radio

**Craoltóirí Raidió Pobail Spéise**

1) Raidió na Life
2) Flirt FM
3) UCC 98.3FM
4) Life FM

**Craoltóirí Teilifíse Tráchtála**

1) Virgin Media One
2) Virgin Media Two
3) Virgin Media Three
4) Virgin Media Four

**Craoltóirí Teilifíse Pobail**

1) Dublin Community Television
2) Cork Community Television

**Craoltóirí Seirbhíse Poiblí**

1) RTÉ 1
2) RTÉ 2
3) TG4
4) Teilifís an Oireachtais, Tithe an Oireachtais
5) RTÉ Radio 1
6) RTÉ 2FM
7) RTÉ Raidió na Gaeltachta
8) RTÉ Lyric FM

# Aguisín a Ceathair

## Liosta doiciméadachta gaolmhaire

1. An Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin atá ann faoi láthair – Straitéis-um-Sheirbhísí-Craolacháin.pdf
2. Bearta Rialála – Bearta-Rialála-Ceadúnaithe.pdf
3. Glao ar Léirithe Spéise (19/09/2025) – Aighneachtaí spéise i seirbhísí craolacháin fuaime tráchtála nua

# Aguisín a Cúig

## Liosta téarmaíochta

| | |
|---|---|
| Acht 2009 | An tAcht Craolacháin 2009 |
| IS | Intleacht Shaorga |
| An Gníomh um an Intleacht Shaorga | Gníomh AE um an Intleacht Shaorga (Rialachán AE 2024/1689) |
| Ábhar IS-Chuidithe | Ábhar a cruthaíodh, a ndearnadh eagarthóireachta air, a feabhsaíodh nó a forbraíodh ar shlí eile le cúnamh córas IS, agus é fós faoi réir ionchur, athbhreithniú nó rialú eagarthóireachta daonna ag an am céanna. |
| Ábhar IS-Ghinte | Ábhar fuaime, físe nó téacs a cruthaíodh go hiomlán nó go substaintiúil trí chórais intleachta saorga. |
| Rialachas IS | Na beartais, nósanna imeachta, rialuithe agus socruithe maoirseachta a úsáideann eagraíocht chun cur i bhfeidhm agus úsáid córas intleachta saorga a bhainistiú. |
| Láithreoir IS | Láithreoir fíorúil nó sintéiseach a ghintear ina iomláine nó i bpáirt agus teicneolaíochtaí intleachta saorga á n-úsáid. |
| Córas Algartamach Moltaí | Córas a úsáideann próisis uathoibrithe, lena n-áirítear intleacht shaorga, chun ábhar a mholadh, a chur chun cinn nó tús áite a thabhairt dó do lucht féachana nó éisteachta. |
| Iontaoibh Lucht Féachana nó Éisteachta | An mhuinín a chuireann lucht féachana nó éisteachta i seirbhís meán, ina hábhar agus ina próisis eagarthóireachta, lena n-áirítear a gcreideamh go mbíonn an fhaisnéis cruinn, iontaofa, trédhearcach agus táirgthe i gcomhréir le caighdeáin aitheanta iriseoireachta agus craolacháin. |
| AVMSD | An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (2018/1808) |
| BAI | Údarás Craolacháin na hÉireann |
| SSC | An Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin |
| BVoD | Físeán ar Éileamh ó Chraoltóirí |
| Pobal Spéise | Grúpa daoine a bhfuil spéis, saintréith, féiniúlacht, teanga, creideamh, cultúr nó taithí choiteann acu agus a bhféadfadh seirbhís craolacháin thiomnaithe freastal orthu. |
| Raidió Pobail | Seirbhís craolacháin sheachbhrabúsach a oibríonn pobal nó pobal spéise dóibh féin lena gcuirtear sochar sóisialta agus deiseanna rannpháirtíochta ar fáil do dhaoine den phobal sin. |
| ComReg | An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide |
| Teilifís Nasctha | Teilifíseán atá nasctha leis an idirlíon agus atá in ann seirbhísí closamhairc sruthaithe, ar éileamh agus ar líne a rochtain. |
| Conradh Soláthair Lánais | Conradh a bhronnann an Coimisiún faoi alt 71 den Acht Craolacháin 2009 chun ábhar cláir a sholáthar lena tharchur trí líonra cumarsáide leictreonaí. |
| DAB+ | Craoladh Digiteach Fuaime Plus. Teicneolaíocht craolacháin raidió dhigitigh trastíre atá in ann seirbhísí raidió iomadúla agus seirbhísí sonraí gaolmhara a tharchur laistigh d’ilphléacs amháin. |
| Domhainbhrionnú | Ábhar sintéiseach fuaime, físe nó íomhá a léiríonn duine, guth, imeacht nó cás nár tharla ar bhealach réalaíoch, nó a dhéanann athrú ábhartha ar ábhar barántúil ar bhealach a d’fhéadfadh lucht féachana nó éisteachta a chur ar míthreoir maidir lena bharántúlacht. |

| | |
|---|---|
| Infhionntacht | An cumas atá ag lucht féachana nó éisteachta ábhar a aimsiú, a rochtain nó dul i ngleic leis thar ardáin dhigiteacha, gléasanna nasctha, feidhmeanna cuardaigh agus córais moltaí. |
| An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha | Gníomh AE um Sheirbhísí Digiteacha |
| DTT | Teilifís Dhigiteach Trastíre – Seirbhísí teilifíse a tharchuirtear trí bhonneagar craolacháin trastíre agus a ghlactar trí aeróg seachas trí líonraí satailíte, cábla nó leathanbhanda. |
| Ilphléacs DTT | Ardán tarchurtha teilifíse digití trastíre atá in ann seirbhísí iomadúla teilifíse nó closamhairc a chraoladh laistigh de leithdháileadh speictrim aonair. |
| Cuntasacht Eagarthóireachta | An fhreagracht atá ar chraoltóir nó ar sholáthraí seirbhíse as an ábhar a dhéanann sé a chruthú, a choimisiúnú, a choimeád, a dháileadh nó a chur ar fáil do lucht féachana nó éisteachta. |
| Rialú Eagarthóireachta | Feidhmiú an rialaithe éifeachtaigh maidir le hábhar a roghnú, a eagrú, a chur i láthair agus a fhoilsiú, lena n-áirítear an fhreagracht as cinntí eagarthóireachta agus as ceanglais dhlíthiúla agus rialála a chomhlíonadh. |
| Freagracht Eagarthóireachta | An fhreagracht as a chinntiú go gcomhlíonann ábhar caighdeáin dhlíthiúla, rialála agus eagarthóireachta, beag beann ar na huirlisí nó na teicneolaíochtaí a úsáideadh ina léiriú nó ina dháileadh. |
| EECC | An Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach |
| Faisnéis Éigeandála | Faisnéis a chuirtear in iúl do lucht féachana nó éisteachta le linn éigeandálaí, teagmhais drochaimsire, teagmhais sábháilteachta poiblí, géarchéimeanna nó cásanna eile inar gá faisnéis iontaofa a d'fhéadfadh beathaí a shábháil a scaipeadh go tráthúil. D'fhéadfadh foláirimh, rabhaidh, treoracha, nuashonruithe agus teachtaireachtaí oifigiúla sábháilteachta poiblí a bheith i gceist leis sin. |
| GESM | An Gníomh Eorpach (AE) um Shaoirse na Meán 2024/1083 |
| FAST | Teilifís Sruthaithe Saor in Aisce le Tacaíocht Fógraí. Seirbhís teilifíse a sheachadtar tríd an idirlíon agus a mhaoinítear go príomha trí fhógraíocht seachas trí shíntiús. |
| Réimse Saincheadúnais | An limistéar geografach a shonraíonn an Coimisiún maidir le soláthar seirbhíse craolacháin ceadúnaithe. |
| RGCS | An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (2016/679) |
| Scéim Ghinearálta | Scéim Ghinearálta an Bhille Craolacháin (Leasú) 2026 |
| Maoirseacht Dhaonna | Rannpháirtíocht fhónta dhaonna in ábhar nó cinntí, a tháirgtear le cúnamh córas uathoibrithe nó intleachta saorga, a chruthú, a athbhreithniú nó a mhonatóiriú. |
| Indecon | Indecon International Consultants |
| IP | Prótacal Idirlín |
| IPTV | Seirbhísí teilifíse a sheachadtar agus líonraí prótacail idirlín nó leathanbhanda á n-úsáid. |
| Plean Ceadúnaithe | Plean a fhoilsíonn Coimisiún na Meán lena dtugtar breac-chuntas ar cheadúnú réamhghníomhach raidió agus teilifíse atá beartaithe le haghaidh tréimhse ar leith. |
| Carachtar Áitiúil | Croífhéiniúlacht agus cuspóir seirbhíse ceadúnaithe áitiúla nó réigiúnaí, lena n-áirítear a sprioclucht féachana nó éisteachta, a formáid, a fócas geografach agus a gealltanais maidir le clársceidealú. |
| JNLR | An Comhthaighde Náisiúnta ar Lucht Éisteachta a dhéanann Ipsos B&A |
| LDRS | Scéim Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil a riarann Coimisiún na Meán |

| | |
|---|---|
| Iolracht na Meán | Infhaighteacht éagsúlachta maidir le seirbhísí meán, struchtúir úinéireachta, dearcthaí, ábhar agus foinsí nuachta agus faisnéise. |
| Soláthar Meán Ilardáin | Dáileadh ábhair thar ardáin nó seirbhísí iomadúla, lena n-áirítear craoladh, sruthú, suíomhanna gréasáin, feidhmchláir mhóibíleacha, na meáin shóisialta agus gléasanna nasctha. |
| Ilphléacs | Ardán tarchuir dhigitigh atá in ann seirbhísí iomadúla raidió nó teilifíse a chraoladh laistigh de leithdháileadh speictrim aonair. |
| O&O | Oliver & Ohlbaum Associates |
| Rialáil bunaithe ar Thorthaí | Cur chuige rialála lena ndírítear ar an luach poiblí agus ar na torthaí a sholáthraíonn seirbhís, seachas an chaoi a mbaintear na torthaí sin amach a fhorordú. |
| Rialáil atá Neodrach ó Thaobh Ardáin de | Cur chuige rialála lena ndírítear ar thorthaí agus ar oibleagáidí, seachas ar an ardán teicneolaíochta a úsáidtear chun ábhar a sheachadadh. |
| Feiceálacht | A mhéid a dhéantar ábhar nó seirbhísí meán infheicthe nó inaimsithe go héasca do lucht féachana nó éisteachta trí chomhéadain úsáideora, eolairí leictreonacha clár, feidhmeanna cuardaigh, córais moltaí nó dearadh ardáin. |
| MSP/CSP | Meáin Seirbhíse Poiblí/Craoltóir Seirbhíse Poiblí |
| Clársceidealú chun Leas an Phobail | Ábhar a rannchuidíonn le plé daonlathach, rannpháirtíocht shibhialta, saoránacht fheasach, cuntasacht phoiblí, léiriú cultúrtha nó rannpháirtíocht an phobail. |
| Ábhar Seirbhíse Poiblí | Ábhar a fhreastalaíonn ar riachtanais dhaonlathacha, chultúrtha, oideachasúla, teanga nó shóisialta lucht féachana nó éisteachta agus a bhfuil feidhm phoiblí leis, beag beann ar an ardán trína seachadtar é. |
| Luach Poiblí | Na tairbhí sochaíocha, cultúrtha, daonlathacha agus faisnéise a sholáthraíonn seirbhísí meán do lucht féachana agus éisteachta agus do phobail. |
| Ábhar Luacha Phoiblí | Ábhar a thugann tairbhí sochaíocha, cultúrtha, daonlathacha, oideachasúla, teanga, faisnéise nó pobail do lucht féachana nó éisteachta, lena n-áirítear nuacht agus cúrsaí reatha, faisnéis áitiúil, ábhar cultúrtha Éireannach, ábhar as Gaeilge, cláir oideachasúla agus ábhar eile a chuireann le leas an phobail. |
| Córas Moltaí | Córas a úsáideann sonraí, algartaim nó intleacht shaorga chun ábhar a mholadh d'úsáideoirí. |
| Saorview | Ardán náisiúnta Teilifíse Digití Trastíre (DTT) na hÉireann. |
| Speictream | Minicíochtaí raidió a úsáidtear le haghaidh cumarsáid gan sreang, lena n-áirítear seirbhísí craolacháin raidió agus teilifíse. |
| Meáin Shintéiseacha | Ábhar fuaime, amhairc, closamhairc nó téacs a gineadh, a ionramháladh nó a athraíodh ina iomláine nó i bpáirt trí intleacht shaorga nó teicneolaíochtaí uathoibrithe eile a úsáid, lena n-áirítear guthanna sintéiseacha, láithreoirí fíorúla agus ábhar domhainbhrionnaithe. |
| SVoD | Físeán ar Éileamh ar Síntiús |
| Guth Sintéiseach | Guth a gineadh nó a macasamhlaíodh trí intleacht shaorga nó teicneolaíochtaí uathoibrithe eile. |
| Lucht féachana nó éisteachta nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh air | Grúpa lucht féachana nó éisteachta nach bhfuil freastal leormhaith á dhéanamh ar a riachtanais, spéiseanna, dearcthaí ná roghanna ábhair ag na seirbhísí meán atá ann cheana. |
| VoD | Físeán ar Éileamh |